Tuarascáil Bhliantúil 2006

Revenue

Is féidir a thuilleadh cóipeanna den doiciméad seo a fháil ó:

An t-Aonad Preasa agus Caidrimh Phoiblí
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

Guthán: 01 702 4113
Facs: 01 679 2035
Ríomhphost: revpress@revenue.ie

Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín Ioncaim: www.revenue.ie

Uimhir ISSN: 1649-5292
Uimhir PRN: A7/0887

Caisleán Bhaile Átha Cliath
Bealtaine 2007

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú agus na rialacháin maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtúil

Tuarascáil Bhliantúil 2006

An ceathrú Thuarascáil Bhliantúil is ochtú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006, lena n-áirítear dul chun cinn ar fheidhmiú Ráitis Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, arna bronnadh ar an Aire Airgeadais.

Bealtaine 2007

Revenue

Innéacs Táblaí agus Cairteanna

Tábla 1:	*Méid Iomlán a Bailíodh/Admhálacha Iomlána*	*9*
Tábla 2:	*Ioncam Iomlán/Glanfháltais*	*10*
Tábla 3:	*Míreanna Íocaíochta don Ard Bhailitheoir i 2006*	*13*
Tábla 4:	*An Méid Gnó 2006*	*14*
Tábla 5:	*An Meán-Chéatadán Cánach a Bailíodh Faoin Dáta Dlite*	*15*
Tábla 6:	*Comhlíonadh Tuairisceán/Íocaíochta do na Cásanna is Mó, do na Meánchásanna agus do Gach Cás Eile*	*16*
Tábla 7:	*Clár Laghdaithe Fiachais*	*16*
Tábla 8:	*Tuairisceáin Leictreonacha 2006 v 2005*	*20*
Tábla 9:	*Idirbhearta Íocaíochta i ROS*	*21*
Tábla 10:	*Caighdeáin agus Torthaí Seirbhísí Chustaiméirí*	*22*
Tábla 11:	*Tionscadal na hEarnála Tógála - Torthaí ón gClár Iniúchta*	*25*
Tábla 12:	*Gníomhaíocht Iniúchta agus Dearbhaithe 2006*	*27*
Tábla 13:	*Torthaí Chlár Tástála ar Chomhlíonadh Cánach*	*30*
Tábla 14:	*Ionchúisimh de bhrí nár Comhadaíodh Tuairisceáin Cháin Ioncaim agus Cháin Chorparáide*	*30*
Tábla 15:	*Cláir Fhorfheidhmithe Bailithe*	*31*
Tábla 16:	*Díscríobh*	*32*
Tábla 17:	*Imscrúdú Sócmhainní Eischósta – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006*	*33*
Tábla 18:	*Imscrúdú Ansbacher – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006*	*34*
Tábla 19:	*Cuntais Bhréige Neamh-Chónaitheacha (BNR) – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006*	*34*
Tábla 20:	*Cistí Neamhnochtaithe – Táirgí Árachais Saoil – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006*	*35*
Tábla 21:	*Árachas Míochaine Cléireachais(CMI) – Scéim Bhanc Náisiúnta na hÉireann (CMI/NIB) hÉreann (CMI/NIB)*	*35*
Tábla 22:	*Ionchúisimh agus Tarchurtha ar Ionchúisimh i 2006*	*36*
Tábla 23:	*Urghabhálacha Drugaí i 2006*	*37*
Tábla 24:	*Táirgí Máil a Gabhadh i 2006*	*38*
Tábla 25:	*Ionchúisimh agus Ciontuithe Custaim, Máil agus CCF*	*39*
Tábla 26:	*Earraí Góghumtha agus Bradacha*	*40*
Tábla 27:	*Spriocanna don Chothromaíocht Inscne*	*46*
Tábla 28:	*Costas Riaracháin mar Chéatadán d'Ollfháltais*	*48*
Tábla 29:	*Staitisticí Maidir le hÍoc Cuntas, 2006*	*50*
Tábla 30:	*Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach*	*58*
Tábla 31:	*Athbhreithnithe Inmheánacha i 2006*	*60*
Tábla 32:	*Gearáin a Bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a Cuireadh Chuig an Ombudsman i 2006*	*61*
Tábla 33:	*Gearáin a Bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a Thug an tOmbudsman Chun Críche i 2007*	*61*
Tábla 34:	*Iarratais Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI)*	*61*

Cairt 1:	*Glanfháltais Cánacha Neamhdhíreacha*	*12*
Cairt 2:	*Fáltais Chánacha Díreacha & Chaipitiúla*	*13*
Cairt 3(A):	*Ollfháltais Iomlána*	*17*
Cairt 3(B):	*Riaráistí Iomlána mar Chéatadán d'Ollfháltais Iomlána*	*17*
Cairt 4:	*Ríomh-chomhadú v Comhadú Iomlán i 2006*	*20*
Cairt 5:	*Tionscadal na hEarnála Tógála - Foinse Thorthaí Iniúchta*	*25*
Cairt 6:	*Caiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i 2006*	*48*

Clár Ábhar

Réamhráiteas 4

Príomh-Ghnóthachtálacha agus Príomh-Thionscnaimh i 2006 6

Sprioc 1 A Chinntiú go gComhlíonfaidh Gach Duine a Chuid nó a Cuid Freagrachtaí Cánacha agus Custaim 8

Straitéis 1.1 Toradh Comhlíonta ó bhailiúchán Cánach agus Dleachta a Éascú agus a Spreagadh 9

Tionscadal Náisiúnta na hEarnála Tógála 2006 24

Straitéis 1.2 Aghaidh a Thabhairt ar Imghabháil, Seachaint agus Neamhchomhlíonadh agus sin a Laghdú 26

Sprioc 2 A bheith inár nEagraíocht Chumasach, Sholúbtha, a bheidh Dírithe ar Thorthaí 44

Straitéis 2.1 Ár nDaoine a Fhorbairt 45

Straitéis 2.2 Ár nEagraíocht a Fheabhsú 48

Straitéis 2.3 Ár gCumas trí Theicneolaíocht a Fheabhsú 51

Sprioc 3 Ár bPáirt a ghlacadh go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta 52

Straitéis 3.1 Ár bPáirt a ghlacadh i gCláir Rialtais 53

Straitéis 3.2 Ár bPáirt a ghlacadh go hIdirnáisiúnta 56

Cuntasaíocht ar ár bhFeidhmíocht 60

Riar Corparáideach 62

Aguisín – Táblaí Staitistiúla 64

Réamhráiteas

Feidhmíocht Bhailiúchán Cánach: €3.7 Billiún Chun Tosaigh ar Sprioc

Bhí feidhmíocht láidir ag na Coimisinéirí Ioncaim ina gcuid réimsí gnó go léir sa bhliain 2006. Bhí an fheidhmíocht maidir le cáin a bhailiú thar barr amach is amach. B'ionann na glanfháltais agus breis agus €45.5 billiún, thart ar €6 billiún níos mó ná an figiúir don bhliain 2005 agus beagnach €3.7 billiún os cionn meastachán an Bhuiséid (Tábla 2). Ba i gCáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla agus i nDleacht Stampa is fearr a rinneadh – agus b'ionann iad agus 54% d'iomlán na bhfáltas cánach breise. Shroich an toradh iomlán ó na imscrúduithe speisialta leanúnacha beagnach €2.3 billiún faoi dheireadh na bliana 2006. Tháinig €55.3 milliún agus €33 milliún den €119 milliún a bailíodh sa bhliain 2006 ó Shócmhainní Eischósta agus ó Pholasaithe Árachais Préimhe Aonair faoi seach. Chuir idirghabhálacha Iniúchta Ioncaim agus Dearbhaithe €692 milliún breise leis sin.

Tionscnaimh Sheirbhísí do Chustaiméirí

Sheol na Coimisinéirí Ioncaim roinnt tionscnamh sheirbhísí do chustaiméirí i rith na bliana 2006. Bhí leathadh amach raon roghanna féinseirbhíse ar líne agus gutháin do cháiníocóirí ÍMAT ar an bpríomhcheann de na tionscnaimh sin. Trí na seirbhísí sin, cuirtear rochtain níos fearr ar a gcomhaid chánacha agus idirghníomhú níos fearr ar fáil do gach duine dár 2.2 milliún cainíocóir ÍMAT agus ligtear dóibh, go bunúsach, a ngnóthaí cánach pearsanta a 'fhéinbhainistiú'.

Rinneamar feachtas poiblíochta náisiúnta a reáchtáil in éineacht leis na seirbhísí nua chun aird a tharraingt ar an bhfáil atá ar raon leathan faoiseamh agus creidmheasanna cánach agus na daoine sin atá i dteideal iad a éileamh a spreagadh chun sin a dhéanamh.

Chuireamar tograí, bunaithe ar eolas ó thríú páirtithe, os comhair an Aire Airgeadais maidir le creidmheasanna agus aisíocaíochtaí cánach áirithe, mar chostais sláinte, a dheonú go huathoibríoch. Tá reachtaíocht chumasaithe chun na bearta sin a chlúdach san Acht Airgeadais 2007.

Chuamar i mbun suirbhé freisin sa bhliain 2006 ar 2,000 gnó beaga agus gnó ar mheánmhéid chun a dtaithí maidir le bheith ag déileáil leis na Coimisinéirí Ioncaim a mheas. Bhí torthaí an tsuirbhé thar a bheith spreagúil. Tá leibhéal ard sástachta ann i measc custaiméirí maidir le seachadadh seirbhísí - tá 84% de na freagróirí sásta lenár seirbhísí. Bhí dhá thrian de na freagróirí ar aon intinn freisin go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim cóir, éifeachtúil agus éifeachtach agus iad ag déileáil le himghabháil cánach agus go bhfuil sé ceart ag an bpobal muinín a bheith acu as na Coimisinéirí Ioncaim.

Tionscadail agus Anailís Riosca

Chuamar i mbun sraith tionscadal Náisiúnta agus Réigiúnach i rith na bliana 2006 chun an leibhéal neamhchomhlíonta cánach i roinnt earnálacha gnó a chainníochtú agus chun aghaidh a thabhairt air. Ba ar an earnáil tógála a dhíríomar ár n-aird go príomha agus chuireamar 25% dár n-acmhainní iniúchta agus comhlíonta ag obair ar an earnáil sin. Tá torthaí na dtionscadal earnála léirithe sa Tuarascáil seo.

Leathadh amach ár gCóras nua ríomhaire-bhunaithe Mheastóireacht Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP) freisin go náisiúnta sa bhliain 2006.

Ionchúisimh

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh ag díriú go leor acmhainní ar chásanna lena mbaineann imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta a aithint agus a ullmhú lena n-ionchúiseamh. Baineadh amach seacht gciontú sa bhliain 2006. Cé go raibh leibhéal na n-ionchúiseamh maidir le himghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta níos ísle ná leibhéal na bliana 2005, d'ardaigh líon na gcásanna sa phróiseas Cúirte faoi dheireadh na bliana ó 15 go 22. Baineadh amach 515 ciontú eile i gcionta achoimre, mar smuigléireacht toitíní, trádáil gan cheadúnas, cionta Ola Mianraí Marcáilte agus sciúradh ola agus baineadh amach 1,295 ciontú as neamh-chomhadú thuairisceáin chánach.

An tSochaí a Chosaint

Bhí ról lárnach ag na Coimisinéirí Ioncaim arís i 2006 maidir leis an tsochaí a chosaint ó dhrugaí mídhleathacha, ó chontrabhanna agus ó fhoirmeacha eile coiriúlachta. Rinne ár Seirbhís Custaim 1,523 urghabháil drugaí ar bhain luach measta sráide de €8.6 milliún leo. Sa bhliain 2006, d'ardaigh líon na n-urghabhálacha maidir le hearraí góghumtha agus bradacha go mór, ardú 15% go 455. Lean na Coimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag cur eolas agus

tacaíocht ar fáil don Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB). Bhí 10 n-oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag obair go lánaimseartha leis an mBiúró sa bhliain 2006. D'íoc CAB €19.2 milliún in iomlán i bhfáltais chánach leis na Coimisinéirí Ioncaim i 2006.

Dílárú

Táimid ag dul ar aghaidh lenár gClár Díláraithe. D'iarramar agus fuaireamar comhaontú Rialtais Limistéar Cánach na Mí, lena mbaineann tuairim is 100 post, a bhogadh ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Uaimh. Chuathas i mbun pleanála freisin sa bhliain 2006 maidir le réamhpháirtí de 100 ball foirne a lonnú i mBaile Átha Í. Tá pleananna ag céim deiridh maidir lenár 3 suíomh san Iarthar-láir a bhogadh go luath; cuirfimid ár nDílárú go Cill Rois agus go Lios Tuathail i gcrích i lár 2007 agus go dtí an Caisleán Nua go luath sa bhliain 2008. Reáchtáil na Coimisinéirí Ioncaim Lá Oscailte i mí Aibreáin 2006 chun eolas maidir leis na Coimisinéirí Ioncaim a thabhairt do bhaill foirne as ranna eile ar mian leo athlonnú chuig oifigí eile atá bunaithe i mBaile Átha Cliath.

Oiliúint Ard-Leibhéil

I mí Mheán Fómhair na bliana 2006, síníodh comhaontú leibhéal seirbhíse idir na Coimisinéirí Ioncaim agus Ollscoil Luimnigh (UL) chun cúrsa 4ú bliana agus bliana deiridh de chúrsa BA (Onóracha) i gCánachas Feidhmeach a sheachadadh. Is é sin an chloch-dhín ar an gcaidreamh acadúil nuálaíoch idir UL agus na Coimisinéirí Ioncaim, caidreamh ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004. Bhain 43 ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim Dioplóma amach i gCánachas Feidhmeach i mí na Nollag 2006 agus leis sin is ionann agus 156 líon na ndaoine a bhfuil an Dioplóma sin bainte amach acu go dtí seo. Tá 45 mac léinn eile rollaithe do chúrsa Dioplóma na bliana 2007 agus tá 22 céimí rollaithe do chúrsa Céime na bliana 2007. Tá an sruth pearsanra sin ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil ag cur le cultúr shármhaitheas gairmiúil a fhorbairt trí na Coimisinéirí Ioncaim.

Buíochas

Tá seasamh faoi leith i saol sibhialta na hÉireann ag na Coimisinéirí Ioncaim. Bíonn foireann na gCoimisinéirí Ioncaim i mbun raon leathan gníomhaíochtaí gach lá i mbreis agus 130 oifig ar fud na tíre – ag déileáil le cáiníocóirí aonair, drugaí aindleathacha a aimsiú agus a urghabháil agus an córas ríomhaireachta is mó in Éirinn a bhainistiú. Agus ár bhfoireann i mbun a gcuid oibre, léiríonn siad dea-ghiúmar agus buanna agus bíonn siad cúirtéiseach agus ciallmhar. Déanann siad a gcuid oibre go sonrach agus iad díograiseach maidir lena ndualgais ar shlí nach bhfuil a leithéid le sonrú sa tseirbhís phoiblí. Ba mhian linn buíochas a ghlacadh le gach duine in eagraíocht na gCoimisinéirí Ioncaim as a n-obair chrua i rith 2006. Is eagraíocht mhór sinn i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus mar gheall ar mhéid ár ngnó, bíonn dúshláin os ár gcomhair gach lá a chinntiú go ndéanfaimid gach rud ceart. Mar is gnáth i ngach cuid den saol, ní éiríonn linn gach ar mian linn a bhaint amach uaireanta, -– ach ní chuireann sé sin stop lenár n-iarrachtaí riamh. Tá aitheantas tugtha ag daoine eile, sa bhaile agus thar lear, don méid atá bainte amach againn mar eagraíocht éifeachtach agus nua-aimseartha agus mar shlat tomhais do sheirbhís, nuálaíocht, pleanáil agus seachadadh. Thar aon ní eile, thug siad aitheantas dúinn mar eagraíocht atá cóir. Táimid buíoch do dhaoine as an muinín atá acu asainn agus geallaimid tuilleadh feabhais a dhéanamh sa bhliain atá amach romhainn.

Frank M. Daly *Cathaoirleach*

Josephine Feehily *Coimisinéir*

Michael O'Grady *Coimisinéir*

Príomh-Ghnóthachtálacha agus Príomh-Thionscnaimh i 2006

Bailiúchán

- B'ionann na glanfháltais agus breis agus €45.5 billiún, thart ar €6 billiún níos mó ná an figiúr don bhliain 2005 agus beagnach €3.7 billiún os cionn meastachán an Bhuiséid.
- Bailíodh breis agus €8.7 billiún thar ceann ghníomhaireachtaí eile. (Ranníocaíochtaí ÁSPC & Sláinte €8,518 milliún; Tobhach Comhshaoil €18.7 milliún; Tobhach Tobac €168 milliún).
- Tá riaráistí mar % d'ollfháltais iomlána ag an leibhéal is ísle dá raibh ann riamh ag 1.8% – ceann de na leibhéil is ísle ag aon eagraíocht chánach ar fud an domhain. Tá an sprioc atá inár Ráiteas Straitéise 2005 - 2007 maidir le fiacha a laghdú go 2.5% d'ollbhailiúchán faoin mbliain 2007 sáraithe againn.

Seirbhís do Chustaiméirí

- Leathadh amach raon roghanna féinseirbhíse ar líne agus gutháin do cháiníocóirí ÍMAT go náisiúnta sa bhliain 2006. Is féidir lenár 2.2 milliún custaiméir ÍMAT a dtaifid chánach a fheiceáil, raon leathan creidmheasanna cánach a éileamh, iarratas a dhéanamh ar aisíocaíochtaí, iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú cánach agus mionsonraí pearsanta a athrú – agus is féidir é sin go léir a dhéanamh ar líne. Chomh maith leis sin, féadfaidh custaiméirí fón póca nó fón tadhalltoin a úsáid chun mionsonraí pearsanta a athrú, súil a choinneáil ar dhul chun cinn comhfhreagrais linn, creidmheasanna cánach a éileamh agus iarratas a dhéanamh ar fhoirmeacha agus ar bhileoga eolais.
- Tugadh isteach comhadú thuairisceáin ÍMAT/ÁSPC nach ndéanfaí chomh minic is a bhítí a dhéanamh d'Fhiontair Bheaga agus d'Fhiontair ar Mheánmhéid sa bhliain 2006 chun cuidiú leis an ualach rialála ar ghnólachtaí a laghdú. Sínfear é sin chuig CBL sa bhliain 2007.
- Lean Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) ag fás go láidir sa bhliain 2006. D'ardaigh líon na n-idirbheart íocaíochta a rinneadh trí ROS 40.48% go 408,575 agus d'ardaigh luach na n-íocaíochtaí a rinneadh trí ROS 37.19% go €16.6 billiún. Rinneadh 300,055 nó 70% de thuairisceáin chánach féinmheasúnaithe trí ROS.
- Rinneadh dul chun cinn mór lenár gclár simplithe sa bhliain 2006 nuair a d'fhorbraíomar sraith tograí, bunaithe ar eolas ó thríú páirtithe, maidir le creidmheasanna agus aisíocaíochtaí cánach áirithe a dheonú go huathoibríoch. Tá reachtaíocht chun na bearta sin a éascú san Acht Airgeadais 2007.

Comhlíonadh

- I rith na bliana 2006, shroich an toradh iomlán carnach ó na holltionscadail imscrúduithe le hoidhreacht (Polasaí Árachais Préimhe Aonair, Sócmhainní Eischósta, Cuntais Ansbacher, Cuntais Neamhchónaitheacha Bréige, an Scéim Árachais Mhíochaine Chléireachais/Bhanc Náisiúnta na hÉireann agus fiosruithe a bhaineann le Binsí) €2.28 billiún. Bhí an iarobair chun cáiníocóirí nach raibh tagtha chun cinn cheana féin fós mar phríomhfhócas ár ngníomhaíocht imscrúdaithe i rith na bliana. Bailíodh €119.6 milliún sa bhliain 2006 agus as sin bhain €88.3 milliún le himsrúduithe na Sócmhainní Eischósta agus na bPolasaithe Árachais Préimhe Aonair.
- Leanamar lenár bpolasaí, i 2006, díriú ar imghabháil cánach ar bhonn earnála. Bhí an earnáil tógála, tábhairneoirí, sainchomhairleoirí ríomhaireachta, siopaí caife, bialanna agus bialanna beir leat, óstáin agus ioncam ó chíos san áireamh sna tionscadail nua ar cuireadh tús leo. Bhí 25% dár bhfoireann náisiúnta iniúchta agus comhlíonta dírithe ar an earnáil tógála amháin agus bhí €125 milliún i gcáin, in ús agus i bpionóis mar thoradh ar a gcuid oibre.
- B'ionann an toradh iomlán a bhí ar ghníomhaíocht iniúchta agus seiceálacha dearbhuithe agus €691.8 milliún.
- D'fhoilsíomar ainmneacha 601 mainnitheoir cánach i ndáil le socruithe iniúchta arb ionann iad agus €154 milliún.

- Baineadh seacht gciontú amach sa bhliain 2006 i gcásanna tromchúiseacha cánach agus dleachta, lena n-áirítear cás amháin a mbeidh pianbhreith le gearradh air i 2007. Ina theannta sin, rinneadh 25 cás a tharchur chuig an An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tugadh treoracha i 18 cás agus eisíodh toghairm i 16 cás. Faoi dheireadh na bliana, bhí 22 cás os comhair na gCúirteanna, bhí treoracha tugtha ag an An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí 12 cás eile a ionchúiseamh agus bhí 11 cás eile a ndearnadh iad a tharchur chuige á mbreithniú aige. Bhí 55 cás eile faoi réir ag imscrúduithe coiriúla leanúnacha. Tríd is tríd, amhail an 31 Nollag 2006, bhí 100 cás d'imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta sa phróiseas imscrúdaithe coiriúla/Cúirte.

- Baineadh amach 515 ciontú eile i gcionta achoimre, mar smuigléireacht toitíní, trádáil gan cheadúnas, cionta Ola Mianraí Marcáilte agus sciúradh ola agus baineadh amach 1,295 ciontú as neamh-chomhadú thuairisceáin chánach.

- Baineadh 145 ciontú amach do chionta achoimre i ndáil le smuigléireacht toitíní agus sáruithe maidir le reachtaíocht dhleacht stampa agus gearradh pianbhreitheanna ar fionraí i dhá chás. Bhí 9 gciontú ann do smuigléireacht alcóil, 132 ciontú do thrádáil gan cheadúnas, 199 do chionta ola mianraí marcáilte agus 8 do chionta VRT. Ciontaíodh 22 duine do chionta a raibh baint acu le sciúradh ola.

- Ba é €347.4 milliún an toradh a bhí ar bheagnach 55,000 gníomh forfheidhmithe trí fhorfheidhmiú bailiúcháin aturnaetha, sirriamaí agus Orduithe Astuithe.

Custaim

- Urghabhadh drugaí le luach measta sráide de €8.6 milliún agus coinníodh beagnach €725,000 d'airgead tirim a raibh amhras faoi gur airgead coireachta a bhí ann.

- D'urghabh ár Seirbhís Custaim 52.3 milliún toitín agus 2 thonna tobac, a raibh luach €17.9 milliún agus €591,000 luaite leo faoi seach.

- Aimsíodh sciúrlann ola amháin, urghabhadh 164,157 lítear d'ola sciúrtha agus aimsíodh 73 ionad miondíola/oibritheoir bus a bhí ag díol/ag usáid ola sciúrtha.

Éifeachtacht agus Éifeachtúlacht

- Thit costas riaracháin mar chéatadán d'Ollfháltais go 0.77% sa bhliain 2006, ó 0.81% mar a bhí an bhliain roimhe sin. Is slat tomhais úsáideach é an figiúr sin, atá ag leibhéal íseal nár sroicheadh riamh cheana agus atá an-fhabhrach i gcomparáid le hEagraíochtaí Cánach agus Custaim eile ar fud an domhain, maidir le éifeachtúlacht riaracháin agus leis sin, tugtar léiriú soiléir ar thiomantas na gCoimisinéirí Ioncaim luach ar airgead a sheachadadh agus an leas is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíocht nua.

- Bronnadh Dioplóma i gCánachas Feidhmeach ar an dara grúpa de bhaill foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a fuair dioplóma ó Ollscoil Luimnigh (UL). Leis na 43 Céimí sin, is ionann agus 156 an líon d'fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil Dioplóma faighte acu go dtí seo faoin gcomhpháirtíocht cheannródaíoch idir na Coimisinéirí Ioncaim agus UL. I mí Mheán Fómhair, síníodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse idir na Coimisinéirí Ioncaim agus Ollscoil Luimnigh (UL) chun cúrsa 4 bliana agus bliana deiridh de chúrsa BA (Onóracha) i gCánachas Feidhmeach a sheachadadh.

- Lean na Coimisinéirí Ioncaim ag infheistiú in oiliúint agus i bhforbairt sa bhliain 2006. Léirigh an caiteachas iomlán ar oiliúint de €11.83 milliún don bhliain 3.96% de chostais phárolla.

SPRIOC 1

A Chinntiú go gComhlíonfaidh Gach Duine a Chuid nó a Cuid Freagrachtaí Cánacha agus Custaim

Is í príomhsprioc na gCoimisinéirí Ioncaim a chinntiú go gcomhlíonfaidh cáiníocóirí, idir cháiníocóirí aonair agus chorparáideacha, a n-oibleagáidí cánach agus Custaim. Tá sin riachtanach chun an maoiniú Státchiste a theastaíonn d'fholláine an Stáit a choimeád.

Éascóimid do cháiníocóirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh trí sheirbhís do chustaiméirí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Tabharfaimid freagairt ghéar agus fhócasaithe orthu siúd nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí. Beidh ár gcur chuige faoi stiúir freagra cáis iomlán ar chomhlíonadh a bhainistiú. Tabharfaidh sin an deis dúinn an líon teagmhálacha a chaithfidh cáiníocóirí comhlíonta a dhéanamh linn a shimpliú agus a laghdú, agus fócasáil ar dhíriú riosca-bhunaithe ár n-idirghabhálacha in aghaidh neamh-comhlíonta.

Tá athchóiriú déanta againn ar ár n-eagraíocht agus tá infheistíocht déanta againn in ardteicneolaíochtaí mar thacaíocht don chur chuige seo.

Straitéis 1.1

Toradh Comhlíonta ó bhailiúchán Cánach agus Dleachta a Éascú agus a Spreagadh

Toradh ó bhailiúchán Cánach agus Dleachta

B'ionann ollfháltais sa bhliain 2006 agus €62.3 billiún, tuairim is €8.17 billiúin níos mó ná fáltais na bliana 2005 (Tábla 1). Nuair a chuirtear aisíocaíochtaí chuig gnólachtaí agus chuig daoine aonair, chomh maith le haistrithe ÁSPC chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh san áireamh, b'ionann glanfháltais agus €45.5 billiún, €6 billiún níos mó ná an figiúr comhfhreagrach don bhliain 2005 agus tuairim is €3.7 billiún níos mó ná meastachán an Bhuiséid (Tábla 2). Sháraigh an cháin agus na dleachtanna go léir sprioc-canna an bhuiséid agus b'iad Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla, Dleachtanna Stampa, Cáin Chorparáide agus Cáin Ioncaim ba láidre a d'fheidhmigh.

Tábla 1: Méid Iomlán a Bailíodh/Admhálacha Iomlána

	2006 €m	2005 €m
Dleachtanna, Cánacha agus Tobhaigh		
Cáin Bhreisluacha	17,809	15,591
Cáin Ioncaim	15,450	14,177
Ranníocaíochtaí ÁSPC agus Sláinte agus Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna	8,518	7,610
Cáin Chorparáideach	7,271	6,003
Mál	5,834	5,549
Dleachtanna Stampa	3,675	2,693
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	3,134	2,016
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	355	261
Custaim	261	234
Tobhach Comhshaoil	19	18
Iomlán	**62,325**	**54,152**

Nóta: Is de bharr slánaithe sna comhuimhreacha aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomlána.

Tábla 2: Ioncam Iomlán/Glanfháltais

Dleachtanna, Cánacha agus Tobhaigh	2006 Glanfháltais €m	2006 Meastacháin an Bhuiséid €m	2006 Glanfháltais +nó– Meastacháin an Bhuiséid €m	2005 Glanfháltais €m
Cáin Bhreisluacha[1]	13,451	13,095	356	12,125
Cáin Ioncaim:				
IMAT	9,389	9,234	155	8,637
Cáin Ioncaim ó dhaoine féinfhostaithe agus ó fhoinsí áirithe neamh-IMAT eile[2]:				
Íocaíochtaí Díreacha	2,163	1,931	232	2,074
Lúide foinsí eile nach ÍMAT iad				
Aisíocaíochtaí	-116	-118	2	-112
Glan teacht isteach	2,047	1,813	234	1,961
(féach fo-nótaí)				
Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce[3]	254	180	74	167
Cáin Shiarchoinneálach (táillí)[4]	400	346	54	342
Cáin Shiarchoinneálach Díbhinní[5]	285	237	48	232
Cáin Ioncaim Iomlán	12,375	11,810	565	11,339
Cáin Chorparáideach	6,685	6,030	655	5,503
Mál[6]	5,696	5,658	38	5,391
Dleachtanna Stampaí	3,632	2,685	947	2,673
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	3,099	2,035	1,064	1,982
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	343	260	83	249
Custaim[7]	255	240	15	226
Iomlán	**45,536**	**41,813**	**3,723**	**39,490**

Nóta: Is de bharr slánaithe sna comhuimhreacha aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomlána.

1 *Tá fáltais CBL i 2006 comhdhéanta de €16,320 milliún de CBL inmheánach agus de €1,489 milliún a bailíodh ar allmhairí, lúide aisíocaíochtaí de €4,358 milliún.*

2 *Cáin Ioncaim ó Dhaoine Féinfhostaithe: Tá na figiúirí léirithe faoin gceannteideal seo glan ó aisíocaíochtaí a íocadh go díreach le daoine féinfhostaithe ach is iomlán iad sula mbaintear aisíocaíochtaí le daoine eile neamhdhliteanacha, carthanachtaí, cistí pinsin agus cónaitheoirí eachtrannacha do cháin bainte ag an bhfoinse faoi shocruithe éagsúla. Déantar íocaíocht den sórt sin de ghnáth ón mbailiúchán nach ÍMAT é agus, mura gcuirfí in oiriúint iad, bheadh an éifeacht acu an teacht isteach curtha síod do dhaoine féinfhostaithe a laghdú. Déantar cuntas de na haisíocaíochtaí atá i gceist de na haisíocaíochtaí atá i gceist i dTábla 2 faoin bhfotheideal "Aisíocaíochtaí Eile nach ÍMAT iad".*

3 *Cáin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce: cáin a bhaintear as ús a eascraíonn as cuntais taisce le hinstitiúidí airgeadais.*

4 *Cáin Shiarchoinneálach: cáin a bhaintear ag an bhfoinse ó tháillí do sheirbhísí gairmiúla curtha ar fáil do ghníomhaireachtaí stáit agus do chomhlachtaí ainmnithe áirithe eile.*

5 *Cáin Shiarchoinneálach Díbhinní: cáin choinneála ar dhíbhinní áirithe agus ar dháiltí brabúis eile a rinneadh ag cuideachtaí a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát.*

6 *Tá tobhach tobar de €168 milliún, a íocann na Coimisinéirí Ioncaim go díreach chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, san áireamh sna figiúirí Máil do réamhaisnéisí agus le haghaidh fáltas i dTáblaí 1 agus 2, cé nach gcuirtear é san áireamh i dTuairisceáin an STátchiste ag deireadh na bliana mar ioncam cánach.*

7 *Íoctar 75% den mhéid a bhailítear leis an AE mara chuid de ranníoc na hÉireann ar Bhuiséid an AE ar a dtugtar "Acmhainní Féin". Coinníonn an Stát an 25% eile mara chostais bhailiúcháin.*

Tá na figiúirí a bhaineann le Glanfháltais 2006 i dTábla 2 thart ar €167 milliún níos ísle ná an figiúr comhfhreagrach le fáltais Ioncam Cánach a foilsíodh i dTuairisceáin an Státchiste ag deireadh 2006 mar gheall ar nósanna imeachta cuntasaíochta agus chomhaireamh ama.

Déantar na híocaíochtaí a dhéanann na Coimisinéirí Ioncail isteach sna Cuntais Dhreasacht Choigiltis Speisialta SSIA agus scéimeanna eile Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse (TRS) le haghaidh úis mhorgaistí agus árachais leighis a ghearradh as go comhréireach agus an toradh cháin ioncaim ó ÍMAT agus ó dhaoine féinfhostaithe á ríomh.

Cáin Bhreisluacha

B'ionann agus €13,451 milliún na fáltais CBL don bhliain 2006 (Tábla 2). Bhí an figiúr sin i bhfad níos airde ná toradh na bliana 2005, €1,326 milliún (10.9%) níos airde agus sháraigh sé meastachán an Bhuiséid de réir €356 milliún (2.7%). Léirigh sé sin go bhfuil buacacht láidir tomhaltais fós ann.

Cáin Ioncaim

B'ionann glanfháltais Cháin Ioncaim agus €12,375 milliún (Tábla 2), €565 milliún (4.8%) os cionn meastachán an Bhuiséid agus ardú €1,036 milliún (9.1%) ar thoradh na bliana 2005.

Tá €155 milliún (1.7%) de bharraíocht ar sprioc an Bhuiséid i nglanfháltais ÍMAT mar thoradh go príomha ar mhéadú leanúnach i bhfostaíocht. B'ionann toradh de €254 milliún ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce agus barrachas ar an sprioc de €74 milliún a bhí ann. Léiríonn sé sin arduithe i rátaí bunúsacha in ús taisce. Bhí barraíocht nach rabhthas ag súil leis de €336 milliún os cionn sprioc an Bhuiséid maidir leis an toradh ó dhaoine féinfhostaithe agus ó fhoinsí neamh-ÍMAT eile ann go príomha mar gheall ar bhrabúis bhunúsacha a bhí níos mó ná mar a rabhthas ag súil leo san earnáil féinfhostaíochta. B'ionann fáltais chánach de €104 milliún agus airgead aonuaire a fuarthas ó Imscrúduithe Speisialta leanúnacha na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le cuntais eischósta, cuntais neamhchónaitheacha bhréige agus maidir le sealbhóirí pholasaithe árachais préimhe aonair.

Cáin Chorparáideach

Bhí glanfháltas Cháin Chorparáide sa bhliain 2006, arb ionann é agus €6,685 milliún, €655 milliún (10.9%) níos airde ná meastachán an Bhuiséid agus €1,182 milliún (21.5%) níos airde ná an fáltas comhfhreagrach sa bhliain 2005 (Tábla 2). Bhí an barrachas ar mheastachán an Bhuiséid ann go príomha de bharr roinnt íocaíochtaí móra, nach raibh aon súil leo, ó líon beag cuideachtaí móra agus bhí sé mar thoradh freisin, i bpáirt, ar chuideachtaí nua ag íoc go leor cánach don chéad uair.

Mál

B'ionann fáltais mháil sa bhliain 2006 agus iomlán de €5,696 milliún (Tábla 2), €38 milliún (0.7%) os cionn meastachán an Bhuiséid agus tuairim is €305 milliún (5.7%) níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2005. Léiríonn sé sin ardú a raibh súil leis i luach caiteachais thomhaltóirí ar mhíreanna inmhálaithe.

Ag an leibhéal miondealaithe, bhí Olaí agus alcóil chun cinn ar an sprioc a socraíodh ach níor shroich VRT agus Tobac an sprioc go baileach. Bhí earnáil na nOlaí agus fáltais de €2,143 milliún i gceist, €46 milliún chun cinn ar an sprioc agus sáraíodh an toradh comhfhreagrach sa bhliain 2005 de réir €95 milliún. B'ionann fáltais alcóil agus €1,078 milliún, a sháraigh an sprioc de réir €14 milliún agus a bhí €40 milliún níos airde ná fáltais sa bhliain 2005. Bhí VRT, arb ionann na fáltais agus €1,287 milliún, €20 milliún (1.6%) faoi bhun sprice agus €139 milliún níos airde ná toradh na bliana 2005. Cláraíodh líon iomlán de bhreis agus 178,000 cár nua sa bhliain 2006, figiúr a bhí beagnach 6,400 (3.7%) níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2005. Bhí an toradh san earnáil Tobac lenar bhain fáltais de €1,103 milliún, €8 milliún níos ísle ná mar a bhí súil leis agus €24 milliún níos airde ná mar a bhí sa bhliain 2005.

Dleachtanna Stampa

Bhí barrachas iomlán de €947 milliún (35%) os cionn meastachán an Bhuiséid (Tábla 2) ann go príomha mar gheall ar bhuacacht eisceachtúil sa mhargadh maoine agus b'ionann an barrachas ó idirbhearta maoine amháin agus tuairim is €849 milliún. Baineann an barrachas €98 milliún atá fágtha le haistrithe scaireanna (€79 milliún) agus dleachtanna stampa eile.

Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla

Bhí an toradh maidir le Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla de €3,099 milliún, €1,064 milliún (52.3%) os cionn meastachán an Bhuiséid (Tábla 2). Léiríonn an barrachas sin gur lean an fheidhmíocht láidir a bhí ann le trí bliana anuas mar thoradh ar bhuacacht eisceachtúil sa mhargadh maoine agus in aistrithe scaireanna.

Cáin ar Fháltais Chaipitiúla

Bhí an barrachas de €83 milliún ar mheastachán an Bhuiséid do Cháin Fháltas Caipitiúil (Tábla 2) ann de bharr thoradh bunúsach ó Cháin Oidhreachta a bhí níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis agus ba thoradh é sin ar bhorradh ginearálta i luach maoine.

Dleachtanna Custaim agus Táillí Allmhairithe Cap

Bailítear dleachtanna custaim agus táillí allmhairithe an Chomhbheartais Talmhaíochta ar raon leathan d'earraí allmhairithe ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach.

B'ionann an méid a bailíodh trí Dhleachtanna Custaim agus táillí allmhairithe CAP sa bhliain 2006 agus €255 milliún. Sháraigh sé sin meastachán an Bhuiséid de réir €15 milliún (6.2%) agus bhí sé €29 milliún níos airde ná toradh na bliana 2005 (Tábla 2). Léiríonn an t-ardú i ndleacht Custaim buacacht leanúnach an gheillea-gair agus an líon níos mó d'allmhairithe ó lasmuigh den Aontas Eorpach. Tá €44 milliún san áireamh ann a bailíodh thar ceann na Ríochta Aontaithe faoi Údarú Eorpach Aonair. Is scéim í sin a tugadh isteach le déanaí, atá i bhfeidhm ar bhonn píolótach, a ligeann do thrádálaithe dleachtanna Custaim a íoc i mBallstát amháin i ndáil le hearraí a bhíonn allmhairithe isteach chuig Ballstát eile.

Bailítear táillí allmhairithe an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP) (tobhaigh talmhaíochta) ar raon leathan earraí ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach. Áirítear na figiúirí sna figiúirí a thaispeáintear do Chustaim i dTáblaí 1 agus 2.

Cairt 1: Glanfháltais Cánacha Neamhdhíreacha



Bailíodh iomlán de €19,147 milliún i nglanfháltais CBL agus Máil i 2006

- CBL €13,451 milliún
- Hidreacarbóin €2,143 milliún
- Mótarfheithiclí €1,287 milliún
- Deochanna Meisciúla €1,078 milliún
- Tobac €1,103 milliún
- Eile €84 milliún

Cairt 2: Fáltais Chánacha Díreacha & Chaipitiúla

Bailíodh iomlán de €26,134 milliún i bhfáltais Chánacha Díreacha agus Chaipitiúla i 2006

- Cáin Ioncaim €12,375 milliún[1]
- Cáin Chorparáideach €6,685 milliún
- Dleachtanna Stampa €3,632 milliún
- Cánacha Caipitiúla €3,442 milliún[2]

Nóta: Is de bharr slánaithe sna comhuimhreacha aon neamhréiteach dealraitheach sna hiomlána

[1] *Tá Cáin Ioncaim comhdhéanta d'fháltais ó ÍMAT, ó Cháin Ioncaim ó dhaoine féinfhostaithe agus ó fhoinsí áirithe eile nach ÍMAT iad, ó Cháin Choinneála ar Ús Cuntas Taisce, ó Cháin Shiarchoinneálach agus ó Cháin Shiarchoinneálach Díbhinní.*

[2] *Áirítear ar Chánacha Caipitil faltais ó Cháin ar Fháltais Chaipitiúla agus ó Cháin ar Ghnóthachain Chaipitiúla.*

Tábla 3: Míreanna Íocaíochta don Ard Bhailitheoir i 2006

An méid is mó a lóisteáladh in aon lá amháin:	€1,729 milliún
Meánlóisteáil laethúil:	€198.88 milliún
An líon míreanna íocaíochta:	
2006	4,559,434*
2005	4,656,056
An líon is airde míreanna a próiseáladh in aon lá amháin:	72,505
Achoimre Bailiúcháin agus Fiach, 2006:	**Bailiúchán €62,325 milliún/Fiach €1,107 milliún**

** An chéad bhliain in ar tugadh Comhadú Ráithiúil P30 d'fhostóirí isteach. Ceadaíonn se seo d'fhostóirí a bhfuil dliteanas bliantúil €30,000 nó níos lú acu ceithre thuairisceán/íocaíocht a chur isteach in áit 13 mar a bhí roimhe seo.*

Bronntanas Míreanna Oidhreachta

Le hAlt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 foráiltear do chreidmheas iomlán i gcoinne dliteanas cánach sa chás go mbronnann cáiníocóir míreanna oidhreachta áirithe ar na bailiúcháin náisiúnta. Bronnadh na míreanna seo a leanas sa bhliain 2006.

- "Finnegans Wake" le James Joyce a luaitear luach de €1,170,694.86 leis
- "Children in a Wood 1" le Louis le Broquy, a luaitear luach de €500,000 leis
- Trí phictiúr le Francis Bacon, a luaitear luach de €2,000,000 leo
  Gan Teideal (Duine ar a Ghlúine, Ón gcúl) c.1980
  Gan Teideal (Sceitse de Dhuine ina Shuí) c. 1990
  Gan Teideal (Sceitse de Thriúr) c. 1981
- "Outskirts" le Philip Guston, a luaitear luach de €1,600,000 leis
- "Black Relief over Yellow and Orange" le Ellsworth Kelly, a luaitear luach de €450,000 leis

Tábla 4: An Méid Gnó 2006

	Méid i 2006	% +/- 2005/2006
Fostaíochtaí ÍMAT	2,504,774	+5%
Féin-Mheasúnú (Cáin Ioncaim)	542,610	+8%
Cuideachtaí	140,608	+8%
Clárúcháin CBL	273,825	+8%
Teagmhálacha		
Glaothóirí i bPearsa	922,995	+17%
Glaothóirí Gutháin	6,802,163	+29%
Cuairteanna ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie)	11,315,753	+59%
Míreanna próiseáilte		
Comhfhreagras	3,556,234	+14%
Athbhreithnithe Fostaí ÍMAT	1,032,472	+87%
Tuairisceáin ÍMAT	90,815	+11%
Tuairisceáin Chánach Ioncaim	458,653	+6%
Aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim	190,867	+3%
Tuairisceáin Chánach Corparáidí	118,187	+4%
Aisíocaíochtaí Cánach Corparáidí	26,709	-1%
Éilimh CBL a fuarthas	315,972	+7%
Míreanna íocaíochta faighte ag an Ard-Bhailitheoir	4,559,434	-2%
Tuairisceáin P35	193,885	+4%
Tuairisceáin CBL3	1,310,495	+9%
Tuairisceáin RCT30	484,502	+14%
Tuairisceáin Chánach Ghnóthachain Chaipitiúla	43,951	+2%

Tábla 4: An Méid Gnó 2006

	Méid i 2006	% +/- 2005/2006
Tuairisceáin Thobhaigh Comhshaoil*	21,242	-37%*
CG50anna (larratais ar Dheimhnithe Imréitigh)	15,929	+9%
C2anna (Deimhnithe fochonraitheora) eisithe	25,771	+5%
Aisíocaíochtaí Cánach Conarthaí Ábhartha (RCT)	170,096	+39%
RCT47anna (Údaruithe cárta íocaíochta) eisithe	261,412	+11%
Tuairisceáin Chánach Siarchoinneála Díbhinní (DWT)	965,783	+2%
Deimhnithe Imréitigh Cánach eisithe	137,000	+20%
Éilimh aisíoctha le neamh-chónaitheoirí	18,580	-9%
Díolúintí a deonaíodh do chomhlachtaí carthanachta/spóirt	503	+7%
Doiciméid Riaracháin Aonair (Dearbhuithe Custaim)	969,057	+5%
Dearbhuithe INTRASTAT	111,661	+3%
Dearbhuithe VIES	42,811	+1%
Feithiclí Nua cláraithe	236,818	+6%
Feithiclí ar Athláimh Cláraithe	87,894	+28%
Mionscríbhinní na gCoimisinéirí Ioncaim Intíre	22,225	+2%
Tuairisceáin Chánach Bronntanais/Oidhreachta agus Roghnach	22,954	+17%
Deimhnithe Urscaoilte Cánach Fáltas Caipitiúil	27,928	+5%
Tuairisceáin maidir le Dleacht Caipitiúil, Dleacht Comhdhéanaimh agus Tobhaigh Cuideachtaí	3,886	-52%
Ionstraimí tugtha le haghaidh marcála agus stampála	385,801	+18%
Éilimh aisíocaíochtaí CREST a fuarthas	56,981	+152%

**D'eascair an laghdú toisc (1) gur dhí-chláraigh líon suntasach tradaláithe mar nach n-eisíonn said málaí plaisteacha a thuilleadh (2) Feachtas comhlíonta i 2005.*

Rátaí Comhlíonta Tráthúla

Tábla 5: An Meán-Chéatadán Cánach a Bailíodh Faoin Dáta Dlite

	2006	2005
ÍMAT/ÁSPC	94%	93%
CBL	88%	84%
Réamh-Cháin Ioncaim (Neamh-ÍMAT)	98%	97%
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	97%	95%
Cáin Chorparáideach	90%	90%
Cáin Conarthaí Ábhartha	74%	70%

Leagann Tábla 6 amach rátaí comhlíonta an cháiníocóra do na cásanna is mó, do na meánchásanna agus do gach cás eile.

Tábla 6: Comhlíonadh Tuairisceán/Íocaíochta do na Cásanna is Mó, do na Meánchásanna agus do Gach Cás Eile

	2006	2005
Na Cásanna is Mó*	93%	92%
Meánchásanna*	88%	88%
Gach Cás eile	83%	80%

* *Sainmhíniú ar Théarmaí*

Ná Cásanna is Mó: Custaiméirí atá ag íoc níos mó ná €300,000 in aghaidh na bliana d'Fhostoirí ÍMAT/ÁSPC, RCT nó CBL; €200,000 in aghaidh na bliana do IT agus CT.

Meánchásanna: Custaiméirí a íocann níos mó ná €120,000 in aghaidh na bliana d'Fhostóirí ÍMAT/ÁSPC nó RCT; €108,000 in aghaidh na bliana do CBL; €90,000 in aghaidh na bliana do IT agus CT.

Tábla 7: Clár Laghdaithe Fiachais

	2006	2005
Fiach Foriomlán	€1,107m	€1,085m
Fiach mar % d'ollbhailiúchán	1.8%	2%
Fiach os cionn 5 bliana d'aois	€333m	€336m

Tá an fiach atá mar 1.8% d'ollbhailiúchán, i bhfad níos ísle anois ná an sprioc de 2.5% atá inár Ráiteas Straitéise 2005-2007. Táimid ag leanúint ar aghaidh ag bailiú fiach nua chomh maith le deireadh a chur le seanfhiach. I ndáil leis sin, bailítear breis agus 99% den fhiach go léir laistigh d'aon bliain amháin.

Táimid fós ag dul sa treo ceart den chuid is mó maidir lenár sprioc deireadh a chur leis an bhfiach go léir atá os cionn 5 bliana d'aois, mura bhfuil forfheidhmiú gníomhach nó imeachtaí Cúirte i gceist leis an bhfiach.

Is ionann fiach atá os cionn 5 bliana d'aois agus €333m anois, agus tá forfheidhmiú gníomhach nó imeachtaí Cúirte i gceist le €296m de sin. Tá bailiúchán gníomhach i gceist leis an €37m atá fágtha.

Cairt 3(a): Ollfháltais Iomlána



Cairt 3(b): Riaráistí Iomlána mar Chéatadán d'Ollfháltais Iomlána



Cur Chuige Nua ar Chomhlíonadh Comhoibrithe

Lean Rannán Cásanna Móra na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag cur an chuir chuige nua ar chomhlíonadh comhoibrithe chun cinn maidir le bheith i mbun gnó le fiontair mhóra ghnó. Faoi dheireadh na bliana bhí 46 gnólacht rannpháirteach ann agus 20 gnólacht eile ag céim dheireadh de chomhráití. Tá cláir chomhchosúla á bhforbairt ag eagraíochtaí cánacha eile agus sna cláir, dírítear ar thacú le cuir chuigí rannpháirteacha maidir le bainistiú riosca cánach ag gnólachtaí. Tá baint aige sin le gealltanas ó na Coimisinéirí Ioncaim tacaíocht theicniúil a thabhairt agus costas idirghabhálacha a íoslaghdú in éiric gealltanas ó bhainisteoirí fhiontair mhóra ghnó glacadh le cuir chuigí trédhearcacha maidir le pleanáil chánach agus córais a bhunú a bheadh mar bhonn taca ag ráta ard maidir le comhlíonadh cánach.

Seirbhís do Chustaiméirí a Sheachadadh

Saoráidí Féinseirbhíse ÍMAT

Ligeann Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) do cháiníocóirí féinfhostaithe a dtuairisceáin a chomhadú ar líne agus tá an tseirbhís sin ar cheann de na seirbhísí is fearr ar éirigh leis le blianta beaga anuas. Déantar breis agus 70% de thuairisceáin fhéinfhostaíochta a chomhadú go leictreonach anois. Tá go leor duaiseanna buaite ag ROS agus faighimid aiseolas dearfach go leanúnach ónár gcustaiméirí a úsáideann an tseirbhís saor in aisce sin a bhíonn ar fáil 24 uair an chloig seacht lá na seachtaine.

Leathnaíomar scóip ár seirbhísí ar líne go mór i mí an Mheithimh 2006 trí raon cuimsitheach roghanna ÍMAT a sheoladh. Cuirtear rochtain níos fearr ar a gcomhaid chánacha ar fáil dár gcustaiméirí ÍMAT trí ÍMAT Ar Líne agus bíonn idirghníomhú níos fearr acu leo freisin. In imeacht chúig mhí d'eisíomar 2.2 milliún litir aonair chuig ár gcustaiméirí ÍMAT inar cuireadh an uimhir PIN a theastaíonn don tseirbhís nua ar fáil dóibh. Cé nach bhfuil an tseirbhís ach ina tús, tá beagnach 100,000 duine cláraithe le Reachservices (riachtanas bunúsach d'úsáideoirí nua an chórais) agus chuaigh cuid mhór díobh sin i mbun idirbheart ar ÍMAT Ar Líne. Is tús dearfach é sin.

Chomh maith leis an tseirbhís cheannródaíoch ÍMAT Ar líne ROS a sheoladh, freastalaíodh ar cháiníocóirí ÍMAT ar fearr leo bealaí teagmhála nach bhfuil gréasánbhunaithe a úsáid trí raon saoráidí féinseirbhíse níos fearr ar fhón póca agus ar fón tadhalltoin.

Ollfheachtas Bolscaireachta Chun Cáiníocóirí a Spreagadh a Dteidlíochtaí a Éileamh

Cuireadh tús le hollfheachtas eolais agus bolscaireachta í mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2006 chun cáiníocóirí a spreagadh a dteidlíochtaí a éileamh. Bhí an feachtas comhdhéanta d'fheachtas mór fógraíochta sna nuachtáin, ar an raidio agus ar chainéil lasmuigh, lena n-áirítear spásanna ar bhusanna, ar thraenacha agus ar an Luas. Bhí leathanaigh speisialta ar ár laithreán gréasáin i gceist leis chomh maith le go leor leathanach eolais ar Aertel.

Cuireadh foirmeacha éilimh do Chostais Sláinte ar fáil inár n-oifigí agus in ionaid sláinte, i lialanna Dhochtúirí Teaghlaigh agus i gcógaslanna ar fud na tíre. Leagadh amach na foirmeacha go speisialta agus tá siad éasca le líonadh amach. Bhí agallaimh le hoifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh i gclúdach meán ar scála mór ar an Teilifís, ar raidió náisiúnta agus áitiúil chomh maith leis na meáin chlóite.

Bhí freagra dearfach ar an bhfeachtas agus tháinig méadú ar líon na n-éileamh agus na dteagmhálacha ón bpobal. Mhéadaigh líon na n-athbhreithnithe bliantúla ÍMAT (ráitis chomhardaithe P21), go háirithe, a bhí á lorg ag cáiníocóirí a bhí ag éileamh liúntas breise, faoi thrí sa tréimhse ó Mheán Fómhair go mí na Samhna i 2006 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2005.

D'éirigh go maith leis an bhfeachtas caidreamh poiblí náisiúnta a bhí mar thaca ag an bhfógraíocht freisin mar a chruthaigh anailís neamhspleách. Léiríodh gur shroich sé 73% de na daoine fásta go léir in Éirinn, nó 1.2 milliún duine.

Tá sé beartaithe againn feachtais chomhchosúla a reáchtáil sa bhliain 2007 chun aird a thabhairt ar fhaoisimh, chun ár mbealaí teagmhála nua a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar ár n-iarrachtaí leanúnacha an próiseas gnó a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim a shimpliú.

Seirbhís Níos Fearr Do Ghlaothóirí Teileafóin ÍMAT

Lean feidhmíocht ár seirbhíse teileafóin ló-ghlao do ghlaothóirí ÍMAT ar aghaidh ag feabhsú sa bhliain 2006. Bhíomar ag freagairt 90% de ghlaothóirí ar a gcéad ghlaoch go seasta sa dara leath den bhliain agus bhí ar líon beag glaothóirí an dara glaoch a dhéanamh.

Bearta Simplithe

Tar éis tograí a chuireamar faoi bhráid an Aire Airgeadais, d'fhógair sé i ráiteas an Bhuiséid i mí na Nollag go rachadh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun raon beart simplithe chun an próiseas maidir le faoisimh a éileamh chomh héasca agus ab fhéidir sa líon is mó réimsí agus ab fhéidir.

Tá feidhmiú cuntas saor ó DIRT do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois agus do dhaoine buanéagumasaithe (faoi réir ag teorainneacha ioncam sa dá chás); faoiseamh a thabhairt go huathoibríoch i ndáil le sintiúis Cheardchumainn (bunaithe ar thuairisceáin a gheobhar ó Cheardchhumainn); mionsonraí breithe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a úsáid chun creidmheas aoise a thabhairt do dhuine ar bith inár dtaifid atá os cionn 65 bliain d'aois, san áireamh inár bpleananna.

Tá sé mar aidhm againn freisin mionsonraí maidir le caiteachais mhíochaine a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ó árachóirí mhíochaine príobháideacha chun aisíocaíochtaí a thabhairt do cháiníocóirí i ndáil le haon chaiteachas míochaine ábhartha a thabhóidh siad. Tá plean comhchosúil i bhfeidhm chun faoiseamh cánach a thabhairt maidir leis na híocaíochtaí míosúla neamh-inaisíoctha a dhéanann daoine faoin scéim ina n-aisíoctar daoine as cógais a cheannach.

Maidir leis na bearta sin, teastóidh comhoibriú gníomhach ó thríú páirtithe i roinnt cásanna. Léirítear le comhráití fiosrúcháin tosaigh go mbeidh a comhoibriú den sórt sin ar fáil agus táimid dóchasach go ndéanfar dul chun cinn mór sa réimse sin. Is é ár n-aidhm bhunaidh an t-ualach a bhíonn ar chustaiméirí a laghdú cibé áit is féidir é sin a dhéanamh. Táimid tiomanta leanúint lenár n-iarrachtaí tionscnaimh a thabhairt isteach ina ndéanfar deonú faoiseamh agus soláthar eolais a shimpliú.

Laghdú San Ualach Riaracháin

Thug na Coimisinéirí Ioncaim socrú nua simplithe fillte/íocaíochta isteach i rith na bliana 2006 chun ligean d'fhostóirí arb ionann a ndliteanas bliantúil ÍMAT/ÁSPC agus €30,000 nó níos lú comhadú a dhéanamh ar bhonn ráithiúil seachas ar bhonn míosúil. Leis an tionscnamh seirbhísí do chustaiméirí sin, atá mar chuid de ghealltanas simplithe leanúnach na gCoimisinéirí Ioncaim, laghdaíodh an t-ualach comhadaithe do 76,000 fostóir beaga agus ar mheánmhéid.

Feabhsúcháin ar ár n-Oifig Eolais is Mó

Tá líon na nglaothóirí pearsanta chuig ionaid eolais na gCoimisinéirí Ioncaim i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus i dTamhlacht ardaithe go mór le blianata beaga anuas. Déileáladh le 302,252 custaiméir inár n-oifig lár cathrach sa bhliain 2006, arb ionann é agus ardú 26% ar líon na gcustaiméirí ar déileáladh leo anuraidh. Leis an mborradh mór sin i líon custaiméirí, tá na saoráidí atá ann faoi bhrú mór.

Chuamar i mbun chlár athchóirithe forleathan ar an oifig lár cathrach i rith na bliana 2006 mar fhreagra ar an méadú sin ar éileamh. Beidh saoráidí den scoth, lena n-áirítear caifé mar chaifé idirlín, san oifig athchóirithe atá le hoscailt sa bhliain 2007 agus leis sin cuirfear ar ár gcumas seirbhís níos éifeachtúla a chur ar fáil do ghlaothóirí pearsanta.

Gnó ar-líne

Comhadú Tuairisceán go Leictreonach

Mhéadaigh an úsáid a baineadh as Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) gó mór arís i rith na bliana 2006. D'ardaigh líon na dtuairisceán a cuireadh isteach trí ROS beagnach 24% go 2.6 milliún agus d'ardaigh luach na n-íocaíochtaí 37.19% go €16.6 billiún.

Tábla 8: Tuairisceáin Leictreonacha 2006 v 2005

	2006	2005	% Méadú
C.B.L. 3	350,861	234,288	49.76%
Tuairisceáin ÍMAT Míosúla Fostóirí – Foirm P30	263,624	211,924	24.4%
Tuairisceáin ÍMAT Bliantúla Fostóirí – Foirm P35	65,516	42,201	55.25%
Deimhniú Scoir – Foirm P45	308,352	187,773	64.22%
Tuairisceáin Chánach Ioncaim Féin-Mheasúnaithe – Foirm 11	300,055	248,967	20.52%
Tuairisceáin Chánach Corparáidí Féin-Mheasúnaithe – Foirm CT1	69,402	49,992	38.83%
Clárúcháin Chánach Clárúcháin Feithicle (CCF)	217,759	194,045	12.22%
Cáin Chonarthaí Ábhartha – Foirm C30	110,596	67,185	64.61%
Cáin Chonarthaí Ábhartha – Foirm C35	8,678	4,603	88.53%
Dearbhuithe Custaim	912,807	859,232	6.24%
Líon Iomlán na dTuairisceán ROS go léir	**2,607,350**	**2,100,210**	**24.16%**

Cairt 4: Ríomh-Chomhadú v Comhadú Iomlán i 2006



Tábla 9: Idirbhearta Íocaíochta i ROS

	2006	2005	% Méadú
An Líon Idirbhearta Íocaíochta	408,575	290,842	40.48%
Luach na nÍocaíochtaí ROS	16.6 billiún	12.1 billiún	37.19%

Faisnéis a Sholáthar dár gCustaiméirí

Cuireann láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim www.revenue.ie, ar tugadh 11 milliún cuairt air sa bhliain 2006, raon forleathan eolais ar fáil dár gcustaiméirí maidir le gach a bhaineann lé cáin agus Custaim. Tá an clár de sheirbhísí atá ar fáil ar líne mar phríomhghné den láithreán gréasáin. Tá áis 'aimsitheoir teagmhála' ar an láithreán gréasáin a chuireann ar chumas custaiméirí faisnéis iomlán a fháil ar an tslí le dul i dteagmháil leis an oifig ábhartha de chuid na Coimisinéirí Ioncaim trí theileafón, faics, ríomhphost nó tríd an bpost. Tá os cionn 300 bileog agus leabhrán eolais ar fáil ar-líne. Tugadh 70 bileog/leabhrán, ina gclúdaítear raon leathan de thopaicí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, suas chun dáta sa bhliain 2006.

Cuirtear tráchtáireacht chuimsitheach roinn ar roinn ar fáil ar an láithreán gréasáin maidir le forálacha an Achta Airgeadais 2006, an Achta Comhdhlúite Cánacha 1997, an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999, an Achta Comhdhlúite Fáltas Cánach Caipitiúil 2003, ina léirítear na hathruithe go léir arna bhfeidhmiú ag Achtanna ina ndiaidh sin suas go dtí an Acht Airgeadais 2006 agus an tAcht sin san áireamh.

Bhaineamar leas as feachtais fhorleathana phoiblíochta chomh maith i rith na bliana 2006 chun custaiméirí a chur ar an eolas maidir le míreanna tábhachtacha, lena n-áirítear spriocamanna comhadaithe, ár mbealaí cumarsáide ar cuireadh síneadh leo agus maidir leis an tábhacht a bhaineann lena chinntiú gur éiligh custaiméirí a bhfaoisimh chánach go léir.

Faisnéis i nGaeilge

Thugamar aghaidh ar roinnt mhaith de na spriocanna a leagadh amach i "Scéim 2005-2008" faoi alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla i rith na bliana 2006 agus fuaireamar tuairisc dhearfach ó Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i rith na bliana maidir lenár dul chun cinn i gcur i bhfeidhm na Scéime.

Faisnéis d'Inimircigh

Tá an Treoir faoi Bhogadh go hÉirinn (treoir shimplí maidir le córas cánach na hÉireann) ar fáil ar ár láithreán gréasáin sna teangacha seo a leanas: Cantainis, Seicis, Fraincis, Gearmáinis, Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis, Rúisis, Slóvaicis agus Spáinnis. Roghnaíodh na teangacha sin bunaithe ar líon na náisiúnach ó na tíortha sin a bhfuil Uimhir Phearsanta Seirbhísí Poiblí eisithe chucu ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.

Aistríodh raon foirmeacha agus bileoga eolais sna teangacha sin sa bhliain 2006 agus foilsíodh iad ar an láithreán gréasáin.

Bhí na príomhfhoirmeacha clárúrcháin d'ÍMAT agus do ghnólachtaí ar na foirmeacha a aistríodh. Bhí an IT1 (eolas faoi chreidmheasanna, faoisimh agus rátaí cháin ioncaim) agus an VRT1 (eolas achoimre maidir le saincheisteanna cháin clárúcháin feithicle) san áireamh sna bileoga eolais a aistríodh.

Mar chuid de sheoladh na Seirbhíse Ar Líne ÍMAT, aistríodh an bhileog eolais ÍMAT, a eisíodh chuig gach cáiníocóir i mBéarla nó i nGaeilge, agus tá sí ar fáil ar an láithreán gréasáin i gceithre theanga (Cantainis, Mandairínis, Liotuáinis agus Polainnis).

Éifeachtúlacht Seirbhísí do Chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim

Cairt Seirbhísí Custaiméirí

Léiríonn Cairt Seirbhísí Custaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim comhionchais na gCoimisinéirí Ioncaim agus a gcustaiméirí, agus tá sé mar aidhm aici a chinntiú go gcomhlíonfaidh ár n-eagraíocht na prionsabail is airde de sheirbhís phoiblí ghairmiúil. Déanann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a feidhmíocht a thomhas i gcomparáid leis na caighdeáin atá leagtha amach sa doiciméad Caighdeán Seirbhísí Custaiméirí. Tá torthaí na bliana 2006 foilsithe i dTábla 10. Tá doiciméid Cairte agus Caighdeán Seirbhísí Custaiméirí ar fáil ar ár láithreán gréasáin www.revenue.ie.

Tábla 10: Caighdeáin agus Torthaí Seirbhísí Chustaiméirí

Seirbhís	Caighdeán	Torthaí 2006	Torthaí 2005
Gearáin	Próiseáilte go neamhchlaonta laistigh de 20 lá oibre	100%	100%
Seirbhís Teileafóin	Glaonna ÍMAT 1890 (a freagraíodh) Glaonna eile a freagraíodh laistigh de 30 soicind	65% 78%	47% 79%
Clárúcháin	CBL100% laistigh de 10 lá oibre Eile 100% laistigh de 5 lá oibre	91% 79%	86% 87%
Tuairisceáin, Dearbhuithe Iarratais	ROS 100% laistigh de 5 lá oibre	93%	91%
	Neamh-ROS 80% próiseáilte laistigh de 10 lá oibre	IT 37% CT 40% Eile 96%	IT 36% CT 32% Eile 91%
	Neamh-ROS 100% próiseáilte laistigh de 20 lá oibre	IT 64% CT 71% Eile 97%	IT 54% CT 67% Eile 97%
	AEP Freagairt Láithreach	Freagairt Láithreach	Freagairt Láithreach
Aisíocaíochtaí - NEAMH ROS	80% próiseáilte laistigh de 10 lá oibre	76%	76%
	100% próiseáilte laistigh de 20 lá oibre	90%	88%
Aisíocaíochtaí - ROS	100% laistigh de 5 lá oibre	IT 79% CT 68%	IT 79% CT 68%
Comhfhreagras, ríomhphoist, faics	80% próiseáilte laistigh de 20 lá oibre	82%	82%
Iarratais ar Dheimhnithe Imréitigh Cánacha	100% próiseáilte laistigh de 6 lá oibre	90%	86%

Caighdeáin Sheirbhísí do Chustaiméirí – Méideanna Gnó Sa Bhliain 2006 Nár Baineadh Amach Cheana

Ba léir gur tháinig feabhas foriomlán ar fheidhmíocht i 2006 i gcomparáid le 2005 – in aghaidh chúlra de bhonn custaiméirí a bhí ag méadú go leanúnach. Tá breis agus dhá mhilliún go leith fostaíochtaí ÍMAT ar taifead againn anois, arb ionann é ardú 5.2% ar 2005 agus 25% (500,000) ar an líon a bhí ar taifead againn díreach cúig bliana ó shin. D'ardaigh líon na gclárúchán féinfhostaíochta 7.9% i rith na bliana go 542,610 agus d'ardaigh líon na gclárúchán do Cháin Chorparáide 7.6% go 140,608. Dá bhrí sin bhain an méid clárúchan, comhfhreagrais, glaothóirí teileafóin agus pearsanta leibhéil amach sa bhliain 2006 nár baineadh amach cheana.

Bhí ár bhfeidhmíocht maidir le glaonna teileafóin a fhreagairt ar a gcéad ghlaoch, go háirithe maidir lenár seirbhís ÍMÁT 1890, a bhí ag 65%, i bhfad faoi bhun ár gcaighdeán de 80%. Mar sin féin, tháinig feabhas mór air sin sa dara cuid de 2006, agus breis agus 90% de ghlaonna á bhfreagairt ar an gcéad ghlao ar bhonn seasta. Táimis dóchasach go ndéanfaimid an leibhéal feidhmíochta sin a chothabháil sa bhliain 2007.

Comhchomhairle le Grúpaí a dhéanann Ionadaíocht ar ár gCustaiméirí

Coiste Idirchaidrimh ar Riarachán Cánacha (TALC)

Cuirtear fóram ar fáil tríd an gCoiste Idirchaidrimh ar Riarachán Cánacha (TALC) inar féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chleachtóirí cánacha saincheisteanna i ndáil le riaradh an chórais chánach a phlé. Tionóladh cúig chruinniú den ghrúpa i rith na bliana agus déileáladh le go leor topaicí. Bhí na nithe seo a leanas san áireamh sna míreanna móra a pléadh i rith na bliana:

- Tionscnamh Seirbhísí Cáiníocóirí
- An Bille Airgeadais
- Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)
- Seirbhís Ar Líne ÍMAT
- Cláir Cuntas

Cuireann sé fho-ghrúpa, a dhéileálann le réimsí sonracha riaracháin chánach, le hobair TALC: Iniúchadh, Bailiúchán, Cánacha Caipitiúla, Cánacha Neamhdhíreacha, Cánacha Díreacha, Teicniúil agus Simpliú.

Coiste Comhchomhairleach Custaim

Is éard atá sa Choiste Comhcomhairleach Custaim ná fóram do na Coimisinéirí Ioncaim agus d'eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar thrádáil plé a dhéanamh ar shaincheisteanna comhspéise a mbíonn éifeacht acu ar an tslí a lámhseáileann Custam allmhairí agus onnmhairí. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2006. Lorgaíodh tuairimí an Choiste maidir le raonnt saincheisteanna tábhachtacha, lena n-áirítear lompar, nuachóiriú Chód Custaim na gComhphobal, an clár i leith Oibritheoir Eacnamaíoch Údaraithe agus athfhorbairt chóras Próiseála Iontrála Uathoibrithe Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tionscadal Náisiúnta na hEarnála Tógála 2006

Tar éis Tuarascáil ar Mheastóireacht Riosca maidir le hoibriú Cháin Chonarthaí Ábhartha (CCA) a chur i gcrích sa bhliain 2005, thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ag díriú ar chomhlíonadh san earnáil tógála ar fud na tíre agus bhí dianghníomhaíocht ar siúl acu maidir le seirbhísí do chustaiméirí mar thacaíocht aige sin. Dhíríomar 25% de na hacmhainní náisiúnta iniúchta agus comhlíonta ar an tionscadal.

Gníomhaíochtaí Comhlíonta & Torthaí

Tugadh roinnt leasuithe reachtaíochta isteach san Acht Airgeadais 2006 chun rialuithe a dhaingniú agus chun daoine a spreagadh gan dul i mbun calaoise.

Tá bainistiú agus rialú maidir le comhlíonadh do na conraitheoirí neamhchónaitheacha go léir lárnaithe in aon láthair amháin.

Bunaíodh grúpa monatóireachta náisiúnta RCT lánaimseartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chásanna a bhfuil amhras fúthu agus chun eolas a scaipeadh. Is é an phríomhaidhm atá leis cur isteach ar ghníomhaíochtaí chonraitheoirí bradacha.

Cuairteanna ar Láithreáin

Tugadh 1,615 cuairt ar láithreáin ina iomlán. Aithníodh 1,188 duine aonair nach raibh cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim in aon chor mar thoradh ar na cuairteanna sin agus aithníodh 447 duine eile a bhí ath-aicmithe ó fhochonraitheoirí go fostaithe.

Bhí cásanna eile ann nach raibh cláraithe do CBL ná cláraithe mar fhostóir agus lean 2,479 clárúchán breise maidir le ceannteidil chánacha as na fiosrúcháin sin.

Iniúchtaí

Tá na torthaí ó chlár iniúchta na bliana 2006 a raibh €125m mar thoradh air, leagtha amach ar Tábla 11.

Seiceálacha Dearbhuithe

Fuarthas €21m mar thoradh ar 45,423 seiceáil ar dhearbhuithe. Bhí tástálacha, seiceálacha fíoraithe, deasc-scrúdaithe, cuairteanna agus teagmhálacha teileafóin chun doiciméid thacaíochta a fháil i gceist leis na seiceálacha sin. Díríodh ar chásanna nua agus ar fho-chonraitheoirí neamhchomhlíontacha. Tarraingíodh siar nó diúltaíodh deimhnithe údaráis (C2) fhochonraitheoirí i 1,168 cás.

Comhlíonadh maidir le hÍocaíocht & Tuairisceáin

Bhí comhlíonadh níos mó san earnáil i rith na bliana 2006. Bhí comhlíonadh níos fearr ann i ngach cás maidir le híocaíocht thráthúil d'Fhoirmeacha Míosúla CCA 30. B'ionann agus 88% an ráta sa bhliain 2006 maidir le comhadú sa mhí dlite dheiridh i gcásanna móra.

Tá comhlíonadh maidir le tuairisceáin don tuairisceán bliantúil Foirm RCT35 feabhsaithe freisin, ó thaobh méide agus tráthúlachta. Ag deireadh na chéad ráithe de 2006, bhí an ráta comhlíonta tuairisceán ardaithe 7% go 58%. Bhí sé ag 87.58% faoi dheireadh na bliana i gcomparáid le 80.88% ag deireadh na bliana 2005.

Leanamar ar aghaidh le tionscadail chomhlíonta nó chuireamar tús le tionscadail chomhlíonta i go leor earnálacha gnó eile i rith na bliana 2006. Tá siad sin mionsonraithe ar leathanaigh 28 go 29.

Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí maidir le Seirbhísí do Chustaiméirí

Reáchtáladh ceithre fhóram oscailte i mí an Mhárta i gcomhar le hInstitiúid Cánachais na hÉireann, do bhreis agus 1,000 cleachtóir.

Foilsíodh sraith d'airteagail mhínitheacha san iris 'Construction'.

Foilsíodh forlíonadh maidir le Faisnéisiú Cánach a bhí dírithe ar an tionscal tógála.

Foilsíodh leathanach speisialta ar ár láithreán gréasáin. Bhí beagnach 14,000 cuairt ar an láithreán in aghaidh na míosa.

Tábla 11: Tionscadal na hEarnála Tógála – Torthaí ón gClár Iniúchta

Líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích	3,872
An Cháin Thearcdhearbhaithe Iomlán	€93m
Ús agus Pionóis a Bailíodh	€23m
Fo-iomlán	€116m
Riaráistí cánach a bailíodh	€9m
An Mór-Iomlán ó Iniúchtaí	€125m
Cásanna a Tarchuireadh chuig an Rannán Imscrúduithe & Ionchúiseamh	55
Cásanna a tarchuireadh chuig Aonad Seachanta	6

Cairt 5: Tionscadal na hEarnála Tógála – Foinse Thorthaí Iniúchta



- IT 8%
- CT 2.3%
- CBL 55%
- ÍMAT/ÁSPC 8.3%
- RCT 18.4%
- CGT 2.1%
- Dleacht Stampa 0.3%
- Eile 5.6%

Straitéis 1.2

Aghaidh a Thabhairt ar Imghabháil, Seachaint agus Neamhchomhlíonadh agus sin a Laghdú

Iniúchadh

Is cuid lárnach d'obair leanúnach na gCoimisinéirí Ioncaim na cásanna agus na hearnálacha is mó riosca a aithint agus idirghabháil a dhíriú orthu. Bhí roinnt athruithe suntasacha ar chur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith imghabhála agus seachaint cánach a chomhrac le blianta beaga anuas.

Roghnaítear cásanna don imghabháil bunaithe ar tháscairí riosca éagsúla a bheith ann agus ar eolas eile a bheadh ar fáil le cabhair ár gcóras ríomhaire-bhunaithe Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP). Is é an cineál imghabhála is iomchuí le haghaidh a thabhairt ar an riosca sonraithe aitheanta, a dhéanfar. I roinnt mhaith cásanna d'fhéadfadh sé gur ceannteideal cánach amháin, ilcheannteideal cánach nó iniúchadh saincheiste amháin a bheadh i gceist agus ní iniúchadh cuimsitheach. Léirítear an cur chuige seo i líon na n-iniúchtaí a socraíodh i 2006 faoi na catagóirí éagsúla atá leagtha amach.

Anailís Riosca Ríomhaire-Bhunaithe (REAP)

Ag éirí as an bpíolótú ráthúil i 2005, tugadh REAP isteach i ngach Ceanntair i lár 2006 chun tacú le cláir iniúchta agus comhlíonta. Scanann córas REAP eolas as córais phróiseála clárúcháin, tuairisceán agus íocaíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim agus sannann sé scóir bunaithe ar an dea-theist, agus mar thoradh air sin, ar an leibhéal riosca atá ann i ngach cás. Tugtar tosaíochtaí do na cásanna ansin le haghaidh réimse bearta idirghabhála. Ar na cánacha a chlúdaítear sa chóras faoi láthair áirítear CBL, ÍMAT/ÁSPC an fhostóra, Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáideach, Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla agus Cáin Ábharthach Chonarthaí. Cuirfear Cánacha Caipitiúla, Dleachta Custaim agus Máil agus Cáin Clárúcháin Feithiclí leis an gcóras in am trátha.

Cuireann REAP eolas ó thríú páirtithe i roinnt Ranna Rialtais san áireamh (e.g. íocaíochtaí a rinne an Roinn Talmhaíochta agus Bia). Déanann an córas scannadh ar shonraí ó idirbhearta a mbaineann Dleacht Stampa agus Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla leo freisin, mar a dhéantar le heolas ó fhoirm C35 don Cháin Ábharthach Chonarthaí (RCT) – tuairisceán bliantúil na bpríomhchonraitheoirí de na híocaíochtaí a dhéantar le fochonraitheoirí. Beidh eolas eile ó thríú páirtithe, mar shampla sonraí a chuirtear ar fáil de réir na Treorach Coigiltis, ar fáil sa chóras i 2007.

Le linn 2006, baineadh úsáid as an gcóras chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear cásanna do thionscadail earnála a aithint – e.g. an tionscadal tógála náisiúnta. Thug sé tacaíocht freisin do chláir thraidisiúnta iniúchta, comhadú tuairisceán agus bainistiú fiach na gCoimisinéirí Ioncaim.

Déanann REAP leas na gCoimisinéirí Ioncaim agus leas ár gcustaiméirí araon. Cuireann REAP ar ár gcumas sna Coimisinéirí Ioncaim idirghabhálacha atá níos dírithe a dhéanamh bunaithe ar chritéir riosca shofaisticiúla atá ag síorathrú. I gcás na gcustaiméirí, ní bheimid ag dul i dteagmháil rómhinic leo siúd a chomhlíonann a bhfuil le comhlíonadh.

Clár Iniúchta Náisiúnta 2006

Chuir iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim 13,626 iniúchadh in iomlán i gcrích faoi na cláir éagsúla iniúchta le linn 2006, lena n-áirítear 54 imscrúdú a rinne an Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh. Chuir raon seiceála dearbhaithe leis an ngníomhaíocht ghinearalta iniúchta freisin. Cuireadh 176,064 Seiceáil Dhearbhaithe i gcrích ar an iomlán, a thug toradh €42.09m.

Ba €691.8 milliún toradh iomlán na n-idirghabhálacha iniúchta agus na seiceálacha dearbhaithe (i gcomparáid le toradh €575.37 i 2005). Bhailigh iniúchóirí i Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim €64.08 milliún i 2006. Léiríonn an toradh breise ó líon iniúchtaí atá beagán níos lú, go bhfuil ag éirí leis na Coimisinéirí Ioncaim cur lenár gcumas na cásanna is mó riosca a aithin

Iniúchtaí: Torthaí Foriomlána

Taispeántar torthaí foriomlána na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích i 2006 agus an toradh a bhaineann leo sin sa tábla thíos:

Iniúchadh Ríomhaireachta

Stóráiltear cuid mhór den eolas a bhfuil suim ag iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim ann go leictreonach anois. Táimid tar éis forbairt a dhéanamh ar ár gcumas rochtain a fháil ar eolas ríomhaire-bhunaithe agus an t-eolas sin a cheistiú trí úsáid a bhaint as córas iniúchta bhogearra sofaisticiúil. Chuir iniúchóirí córas tacaíochta ríthábhachtach ar fáil i 35 cás mór iniúchta le linn 2006.

Tábla 12: Gníomhaíocht Iniúchta agus Dearbhaithe 2006

Cineál Iniúchta	2006 Iniúchtaí a Cuireadh i gCrích	Toradh €m	2005 Iniúchtaí a Cuireadh i gCrích	Toradh €m
Cuimsitheach (Gach ceannteideal cánach)	4,127	436.2	5,077	323.25
Iniúchtaí Ilchánach/Dleachta	1,757	56.2	1,220	52.33
Iniúchtaí Cánach/Dleachta Aonair	6,305	133.5	6,173	122.80
Iniúchtaí ar Shaincheist/Idirbheart Amháin	1,437	23.8	1,744	26.58
Líon Iomlán na nIniúchtaí	**13,626**	**649.7**	**14,214**	**524.96**
	Seiceálacha Dearbhaithe	**Toradh €m**	**Seiceálacha Dearbhaithe**	**Toradh €m**
Seiceálacha Dearbhaithe	176,064	42.1	98,981	50.41
Idirghabhalacha Iomlána	**189,690**	**€691.8**	**113,195**	**€575.37**

Iniúchadh ar Onnmhairithe CAP

Tá dualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi Rialachán ón gComhairle (CEE) Uimh. 4045/89, dul i mbun clár iniúchta a chlúdaíonn taifid tráchtála iomchuí thairbhithe aisíocaíochtaí onnmhairithe ag éirí as a n-éileamh ar onnmhairithe CAP i dtrádáil le tríú tíortha.

Is é Aonad Iniúchta FEOGA sa Rannán Custaim a bhíonn imbun an chláir iniúchta seo, a bhíonn ar siúl ó 1Iúil go 30 Meitheamh na bliana dar gcionn. Sa tréimhse iniúchta Iúil 2005 go Meitheamh 2006 scrúdaíodh taifid thráchtála 21 tairbhí CAP a roghnaíodh. Bhí na trádálaithe seo a roghnaíodh don iniúchadh tar éis aisíocaíochtaí onnmhairithe CAP a fháil arbh fhiú €202.3 milliún iad sa tréimhse a iniúchadh, rud ab ionann agus tuairim is 91% de na haisíocaíochtaí onnmhairithe a d'íoc an Roinn Talmhaíochta agus Bia san iomlán le linn na tréimhse sin.

Rinne Aonad Anailíse agus Iniúchta CAP na gCoimisinéirí Ioncaim imscrúdaithe ar oifigí Custaim freisin mar chuid de chlár monatóireachta leanúnach a leagadh amach chun a chinntiú go gcomhlíonann na nósanna imeachta rialaithe atá ann rialacha agus caighdeáin an AE go hiomlán. I 2006, rinneadh imscrúdú ar fheidhmiú theoracha CAP i 6 oifig Chustaim.

Comhlíonadh Earnála

I 2006, lean na Coimisinéirí Ioncaim lena bpolasaí díriú ar imghabháil cánach ar bhonn earnála. Tugadh cuid de na tionscadail earnála ar aghaidh ó 2005 – na hearnálacha seo leanas, mar shampla iascaireacht, mótar, slándáil, tithe aíochta agus sciob-bhia. Ar na tionscadail nua ar cuireadh tús leo i 2006 áirítear tábhairneoirí, comhairleoirí ríomhaire, siopaí caife, bialanna agus bialanna beir leat, óstáin agus ioncam cíosa maoine. D'fhorbraíomar tionscadal comhlíonta ar an earnáil tógála ar fud na tíre freisin. Ag cur scála an tionscadail agus líon na ndaoine a bhí i gceist san áireamh díríodh an chuid is mó dár n-aird ar an tionscadal seo i 2006, tráth a raibh 25% dár bhfoireann iniúchta agus comhlíonta i mbun na hoibre sin amháin (féach an t-alt ar leathanaí 24 agus 25).

Is cur chuige earnála leanúnach atá ag na Coimisinéirí Ionaim. Déantar iniúchtaí nó fiosraithe ar líon teoranta cásanna ar dtús. Scrúdaítear gnéithe nó nósanna imeachta sainiúla féachaint an léir go bhfuil imghabháil cánach ar siúl. Cuirtear na torthaí i bhfeidhm ar an earnáil ina iomlán agus tógtar cinneadh faoin bhfiúntas a bhainfeadh leis an tionscadal a leathnú. Mar chuid den chuid is mó de na tionscadail seo téann na Coimisinéirí Ioncaim i dteagmháil le hearnáil trína gcomhlachtaí ionadaíocha agus comhairleoirí cánach. Cuidíonn sé seo le feasacht a mhéadú ar ghníomhaíochtaí comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim san earnáil.

Bíonn modheolaíocht gach tionscadail sainoiriúnaithe le freastal ar riachtanais shainiúla na gCoimisinéirí Ioncaim agus d'fhéadfadh ó chuairteanna comhlíonta gan aon fhógra go hiniúchtaí cuimsitheacha iomlána a bheith i gceist. Go minic beidh faisnéis bailithe ag na Coimisinéirí Ionaim roimhré ó roinnt foinsí, lena n-áirítear ár gcóras Mheastóireacht Anailíse agus Próifílithe Riosca (REAP) , torthaí ó fhiosruithe agus ó iniúchtaí eile san earnáil, eolas áitiúil, nó eolas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear soláthróirí. Féadfar faire faoi cheilt a úsáid freisin. D'fhéadfadh tionscadal díriú ar gach gnólacht ar an aon suíomh geografach.

I gcásanna áirithe, iarrfar ar cháiníocóirí in earnáil féinmheastóireacht a dhéanamh sula bhfaighidh siad fógra iniúchta. Iarrtar orthu meastóireacht a dhéanamh ar a dtuairisceáin, aire ar leith á tabhairt do réimsí áirithe riosca atá aitheanta ag na Coimisinéirí Ioncaim. I gcásanna eile d'fhéadfadh go gcuirfí tús le hiniúchtaí gan tréimhse féinmheastóireachta a thairscint roimh ré.

Tá torthaí sainiúla na dtionscadal comhlíonta earnála san áireamh sna torthaí comhlíonta agus iniúchta éagsúla sa tuarascáil seo. Tá sé á chruthú ag an gcur chuige earnála gur uirlis táirgiúil é mar chuid de chláir na gCoimisinéirí Ioncaim le cur in aghaidh imghabhála cánach agus leis an gcomhlíonadh a fheabhsú – mar a léirítear sna samplaí seo a leanas:

An Tionscal Slándála

Bhí roinnt cruinnithe ag na Coimisinéirí Ioncaim leis an Údarás um Shlándáil Phríobháideach. Cuireadh cláir chomhlíonta ar bun san earnáil, ag díriú ar rioscaí sainiúla mar íocaíochtaí airgid tirim, stádas fostaíochta, cuideachtaí phoenix, stiúrthóirí folaitheacha, calaois chéannachta agus comhlíonadh cánach ginearálta.

I Limistéar Cánach amháin thug 45 iniúchadh ar an earnáil thar 18 mí €1.6 milliún breise cánach. Aithníodh 60 fostaí nua agus cláraíodh cuideachta nua amháin. Sa dara Limistéar tugadh cuairt go sainiúil ar 100 teach tábhairne agus club oíche maidir lena socruithe slándála. Bhain na saincheisteanna a aithníodh go príomha le mírialtachtaí CBL (lena n-áirítear úsáid sonrasc bréige), neamh-asbhaint ÍMAT/ÁSPC, agus saincheisteanna clárúcháin cánach.

Ag éirí as cásanna 2006, tá comhaid á n-ullmhú don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i 2 cás, agus tá ionchúiseamh a d'fhéadfadh a bheith i gceist á scrúdú ag Rannán Fiosraithe agus Ionchúiseamh na gCoimisinéirí Ioncaim i 3 cás eile.

Earnáil an Sciob-Bhia

Roghnaíodh 62 cás le hiniúchadh a dhéanamh orthu san earnáil seo i Limistéar Cánach amháin. Chuir oifigigh faire ar bun, faire lasmuigh d'uaire oibre san áireamh, ar roinnt ionad le faisnéis a bhailiú faoin earnáil sula gcuirfí tús leis an tionscadal. Ba iad na príomh-shaincheisteanna imní a aithníodh ná íocaíochtaí airgid tirim, neamhthaifeadadh admhálacha gnó, taifeadadh ceannacháin mhíchruinn, lena n-áirítear ceannacháin airgid tirim, cuntais bhainc neamhnochtaithe agus aistriú ioncaim ón ngnó thar lear.

Tugadh 29 iniúchadh chun críche rud a chuir dliteanas breise cánach €1.8 milliún ar fáil. Chomh maith leis sin d'íoc na cásanna a bhí fós oscailte ag deireadh 2006 €718,463 ar cuntas.

Oibríocht Viking

Lean foireann comhpháirtíochta ó Limistéar Bhaile Átha Cliath agus ón Rannán Fiosruithe agus Ionchúiseamh (IPD), a bunaíodh i 2005, orthu ag cur in aghaidh imghabháil Cháin Clárúcháin Feithicle (CCF) agus CBL a raibh amhras faoi ar 'allmhairiú' carranna ardluacha nua isteach sa Stát le linn 2006. Bhí méid na cánach a bhí i mbaol ar gach carr an-suntasach.

Bhí grúpa iniúchóirí ildisciplíneach mar aon le himscrúdaitheoirí agus oifigigh fhorfheidhmithe ar an bhfoireann agus an saineolas acu leanúint de shaincheisteanna a bhain le Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáideach agus ÍMAT/ÁSPC fostóirí – chomh maith le CBL agus CCF. Leathnaigh an t-imscrúdú go dtí roinnt fiontar gnó agus forbairtí maoine a raibh baint ag daoine ar gabhadh a gcarranna leo. Thángthas ar imghabháil cháin bhóthair freisin agus cuireadh é sin in iúil do na húdaráis iomchuí.

Chuidigh eolas a fuarthas ó údaráis na Ríocht Aontaithe faoin gCúnamh Frithpháirteach go mór leis an imscrúdú maidir le 81 feithicil a soláthraíodh saor ó CBL do dhíoltóirí agus do dhaoine aonair sa Stát seo. Go dtí seo, bhí de thoradh ar an oibríocht gur gabhadh 160 feithicil, agus bhí beagnach 80 díobh sin sa chatagóir ardluacha agus luach cónasctha €5.5 milliún acu. Scaoileadh 60 de na feithiclí ardluacha seo ar íocaíocht beagnach €1.5 milliún i CCF agus CBL nach raibh íoctha, lena n-áirítear píonóis agus ús. Bhí amhras ar roinnt garáistí/díoltóirí faoi allmhairiú agus díol carranna nua nach raibh CBL íoctha orthu a éascú agus díríodh orthu seo le himscrúdú/iniúchadh a dhéanamh.

Tá mionsonraí faoi mhí-úsáid CCF agus CBL a aimsíodh le linn Oibríocht Viking curtha chuig gach Limistéar Cánach eile chun cuidiú leo agus iad i mbun oibríochta mar í. Bainfear úsáid as an gcur chuige cásbhainistíochta iomlán a thacaigh le hOibríocht Viking mar theimpléad do na tionscadail Réigiúnacha.

Tábla 13: Torthaí Chlár Tástála ar Chomhlíonadh Cánach

Banda Torthaí	Líon na gCásanna	% de Chásanna Tugtha Chun Críche
Neamhní	137	73.26
<€2,000	24	12.83
€2,001 go €5,000	13	6.95
€5,001 go €10,000	7	3.74
€10,001 go €20,000	4	2.14
€20,001 go €50,000	1	0.54
> €50,001	1	0.54
Iomlán	**187**	**100**

Clár Tástála ar Chomhlíonadh Cánach

Chun cothromaíocht a chinntiú idir riosca agus clúdach an bhoinn cháiníocóirí agus chun ár gcur chuige rioscabhunaithe a bhailíochtú, rinne na Coimisinéirí Ioncaim clár iniúchta randamach bunaithe ar thréimhsí cuntasaíochta a chríochnaigh sa bhliain féilire 2004. Is iad príomhchuspóirí an chláir, comhlíonadh a thomhas agus a rianú, agus a chinntiú go mbeidh an baol céanna ann do gach cáiníocóir go roghnófaí é nó í le hiniúchadh a dhéanamh air nó uirthi. Roghnaíomar 402 cás don chlár sin i 2006 agus, astu sin, tá 187 cás tugtha chun críche amhail an 31 Márta 2007, a raibh toradh de €293,475 faighte orthu. Aisghabháladh €78,409 breise do na tréimhsí cuntasaíochta seachas iad sin dar chríoch sa bhliain féilire 2004.

Gníomh Thráthúil agus Daingean in aghaidh a bheith mall ag comhadú tuairisceáin agus íocaíochta nó neamh-chomhadú tuairisceáin agus íocaíochtaí

Muirir Úis

Is é an príomh-mhodh a úsáidtear chun feabhas a chur ar chomhlíonadh maidir le híocaíocht thráthúil ná ús a ghearradh ar íocaíocht mhall cánach. Bailíodh €71 milliún in ús i 2006, laghdú €10 milliún ar 2005 agus sin mar thoradh ar leibhéil chomhlíonta íocaíochta níos fearr. Is ús ar leithligh é sin ón ús a gearradh agus a bailíodh mar thoradh ar iniúchtaí agus imscrúduithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tábla 14: Ionchúisimh de bhrí nár Comhadaíodh Tuairisceáin Cháin Ioncaim agus Cháin Chorparáide

	Cáin	2006	2005
Eisíodh litreacha rabhaidh an Aturnae Ioncaim	IT	17,027	17,432
	CT	919	1,376
Cásanna tarchurtha le tús a chur le himeachtaí dlí	IT	2,548	2,135
	CT	206	45
Ciontuithe	IT	1,205	1,090
	CT	18	25

Tábla 15: Cláir Fhorfheidhmithe Bailithe

		Torthaí 2006	Torthaí 2005
Aturnae	Líon na dTarchur	7,018	6,485
	Luach na dTarchur	€205.3m	€161.4m
	Íocaíochtaí a Fuarthas	€70.9m	€59.6m
Sirriam	Líon na dTarchur	45,444	42,239
	Luach na dTarchur	€530.6m	€481.4m
	Íocaíochtaí a Fuarthas	*€242.8m	€139.6m
Astú Sócmhainní	Líon na nOrduithe Astuithe	2,253	2,253
	Líon an nOrduithe Astuithe a Eisíodh	€131.4m	€121.2m
	Íocaíochtaí a Fuarthas	€33.7m	€27.2m

* *Tabhair ar Aird: Áirítear íocaíochtaí de €91m a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an méid a bailíodh i 2006 chomh maith le íocaíochtaí a rinneadh go díreach leis na Siarriamaí. Ní raibh an figiúr d'íocaíochtaí leis na Coimisinéirí ar fáil sna blianta roimhe seo.*

Ionchúiseamh as Teipeadh Tuairisceáin a Chomhadú

Leanadh ar thóir daoine nár chomhadaigh tuairisceáin Cháin Ioncaim agus Cháin Chorparáide. Cuireadh tús le himeachtaí dlí i mbreis agus 2,754 cás (sin ardú 26% ar fhigiúr na bliana roimhe sin) agus baineadh ciontuithe amach i 1,223 cás. Gearradh fíneálacha dar luach €2.1 milliún.

Bíonn na Coimisinéirí Ioncaim i mbun clár ionchúisimh agus pionóis freisin dóibh sin nach gcomhadaíonn tuairisceáin CBL agus P35anna. Tarchuireadh 210 cás lena n-ionchúiseamh i 2006. Baineadh 72 ciontú amach a raibh fíneálacha de €0.298 milliún ina n-iomlán gearrtha orthu agus cimíodh duine amháin chun príosúin de bhrí nár íocadh fíneáil. Ina theannta sin, gearradh pionóis shibhialta ar 728 fostóir toisc go raibh siad déanach ag comhadú a dtuairisceáin P35. Tionscnaíodh breithiúnais i 47 de na cásanna sin agus bhí pionóis de €0.119 milliún gearrtha. Tá roinnt cásanna ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Forfheidhmiú Bailithe

I 2006, léiríomar chomh dírithe agus a bhíomar arís dul i ngleic le cáiníocóirí nach mbíonn ag comhlíonadh trí ghníomh forfheidhmithe bailithe éifeachtach a ghlacadh nuair a bhí gá leis sin. Leanaimid ar aghaidh ag forbairt ár straitéisí chun smachtbhannaí láidre a chur i bhfeidhm ar cháiníocóirí nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí íocaíochta cánach in aon turas.

Bhí ardú 8% in iomlán ar líon na gcásanna a tarchuireadh chuig sirriamaí agus bhí ardú 10% ar luach na cánach agus an úis a tarchuireadh lena bailiú. I gcás aturnaetha seachtracha, bhí ardú 8% ar líon na gcásanna a tarchuireadh i 2006 agus bhí ardú 27% ar luach. D'fhan an líon orduithe astuithe ag an leibhéal céanna le 2005 ach bhí ardú €10 milliún ar luach na n-orduithe sin.

Is léiriú iad na torthaí, i gcomhthéacs ardú 8% sa bhonn cáiníocóirí iomchuí, ar rathúlacht ár straitéise chun íocaíocht thráthúil a chur chun cinn.

Threisíomar ár gcóras malartaithe sonraí freisin le sirriamaí trí shaoráid ghréasán-bhunaithe níos fearr a thabhairt isteach. Ligeann sin do shirriamaí sonraí a bhailíochtú níos tapúla ar líne agus baintear leas as teicneolaíocht cothrom le dáta chun seirbhís níos éifeachtúla a sheachadadh.

Tábla 16: Díscríobh

Bliain	Díscríobh - €m	Ollfháltais - €m	Díscríobh %
2001	140	37,596	0.37%
2002	178	39,990	0.45%
2003	120	43,770	0.27%
2004	173	48,525	0.36%
2005	143	54,152	0.26%
2006	120	62,325	0.19%
Meán			**0.32%**

Bíonn na Coimisinéirí Ioncaim i mbun cásanna neamh-chomhlíonta tromchúiseacha nach bhfreagraíonn do na bearta bailithe forfheidhmithe caighdeánacha, go gníomhach, trí leas a bhaint as gníomh forfheidhmithe eiseamláireach.

I rith 2006, ba é an toradh a bhí ar ghníomh den sórt sin ná gur bailíodh €6.9m. Ina theannta sin, dearbhaíodh beirt ina bhféimhigh agus cuireadh tús le himeachtaí féimheachta do bheirt eile agus tionscnaíodh trí dhíolachán éigeantacha maoine.

Dócmhainneacht

Mar chuid dár gcur chuige foriomlán maidir le bailiú fiach agus forfheidhmiú, tá polasaí againn maidir le bheith rannpháirteach go gníomhach i leachtú cuideachtaí, i nglacadóireachtaí agus i scrúdaitheoireachtaí. I rith 2006, rinneamar achainí ar an Ard-Chúirt leachtóirí a cheapadh chun cuideachtaí creidiúnaithe a fhoirceannadh. Rinne na Coimisinéirí Ioncaim achainí chuig na Cúirteanna ar 27 ócáid tar éis 55 fógra a bheith eisithe faoi Alt 214 d'Acht na gCuideachtaí 1963. D'fhreastail na Coimisinéirí Ioncaim ar 157 cruinniú creidiúnaithe agus lean siad lena ról gníomhach i gCoistí Cigireachta.

Nuair a bhíonn sin riachtanach, bíonn na Coimisinéirí Ioncaim ag tabhairt tacaíocht airgeadais do chleachtóirí dócmhainneachta a bhíonn ag scrúdú cuideachtaí dócmhainneacha le heasnaimh mhóra agus ag dul sa tóir ar stiúrthóirí bradacha. Leanann idirchaidreamh dlúth le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Cásanna Phoenix/Cásanna Comóntachta

Tá dhá chlár dea-bhunaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a dhíríonn ar mhí-úsáid dliteanas teoranta. Díríonn clár amháin go príomha ar "shiondróm phoenix", nuair a charnaíonn an chuideachta theoranta bhunaidh fiacha cánacha ollmhóra agus ansin tréigtear í ach leanann an gnólacht ar aghaidh leis na geallsealbhóirí céanna ag úsáid cuideachta nua-bhunaithe. Díríonn an dara clár ar chnuasaigh gnólachtaí ar leithligh a bhíonn rialaithe ag an duine céanna nó ag na daoine céanna agus go gcarnaíonn na gnólachtaí dliteanais chánach go córasach sula stopann siad ag trádáil. Rinneadh faire ar 2,767 cuideachta in iomlán faoin dá chlár i rith 2006.

Díscríobh

Beidh cion beag riaráistí i gceist i gcónaí nach bhféadfar a bhailiú in ainneoin gach iarrachta iad a bhailiú, de bharr raon cúiseanna, lena n-áirítear cruachás. I 2006, bhíothas den tuairim nach bhféadfaí €120 milliún in iomlán a bhailiú agus díscríobhadh é d'fhiacha na gCoimisinéirí Ioncaim. B'ionann é sin agus 0.19% de na hollfháltais agus ba é an cóimheas ba lú de dhíscríobh le sé bliana anuas.

Imscrúdú agus ionchúiseamh ó thaobh imghabháil chánach agus gníomhaíocht chalaoiseach

Imscrúduithe Speisialta

I rith na bliana 2006, shroich an toradh iomlán carnach ó na holltionscadail imscrúduithe "le hoidhreacht" (Polasaí Árachais Préimhe Aonair, Sócmhainní Eischósta, Cuntais Ansbacher, Cuntais Bhréige Neamhchónaitheacha, Árachais Míochaine Cléireachais/Scéim Bhanc Náisiúnta na hÉireann agus fiosrúcháin a bhaineann le Binsí) €2.28 billiún. Bhí an iarobair chun cáiníocóirí nach raibh tagtha chun cinn go dtí sin mar phríomhfhócas i gcónaí dár ngníomhaíocht imscrúdaithe. Bailíodh €119.6 milliún sa bhliain 2006 agus as sin bhain €88.3 milliún le hImsrúduithe na Sócmhainní Eischósta agus na bPolasaithe Árachais Préimhe Aonair.

Imscrúdú ar Shócmhainní Eischósta (OAG)

Leanadh leis an tImscrúdú ar Shócmhainní Eischósta i rith 2006, imscrúdú a dhíríonn ar cháiníocóirí a bhíonn ina gcónaí in Éirinn agus a úsáideann saoráidí eischósta chun cáin a imghabháil. Bailíodh €55.3 milliún sa bhreis san imscrúdú inar aithníodh agus leanadh daoine ar theip orthu nochtadh deonach a dhéanamh, thug sin an toradh iomlán ón imscrúdú go dtí €852 milliún. Cuidíodh leis an obair sin trí fhaisnéis a ndearnadh rochtain air mar thoradh ar Orduithe Ard-Chúirte a bheith faighte i ndáil le gluaiseachtaí cistí chuig an Stát agus ón Stát. Lorgófar tuilleadh Orduithe ón Ard-Chúirt i 2007. Amhail an 31 Nollaig 2006, dhaingnigh an tImscrúdú ar Shócmhainní Eischósta an tsuim is mó de gach imscrúdú "le hoidhreacht".

Imscrúdú Ansbacher

Táthar ag leanúint le hImscrúdú Ansbacher agus bhí 237 as an 289 cás a tugadh ar dtús tugtha chun críche ag deireadh 2006. Tá an t-imscrúdú, a d'éiligh úsáid leathan as cumhachtaí reachtúla, ag scrúdú seasamh cánach na gcásanna atáthar a scrúdú. Bailíodh €10.67 milliún breise i 2006, agus tugann sin an toradh iomlán ón imscrúdú go dtí €66.4 milliún.

Faoi dheireadh na bliana, rinneadh 13 iarratas ar éirigh leo chuig an Ard-Chúirt ar Orduithe a éilíonn ar institiúidí airgeadais agus ar thríú páirtithe leabhair, taifid agus doiciméadacht eile a bheadh iomchuí do dhliteanais sealbhóirí cuntas Ansbacher a sholáthar. Déanfar tuilleadh iarratais Ard-Chúirte i rith 2007.

Tábla 17: Imscrúdú Sócmhainní Eischósta – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006

Institiúid Airgeadais	An Líon Cásanna			Íocaíochtaí €m
Fochuideachta Ghéirsí	254			105.2
Fochuideachta Oileán Mhanann	1,250			46
Eile	12,727			700.8
		Cáin	389.4	
		Ús agus Píonóis	462.6	
Iomlán	**14,231**			**852.0**

Tábla 18: Imscrúdú Ansbacher – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006

		Íocaíochtaí €m
Líon na gcásanna	289	
Líon iomlán na gcásanna a tugadh chun críche	237	
Cáin		20.22
Ús agus Pionóis		33.58
Eile*		12.62
Iomlán		**66.42**

** Áirítear ann íocaíochtaí ar chuntas*

Tábla 19: Cuntais Bhréige Neamh-Chónaitheacha – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006

			Íocaíochtaí €m
Iniúchtaí DIRT			225
Nochtadh Deonach			227.2
Imscrúduithe Leannta			397.5
	Cáin	335.2	
	Ús agus Pionóis	514.5	
Iomlán			**849.7**

Cuntais Bhréige Neamh-Chónaitheacha

Ba é an toradh do 2006 ó na Cuntais Bhréige Neamh-Chónaitheacha ná €15.5 milliún, agus sin le rá gurb é an toradh iomlán ag deireadh 2006 ná €849.7 milliún. Is gearr go mbeidh an t-imscrúdú sin críochnaihe agus beidh os cionn 99% de na cásanna tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.

Cistí Neamhnochtaithe – Táirgí Árachais Saoil

Tosaíodh an chéim nochtadh deonach den imscrúdú seo, a dhírigh ar ghnóthaí cánach shealbhóirí polasaí a d'úsaid táirgí infheistíocht árachais saoil chun cáin a imghabháil i rith 2005. Tugadh an chéim sin chun críche agus go dtí seo, rinne 5,150 duine aonair íocaíochtaí de €410 milliún in iomlán chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

Cuireadh tús leis an gcéim leanta i mí na Bealtaine 2005. Tá dul chun cinn maith déanta air sin anois agus lorgaíodh agus deonadh 11 Ordú Ard-Chúirte i rith 2006. Mar thoradh air sin, sa chuid deireadh de 2006, sholáthair na cuideachtaí árachais iomchuí mionsonraí airgeadais áirithe maidir le sealbhóirí polasaí do na Coimisinéirí Ioncaim. Chuir an cur chuige a glacadh leis ar ár gcumas a bheith níos dírithe i rith na céime leanta den imscrúdú seo. Ba é an toradh iomlán ón imscrúdú sin i rith 2006 ná €33 milliún.

Tábla 20: Cistí Neamhnochtaithe – Táirgí Árachais Saoil – Dul Chun Cinn go dtí Deireadh 2006

	Líon na gCásanna	Íocaíochtaí €m
Líon na gcásanna	5,150	410
Cáin (Measta)	59	5
Ús agus Pionóis (Measta)	133	
Ús agus Pionóis (Measta)	282	
Iomlán	**5,209**	**415**

Tábla 21: Árachas Míochaine Cléireachais(CMI) – Scéim Bhanc Náisiúnta na hÉireann (CMI/NIB) hÉreann (CMI/NIB)

		Íocaíochtaí €m
Cásanna a díríodh orthu ar dtús le himscrúdú	465	
Imscrúduithe tugtha chun críche faoi dheireadh 2006	432	
Cásanna faoi réir imscrúdú leanúnach (Íocaíochtaí ar chuntas cothrom le €3 milliún íoctha)	33	
Cáin		26.3
Ús agus Pionóis		29.5
Íocaíochtaí ar chuntas		3.0
Iomlán [1]		**58.8**

[1] *Áirítear €3.4 milliún i ndáil le Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla a bailíodh i ndáil le 164 cás inár íoc NIB cúiteamh le hinfheisteoirí san iomlán de €58.8 milliún.*

Scéim an Árachais Liachta Chléirigh/Bhanc Náisiúnta na hÉireann (CMI/NIB)

Leanadh leis an t-imscrúdú sin i rith 2006 agus bailíodh €1.9 milliún breise agus tugann sin an toradh iomlán ón imscrúdú go dtí €58.8 milliún. Tá 93% de na cásanna a aithníodh lena n-imscrúdú tugtha chun críche anois.

Binsí

Lean na Coimisinéirí Ioncaim ag faire gníomhaíochtaí Bhinse Moriarty agus Bhinse Mahon. Táthar ag leanúint ar aghaidh le himscrúduithe i ndáil le cásanna áirithe. €3.21 milliún an toradh do 2006 agus thug sin an toradh carnach amhail an 31 Nollaig 2006 go dtí €39.4 milliún.

Tábla 22: Ionchúisimh agus Tarchurtha ar Ionchúisimh i 2006

Ciontuithe maidir le hImghabháil Thromchúiseach[1]		Cásanna Tromchúiseacha maidir le Imghabháil Cánach Dleachta Tarchurtha chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí		Ciontuithe maidir le Cásanna Achoimre	
Cáin	Dleacht	Cáin	Dleacht	Cáin	Dleacht
3	4	20	5	1,335	515

1 *Tugtar cásanna 'tromchúiseacha' ar chásanna a imscrúdaíonn ár Rannán Imscrúduithe agus Ionchúiseamh le súil agus díotálacha a dhaingniú.*

Ionchúiseamh Cásanna Imghabháil Thromchúiseach Cánach agus Dleachta

Amhail an 31 Nollaig 2006, bhí seacht gcás thromchúiseacha cánach agus dleachta tugtha chun críche. Bhí seacht gciontú mar thoradh orthu sin, lena n-áirítear cás amháin a ngearrfar pianbhreith air i 2007. Cuireadh trí chás pianbhreitheanna ar fionraí, ceann de dhá bhliain agus péire de shé mhí, mar aon le fíneálacha de €41,021.71 in iomlán.

Ina theannta sin, tarchuireadh 25 cás chuig An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tugadh treoracha maidir le 18 cás agus eisíodh toghairmeacha maidir le 16 cás. Faoi dheireadh na bliana, bhí 22 cás os comhair na gCúirteanna, bhí treoracha tugtha ag An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí 12 cás eile a ionchúiseamh agus bhí 11 cás eile a ndearnadh iad a tharchur chuige á mbreithniú aige. Bhí 55 cás eile faoi réir ag imscrúduithe coiriúla leanúnacha. Tríd is tríd, amhail an 31 Nollag 2006, bhí 100 cás d'imghabháil thromchúiseach cánach agus dleachta sa phróiseas imscrúdaithe coiriúla/Cúirte.

Forfheidhmiú agus Ionchúiseamh Custaim agus Máil

Urghabhálacha Substaintí Rialaithe

Leanadh le gníomhaíocht bhríomhar i 2006 agus drugaí rialaithe á mbrath. Tháinig ardú 25% ar an líon a braitheadh cé gur laghdaigh luach na ndrugaí a urgabháladh. I measc na n-urghabhálacha drugaí ba shuntasaí bhí 26kg cóicín a bhí i bhfolach laistigh d'fhrámaí boscaí pacála, 10kg leacht ina raibh an mearúigin Dimethyltryptamine (DMT) – an chéad uair a braitheadh an druga sin sa Stát agus ceann de na chéad uaireanta a dtángthas air san Eoraip. Áirítear ar urghabhálacha drugaí eile LSD Microdots, mar aon le cainníochtaí móra de chógais ar oideas agus stéaróidigh.

Seachas drugaí, bímid sa tóir ar tháirgí gaolmhara mar ghníomhairí chun drugaí a ghearradh agus a mheascadh, cnaipí cóicín, meaisíní déanta táibléad agus míreanna riachtanacha eile chun drugaí neamhdhleathacha a tháirgeadh, a dhíol nó a sholáthar. Maidir leis sin, tionscnaíodh roinnt oibríochtaí a dhíríonn ar allmhairiú tráchtála táirgí mar lidocaine, mannatól agus gníomhairí gearrtha ionadach eile. Bhíomar rannpháirteach i gcomhoibríochtaí eile lenár gcomhghleacaithe sa Gharda Síochána ag faire gluaiseacht táirgí den sórt sin sa Stát agus seo a leanas na torthaí a bhí leis sin:

Tábla 23: Urghabhálacha Drugaí i 2006

Cineál Druga	Líon na n-Urghabhálacha	Cáinníocht	Luach €m
Cannabas Luibhe	1,006	131.013 kg	260,000
Roisín Cannabas	375	25.560 kg	176,000
Eacstais	8	0.338 kg	13,000
Hearóin	4	0.560 kg	51,000
Cóicín	60	61.081 kg	6,001,000
Khat	11	473 kg	905,000
LSD	2	1,528 táibléid 0.001 kg	15,000
Eile*	57	1,335 táibléid 60.275 kg	1,214,000
Iomlán	**1,523**		**8,635,000**

**"Áirítear le Eile" Amfataimíní, Réamhcheimiceáin, Beacáin Draíochta (78.21 Kg), Stéaróidigh & meascán de chógais ar oideas. Áirítear leis na figiúirí thuas urghabhálacha a rinneadh i rith comhoibríochtaí leis An Garda Síochána.*

- Ag aithint naisc le hollghrúpaí coiriúla eagraithe cóicín.
- Naisc iarghabhálacha a bhunú le hurghabhálacha cóicín ollmhóra le dhá bhliain anuas.
- Daoine aonair nach gcomhlíonann a ndualgas cánach a aithint agus a bhailíonn saibhreas ollmhór as a gcuid gníomhaíochtaí.
- Cur leis an bpoitéinseal urghabhálacha drugaí ollmhóra a tháirgeadh d'Fhorfheidhmiú Dlí.

Leanaimid ag faire gluaiseachtaí tráchtála den sórt sin maidir le táirgí agus bímid ag idirchaidreamh leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla maidir le gnéithe airgeadais na ndaoine sin a bhíonn rannpháirteach sa ghníomhaíocht sin.

Léiríonn na táblaí seo a leanas achoimre ar urghabhálacha Custaim agus Máilthar raon leathan gníomhaíochtaí forfheidhmithe i rith 2006.

Urghabhálacha Airm Tine a Rinne Seirbhís Chustaim na gCoimisnéirí Ioncaim i 2006

I rith 2006, mar dár dtroid i gcoinne coiriúlachta, ghabh Seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim na hairm tine seo a leanas: 14 stiúdghunna, 19 aerghunna, 2 crossbó, comhpháirteanna agus méideanna éagsúla armlóin. Gabhadh 53 scian agus claíomh agus spraeanna aerasóil gáis urchóideacha freisin. Áirítear ar na gabhálacha sin, roinnt comhoibríochtaí leis an nGarda Síochána.

Tábla 24: Táirgí Máil a Gabhadh i 2006

Táirge	Líon na n-Urghabhálacha	Cáinníocht	Luach €m
Beoir	30	21,369 lítir	0.115
Biotáille	138	2,903 lítir	0.103
Fíon	48	33,482 lítir	0.400
Toitíní	17,266	52,343,493	17.98
Tobac	640	2,068 kg	0.591
Ola	35	164,157 lítir[1]	Féach thíos[2]
Eile[3]	1,081		

[1] *Áirítear air ola sciúrtha, smuigléireacht agus ola mianraí marcáilte*

[2] *Aimsíodh sciúrlann ola amháin.*

[3] *Baineann urghabhálacha eile le hearraí neamh-inmháilithe ar nós earraí góghumtha agus pornagrafaíocht*

Smuigléireacht Toitíní agus Tobac

B'ionann agus 52.3 milliún an líon iomlán toitíní a gabhadh i 2006, ardú ar éigean ón mbliain roimhe sin. Thángthas ar roinnt urghabhálacha suntasacha ar iompar mara. Mar sin féin, bhí ardú a d'fhéadfaí a bhrath ar líon na n-urghabhálacha toitíní a allmhairíodh tríd an aer, go háirithe trí Aerfort Bhaile Átha Cliath, áit a ndearnadh 1,951 urghabhálacha a bhí comhdhéanta de 22.7 milliún toitín agus 269 kg tobac.

Tugadh aghaidh ar gháinneáil eagraithe trí mheascán de ghabhadh agus ionchúiseamh. Bhí 139 ciontú mar thoradh foriomlán ar na hionchúisimh maidir le smuigléireacht toitíní i rith 2006 agus ghearr na Cúirteanna fíneálacha de €55,525 agus bhí pianbhreitheanna príosúin ar fionraí i dhá chás. Idir an dá linn, bhí 38 cás eile os comhair na gCúirteanna ag feitheamh éisteachta i 2007 agus próiseáladh 56 cás eile lena n-ionchúiseamh.

Calaois Ola Mhianraí

I rith na bliana, bhí an líon a braitheadh i ndáil le cionta Ola Mhianraí i dtancanna breosla ag 1,223 – ísliú ar éigean ar an mbliain roimhe sin. Ina measc sin, bhí 23 brath maidir le díosail sciúrtha. Bhí 199 ciontú ann maidir le húsáid Ola Mhianraí Marcáilte, agus b'shin ardú 15% ar an mbliain roimhe sin. Gearradh fíneálacha de €217,545 (Tábla 25). Íocadh pionóis comhréitigh de €692,965 in iomlán in 802 cás eile agus gabhadh 211 feithicil a bhí ceangailte le cionta ola. Ina theannta sin, slánaíodh 22 ciontú do bhrath tráchtálta de mhiondíoltóirí agus/nó tarlóirí, maidir le cionta ola sciúrtha. I rith na n-oibríochtaí sin, gabhadh 141,000 lítear d'ola sciúrtha.

Rinneadh imscrúdú speisialta ar fud na tíre i rith na bliana freisin lena aimsiú cibé an raibh nó nach raibh breosla sciúrtha á dhíol trí ionaid mhiondíola nó á úsáid ag tarlóirí agus ag oibreoirí bus. Tarraingíodh 4,600 sampla i rith an imscrúdaith esin agus ba é an toradh a bhí ar sin ná gur aimsíodh 73 breosla sciúrtha.

Tábla 25: Ionchúisimh agus Ciontuithe Custaim, Máil agus CCF

	Tús le hImeachtaí		An líon a Ciontaíodh		Fíneálacha a Gearradh €	
	2006	2005	2006	2005	2006	2005
Díolachán Mídhleathach	3	8	6	3	5,775	2,235
Smuigléireacht Tobac	176	151	139*	102	55,525	40,650
Smuigléireacht Deochanna Meisciúla	8	17	9	17	6,900	47,000
Ola Sciúrtha (Aimsithe Tráchtála ó Mhiondíoltóirí & ó Iompróirí)	39	11	22	13	72,397	25,950
Smuigléireacht Ola	0	1	0	1	0	1,900
Calaois Custaim Eile (Biotáille Góchumtha)	0	7	0	3	0	8,650
Cionta CCF	57	45	8	23	11,440	19,726
Ola Mianraí Marcáilte	294	316	199	173	217,545	175,704
Trádáil Neamhcheadúnaithe						
Deochanna Meisciúla	126	195	112	108	85,442	82,481
Díoltóirí Ola Hidreacarbóin	14	31	16	17	17,510	18,470
Measíní Cearrbhachais/Siamsa	1	12	2	12	2,065	12,111
Ceantálaithe/Gníomhairí Títhe	2	5	1	2	700	915
Geallghlacadóireacht	2	2	1	1	3,800	1,900
Iomlán	**722**	**801**	**515**	**475**	**479,099**	**437,692**

**Ciontú indíotáilte amháin san áireamh*

Urghabhálacha Airgid ag Calafoirt agus ag Aerfoirt

Rinne oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim 11 gabhálacha d'airgead tirim a raibh amhras faoi gur airgead coireachta a bhí ann arb ionann agus €724,894 i 2006. Ba é sin an chéad bhliain iomlán d'oibriú an Achta um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005, a leathnaigh an scóip a bhí ag an reachtaíocht (a chlúdaíonn gabháil drugaí a bhfuil amhras fúthu atá nasctha le hairgead tirim faoi Acht um Cheartas Coiriúil 1994) chun airgead tirim a cheaptar a bheith mar thoradh ar choireacht nó a bheadh beartaithe d'iompar coiriúlachta.

Rinneadh seacht gcinn de na gabhálacha ag aerfoirt, trí cinn ag calafoirt farantóireachta agus ceann amháin agus cuardach á dhéanamh do thoitíní contrabhanna. Paisinéirí a bhí ag taisteal idir Éirinn agus an Ísiltír, an Spáinn, an Laitvia, an Nigéir, an Pholainn agus an Ríocht Aontaithe a bhí i gceist nuair a gabhadh airgead agus é á allmhairiú nó á onnmhairiú. Áirítear ar an gcoiriúlacht a raibh amhras faoi, gáinneáil ar dhrugaí, smuigléireacht toitíní agus imghabháil cánach.

D'eisigh na Cúirteanna dhá Ordú Forghéillte arb ionann agus €25,266 i rith 2006. Tá cúig chás breise os comhair na Cúirte Dúiche ag feitheamh éisteachta/cinnidh. Cheadaigh an An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí seacht gcás eile le hiarratas a dhéanamh chuig na Cúirteanna tar éis imscrúdaithe agus fianaise a bhailiú.

Earraí Góghumtha agus Bradacha

Ní hamháin go gcuireann allmhairiú agus díol earraí góghumtha isteach ar bhailiú cánach ach tá dlúthnasc idir é agus coireacht eagraithe agus tá sé fós mar bhagairt mhór ar thrádáil domhanda, ar shláinte agus ar shábháilteacht tomhaltóirí agus ar shaibhreas eacnamaíoch náisiúnta. Tháinig ardú 15% thar an bhliain roimhe sin in iomlán ar líon na ngabhálacha.

Rinneadh 455 urghabhálacha in iomlán i rith na bliana a bhí comhdhéanta de 18,785 mír agus luach de bheagnach €1.2 milliún. Bhí cuid ollmhór de na hearraí foriomlána a urghabháladh comhdhéanta den ghnáthmheascán d'earraí brandáilte den chéad scoth mar éadach, cosbheart, málaí láimhe etc., 11,175 DVD góghumtha a dtángthas orthu i 326 urghabháil. Tháinig ardú 27% ar an líon iarratas ó Shealbhóirí Cirt i 2006 freisin a dhéanann iarratas ar na Coimisinéirí Ioncaim maidir le gníomh Custaim maidir le hearraí a raibh amhras fúthu go rabhadar ag sárú a gCearta Maoine Intleachtúla a bhrath agus a urghabháil.

Rinneadh forbairt bhreise i 2006 nuair a bunaíodh coiste idir-rannach chun bearta chun dul i ngleic le DVDanna bradacha a chomhordú. Tá an coiste seo, faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus tá ionadaí air ó na Coimisinéirí Ioncaim mar aon le hionadaí ón nGarda Síochána agus ó Ranna Rialtais eile lena mbaineann. Tá sé i gceist ag an gcoiste, a lorg agus a fuair aighneachtaí ó thríú páirtithe leasmhara, a dtuarascáil a fhoilsiú i 2007.

Tábla 26: Earraí Góghumtha agus Bradacha

	2006	2005
Líon na n-Urghabhálacha	455	397
Líon Míreanna a Gabhadh	18,785	622,120
Luach Mheasta na Míreanna a Gabhadh	€1.2m	€2.03m

Sciúradh Airgid agus Tuairiscí Idirbhearta a Raibh Amhras Fúthu

I rith 2006, fuarthas 12,470 tuairisc ó na comhlachtaí ainmnithe éagsúla lena n-áirítear aturnaetha, cuntasóirí, iniúchóirí, gníomhairí eastát, comhairleoirí cánach agus daoine a bhíonn ag déileáil le hearraí ardluacha. Déantar meastóireacht ar na tuairiscí le súil agus iad a úsáid in imscrúduithe agus in iniúchtaí, lena n-áirítear imscrúduithe coiriúlachta. Oibríonn na Coimisinéirí Ioncaim agus Biúró um Imscrúdú Calaoise an Gharda Síochána go dlúth le chéile le comhordú gníomhaíocht leanta a chinntiú idir an dá ghníomhaireacht.

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla (CAB)

Oibríonn deichniúr oifigeach de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim go lánaimseartha leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus CAB €19.19 milliún in iomlán i bhfáltais chánach leis na Coimisinéirí Ioncaim i 2006.

Oibríochtaí Cháin ar Chlárúcháin Feithiclí (CCF)

Bíonn oibríochtaí CCF comhdhéanta de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe rialta a dhéantar gach lá, mar aon le hoibríochtaí blitz CCF, a shocraítear go tréimhsiúil chun léiriú a thabhairt ar na leibhéil fhoriomlána comhlíonta ag amanna áirithe.

Mar thoradh ar bhrathadóireacht atá déanta agus ar fheithiclí a urghabhálach, gabhadh €7,979,296 i gCáin ar Chlárúcháin Feithiclí agus gearradh pionóis de €709,147 chun feithiclí a urghabháladh a scaoileadh saor. Urghabháladh 993 feithicil in iomlán i rith na bliana.

Tugadh aird ar leith ar jípeanna paisinéirí den scoth agus ar Fheithiclí Úsáidte Spóirt (SUVanna). Mar thoradh air sin, aithníodh €1.1 milliún breise de cháin in imghabháladh agus aisghabháladh a fhormhór dó sin.

Sonraíonn Tábla 25 cásanna a ionchúisíodh trí na Cúirteanna.

CBL ar Luaimh agus ar Bháid

Oibríocht Trawl

Is oibríocht leanúnach é sin chun comhlíonadh a chinntiú le Dlí CBL an Chomhphobail a rialaíonn íocaíocht CBL ar luaimh agus ar bháid a fhaigheann cónaitheoirí sa Stáit agus a allmhairítear isteach sa Stát. Áirítear leis an oibríocht cuairteanna ó oifigigh Forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim chuig calafoirt, clubanna luamh agus muiríní lena chinntiú go raibh CBL íoctha ar gach soitheach lena mbaineann.

I rith 2006, tugadh agóid 89 soitheach in iomlán ón bhfoireann ag Beanntraí, Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach, Trá Lí agus Port Láirge. Is é an toradh a bhí orthusan ná gur aisghabháladh €998,770 i CBL agus pionóis – sin ardú 66% ar an mbliain roimhe sin.

Éilimh ar Aisíocaíocht CBL ar Bhreosla Faoin 8ú Treoir CBL

Lean an tionscnamh chun éilimh chalaoise a lóisteálann iompróirí coigríche ar aisíoc CBL breosla a aimsiú rith 2006. As na 67 éileamh a roghnaíodh lena ndeimhiú ag oifigigh forfheidhmithe, diúltaíodh 17 éileamh amach is amach agus laghdaíodh an méid a aisghabháladh i ndáil le 18 éileamh. Cuireadh comhairle maidir le faisnéis iomchuí chuig dlínsí eile.

Ardú ar Aonaid na Madraí

I 2006, cuireadh leis an líon Aonad Madraí Custaim go dtí 12, nuair a cuireadh aonad breise i bhfeidhm do Chorcaigh. Tá athrú ollmhór tarlaithe in imlonnú madraí Freagartha Éighníomhach Ilchuspóra. Is féidir leas a bhaint astu sin chuig leibhéal ard éifeachtachta chun drugaí rialaithe a bhrath i lastas, i bhfeithiclí, i mbagáistí agus ar phaisinéirí. Tháinig ardú ollmhór ar urghabhálacha a bhrath na haonaid sin i 2006 áit ar éirigh go maith le díriú ar ionaid beartán agus poist.

Seicphointí Ilghníomhaireachtaí

Tá an clár seo, atá beartaithe chun comhoibriú a chur chun cinn idir Gníomhaireachtaí Stáit atá freagrach as forfheidhmiú i ndáil leis an tionscal iompóirí, i bhfeidhm le roinnt blianta anois. Áirítear leis oifigigh ó na Coimisinéirí Ioncaim, An Garda Síochána, An Roinn Comhshaoil, An Roinn Iompair agus an tÚdarás um Sláinte agus Sábháilteachta. I rith 2006, cuireadh 54 Seicphointe Ilghníomhaireachta i bhfeidhm ar fud na tíre. Thángthas ar 269 ní ar leith maidir le hOla Mianraí Marcáilte agus CCF. Tuairiscíodh 78 acu sin a bhain le hola lena n-ionchúiseamh. Scaoileadh 36 feithicil a urghabháladh do chionta CCF nuair a íocadh fíneálacha de €49,089 in iomlán.

Tuairisceáin Intrastat & VIES

Éilítear dearbhuithe Intrastat faoin Ionstraim Reachtúil 136/1993 d'fhonn staitisticí trádála AE inmheánacha, a fhoilsíonn an Lár-Oifig Staidrimh. Éilítear ráitis maidir leis an gCóras um Malartú Faisnéise CBL (VIES) de réir mhír 19A den Acht CBL 1972 (arna leasú) chun malartú faisnéise idir Bhallstáit AE a éascú mar a éilítear de réir Rialachán na Comhairle 1798/2003.

I 2006, as na 121 cás a cuireadh ar aghaidh lena n-ionchúiseamh toisc nár comhadaíodh tuairisceáin INTRASTAT, ionchúisíodh 21 sna Cúirteanna. Gearradh fíneálacha dar luach €46,805. Tháinig 45 trádálaí eile ar shocruithe agus bailíodh pionóis de €62,297.

Tionscnaíodh imeachtaí sibhialta toisc nár cuireadh ráitis VIES ar aghaidh i 99 cás. Rinneadh socruithe comhréitigh maidir le 60 cás. Bailíodh pionóis de €117,116 in iomlán.

Seachaint cánach a aithint agus a neodrú agus comhlíonadh éifeachtach a chur chun cinn

Forbraíodh cumas frith-sheachanta tuilleadh i 2006 le cláir fheasachta don fhoireann oibríochta agus bunaíodh naisc níos láidre idir na sainaonaid frith-sheachanta agus iniúchóirí na gCoimisinéirí Ioncaim.

Oibríonn na haonaid Frith-Sheachanta go dlúth leis na rannáin pholasaí chun cuidiú i bhforbairt moltaí reachtúla chun dul i ngleic le seachaint.

I rith 2006, thug na Coimisinéirí comhairle maidir le saincheisteanna reachtúla iomchuí don Roinn Airgeadais agus cuireadh na athruithe reachtúla a leanas i bhfeidhm:

- Tugadh isteach foráil frith-sheachanta chun soláthar a dhéanamh d'athrú i rialacha grúpaí CBL. Foráladh ann go bhféadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, do chríocha CBL, páirtithe a bhíonn dlúthnasctha a ghrúpáil, nuair a bhítear sásta go bhfuil sé riachtanach nó cuí é sin a dhéanamh do chríocha riaracháin agus bailiú éifeachtúil agus éifeachtach;
- Tugadh isteach leasú reachtúil in alt 817 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 i ndáil le socruithe chun ioncam a aistriú go gnóthachain chun rochtain a dhéanamh ar ráta cánach níos ísle. Threisigh an leasú sin fócas an tsoláthair chun cuntas a ghlacadh de shocruithe áirithe a tháinig chun solais le déanaí;
- Cuidíodh leis an mbeart ginearálta frith-sheachanta, mír 811 den Acht Comhdhlúite Cánach 1997, trí fhoráil maidir le hús a ghearradh, mar aon le formhuirear 10% nuair a bhunaítear seachaint cánach. Sna cásanna a bhféadfadh ús agus formhuirear den sórt sin a theacht aníos, tá an rogha ag an gcáiníocóir Fógra Cosanta a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim, chun cosaint a fhail ón bhféidearthacht d'ús nó d'fhormhuirear den sórt sin sa chás go bhfaighidh amach gur beart seachanta cánach a bhí i gceist.

- Rinneadh athruithe ar na forálacha "féachaint tríd" a bhaineann le heisiúint na ndeimhnithe údaraithe do chríocha Cánach Conarthaí Ábhartha (RCT) chuig fochonraitheoirí sna tionscail tógála, próiseála feola agus foraoiseachta chun dul i ngleic le calaois RCT lena n-áirítear socruithe den chineál "Phoenix". Tugann na hathruithe na forálacha "féachaint tríd" don RCT i gcomhar leo sin a dhéanann iarratas ar Dheimhnithe Imréitigh Canach de ghnáth; agus
- Rinneadh athruithe freisin chun forálacha, atá beartaithe chun seachaint cánach ar Ghnóthachain Chaipitiúla a chosc, a threisiú trí shocruithe a bhféadfaí diúscairt na sócmhainní lena baineann a chur san áireamh i rith tréimhse shealadach cónaitheachta lasmuigh den Stát.

Dul Chun Cinn le hAgóidí Maidir le Scéimeanna/Saincheisteanna Seachanta

Ag deireadh 2006, bhí 14 scéim ina raibh 83 cás iontu faoi agóid i ndáil le seachaint CBL agus 28 scéim ina raibh circa 2,000 cás ina bhféadfadh sé go raibh seachaint chánach dhíreach ar siúl iontu.

Rinneadh dul chun cinn maith maidir leis na hagóidí sin agus faoi dheireadh na bliana, bhí 17 cás imithe chomh fada le céim an Choimisinéara Achomhairc, ceann chomh fada le céim na Cúirte Dúiche agus bhí 6 cinn chomh fada le céim na hArd-Chúirte

SPRIOC 2

A bheith inár nEagraíocht Chumasach, Sholúbtha, a bheidh Dírithe ar Thorthaí

Is é bainistiú éifeachtach ar chomhlíonadh cánach agus dleachta ár bpríomhthomhas ar ár rathúlacht. Caithfidh ár n-eagraíocht a bheith ag oiriúnú agus ag forbairt go seasta chun tacú leis an sprioc seo.

Caithfidh ár ndream féin, a thug go rathúil trí athruithe móra sinn lena dtiomantas agus a ndíograis, leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar réimse agus méid na scileanna atá riachtanach chun tabhairt faoin dúshlán a bhaineann le bealaí nua oibre.

Caithfidh ár struchtúir eagraíochtúla leanúint de bheith ag éabhlú chun tacú lenár straitéisí agus chun freagairt d'éilimh athraitheacha.

Caithfidh ár gcórais tacú le seirbhísí custaiméirí ar ardchaighdeán agus le clár comhlíonta a mbeidh fócas grinn orthu agus caithfidh siad acmhainní a shaoradh ó obair riaracháin agus próiseála chun tacú leis an ngníomhaíocht chomhlíonta.

Straitéis 2.1

Ár nDaoine a Fhorbairt

Oiliúint

Ba €11.83 milliún a bhí sa chaiteachas iomlán do 2006 arbh ionann sin agus 3.96% de chostais phárolla.

Amhail an 20 Meán Fómhair 2006, baineadh amach cloch mhíle speisialta i bhforbairt leanúnach na comhpháirtíochta uathúil idir na Coimisinéirí Ioncaim agus Ollscoil Luimnigh nuair a síníodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse chun an Ceathrú Bliain agus an Bhliain deiridh den BA (Onóracha) i gCánacha Feidhmeach a sheachadadh. Tá ceathracha duine de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim rannpháirteach sa chlár céime sin anois. I mí na Nollag 2006, d'éirigh le ceathracha trí mac léinn de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim Dioplóma i gCánachas Feidhmeach a bhaint amach.
Ó síníodh an chéad chomhaontú i mí Mheán Fómhair 2004, d'éirigh le líon mór dár bhfoireann na scileanna agus an saineolas a fháil chun dul i ngleic le timpeallacht gnó atá ag athrú go tapa mar aon le dúshláin cánachais atá ag éirí níos casta.

Oiliúint Theicniúil Gnó

Bhain formhór mór ár n-idirghabhálacha oiliúna i 2006 le hoiliúint Cánach Teicniúla agus Custaim. Sannadh thart ar 240 comhalta foirne nua chuig réimsí Seirbhíse do Chustaiméirí i rith na bliana. Faigheann na comhaltaí foirne sin a gcuid oiliúna i gclár modúlach a dhéantar thar seisiúin i dtréimhse sé seachtaine.

Thosaigh ceithre rang an Clár Oiliúna Cánach Teicniúil Modúlach dhá bhliain d'iniúchóirí i rith 2006 agus thug sin an líon iomlán oiliúnaithe ar an gclár go dtí 160. Soláthraíonn pearsanra de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim formhór na hoiliúna, mar sin féin, déantar roinnt sainoiliúint dlí agus cuntasaíochta a eisfhoinsiú chuig soláthróirí san earnáil phríobháideach.

Leanadh le hoiliúint theicniúil Custaim agus Máil i rith na bliana agus áiríodh ann dhá chúrsa nua a fhorbairt agus a sheachadadh – Cuardach Áitribh agus Trádáil Neamhcheadúnaithe a Bhrath agus a Ionchúiseamh. D'athfhorbair muid ár gcúrsa bailithe agus scaipthe faisnéise chun sárchleachtas reatha a léiriú agus seachadadh roinnt cúrsaí.

Oiliúint Feasachta na Gaeilge

Ag teacht as ár dtiomantais faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ionchorpraíodh an modúil Feasacht na Gaeilge sa Chlár Oiliúna Ionduchtúcháin d'fhostaithe nua. Clúdaíonn an modúil sin topaicí mar stair na Gaeilge, feasacht ar theangacha mionlaigh, soláthair sheirbhís do chustaiméirí na gCoimisinéirí Ioncaim agus riachtanais reachtúla.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS)

Ba bhliain í 2006 ina cuireadh eolas ar an tsamhail PMDS Lánpháirtithe nua sna Coimisinéirí Ioncaim. Bhíomar rannpháirteach sa Líonra PMDS idir-Rannach, a chomhordaigh tabhairt isteach PMDS Lánpháirtithe feadh na Státseirbhíse. Cuireadh seisiúin eolais ar fáil do gach duine den fhoireann chun cur le feasacht ar an gcóras rátála nua agus ar na naisc chuig Polasaithe agus Próisis Acmhainní Daonna lena n-áirítear incrimintí, ardú céime, scála níos airde agus promhadh.

Tionóladh seimineár ar Dhearbhú Cáilíochta do PMDS go luath i mí na Nollag chun an ról tábhachtach atá ag Dearbhú Cáilíochta i gcónaí maidir le teacht chun cinn agus feidhmiú rathúil PMDS sna Coimisinéirí Ioncaim a threisiú. D'fhreastail oifigigh as gach grád agus Rannán/Réigiún ar na seimineáir.

Ag Leanúint le Hoideachas

Cabhraíonn tacaíocht fhorghníomhach agus spreagadh don fhoireann a théann i mbun breisoideachais, ina gcuid ama féin, le cur le próifíl scileanna agus inniúlachtaí na heagraíochta. I 2006, aisíocadh €180,868 san iomlán de tháillí acadúla le 114 daoine den fhoireann. Cuireadh tacaíocht airgeadais €116,741 ar fáil do dhaoine den fhoireann freisin ina gcomhaltacht aonair agus chorparáideach de chomhlachtaí gairmiúla i ndáil lena gcáilíochtaí gairmiúla.

Duaiseanna Seirbhíse Fada

Reáchtáladh an dara searmanas do Dhuaiseanna Seirbhíse Fada i mí Feabhra 2006. Thug na duaiseanna sin ómós do thiomantas agus díograis 77 daoine den fhoireann a raibh 40 bliain nó níos mó de sheirbhís thiomanta tugtha acu do na Coimisinéirí Ioncaim agus don Stát.

Earcaíocht Oscailte/Sainscileanna

D'úsáid na Coimisinéirí Ioncaim a gceadúnas earcaíochta den chéad uair le linn 2006 chun oifigigh cléireachais sealadacha agus líon beag d'fhoireann speisialaithe a earcú. D'earcaíomar cainteoirí Polainnise do Lároifig Eolais na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith. Thionól an tSeirbhís Ceapachán Poiblí feachtas tiomanta a díríodh go sonrach ar chéimithe a mhealladh chuig ár réimsí iniúchta agus ICT.

Polasaithe ar Chomhionannas Inscne agus Éagsúlacht

Tá na spriocanna dúshlánacha a leagadh amach sa Ráiteas Straitéise 2005-2007 beagnach bainte amach d'ionadaíocht mná i ngráid shinsearacha.

Rinne an Rannán Acmhainní Daonna athbhreithniú ollmhór ar roinnt comórtas cur chun cinn i 2006. Léirigh an t-athbhreithniú go bhfuil rannpháirtíocht pro-rata ban fós níos ísle ná ráta rannpháirtíochta na bhfear. Ba ghníomh amháin a tugadh fúithi mar thoradh ar sin ná suirbhé uile-fhoirne a eisiúint a bhí dírithe ar bhacainní ar rannpháirtíocht a aithint agus a lorg smaointe chun iad a shárú.

Cuireadh roinnt athruithe ar bun mar thoradh ar an suirbhé agus leanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim le bheith forghníomhach maidir le teacht ar bhearta chun rátaí rannpháirtíochta a fheabhsú agus maidir le dianfhócas a choinneáil ar ár spriocanna Cothromaíochta Inscne a bhaint amach.

Polasaí Éagsúlachta

Thug na Coimisinéirí Ioncaim Polasaí Éagsúlachta chun críche i 2006. Deimhníonn an polasaí sin tiomantas na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le timpeallacht a chruthú ina mbítear sásta le hindibhidiúlacht agus ina léirítear ní amháin meas ach luach ar dhifríochtaí chomh maith. Is é an aidhm atá againn atmaisféar comhionannais agus measa a chruthú dár bhfoireann uile agus chun timpeallacht oibre a bheidh saor ó idirdhealú a chur chun cinn.

Chun cur le soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí, tá cúrsa Oiliúna Comhionannais Míchumais forbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim. Déanann an cúrsa iniúchadh agus scrúdú ar mhíchumas i gcomhthéacs an chomhionannais agus clúdaíonn sé réimsí mar mhíchumas a shainmhíniú, dearcaí, comhionannas, reachtaíocht agus rannpháirteacht i gcleachtaí praiticiúla.

Tábla 27: Spriocanna don Chothromaíocht Inscne

Gráid	An Sprioc -% bunaidh de phoist a bheadh ag mná faoi dheireadh 2007*	% de phoist a bhí ag mná faoi dheireadh 2006
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin (HEO) / Oifigeach Riaracháin (AO)	47%	41%
Príomhoifigeach Cúnta (AP)	27%	23%
Príomhoifigeach (PO)	17%	16%

** Foinse: Ráiteas Straitéise 2005 – 2007*

Dílárú

Mar chuid de Chlár Díláraithe an Rialtais, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le 880 post a athlonnú ó Bhaile Átha Cliath go dtí Cill Rois, An Caisleán Nua, Lios Tuathail, Baile Átha Í Cill Dara agus an Uaimh. D'éirigh linn comhaontú Rialtais a dhaingniú i 2006 don Uaimh mar shuíomh bhreise. Athlonnóidh Ceantar na gCoimisinéirí Ioncaim Chontae na Mí, a bhfuil thart ar 100 post aige, go dtí sin. Dhaingníomar comhaontú chun grúpa tosaigh de 100 duine den fhoireann a bhogadh go dtí Baile Átha Í chomh maith. Tá pleananna dár 3 suímh luath-ghluaiseachta san Iarthar Láir go mór chun cinn; tabharfaimid ár nDílárú go dtí Cill Rois, Lios Tuathail agus An Caisleán Nua chun críche i lár 2007 agus go dtí An Caisleán Nua go luath i 2008.

I gcás an Chaisleáin Nua, fuarthas suíomh oiriúnach agus thug Oifig na nOibreacha Poiblí le fios gur chóir go mbeadh an t-áitreabh nua réidh le dul isteach ann go luath i 2008. Mar chuid den phróiseas díláraithe, rinneadh an chuid is mó den Aonad Dóchmhainneachta, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, a dhílárú go Luimneach i mí Iúil 2006.

Reáchtáil na Coimisinéirí Ioncaim lá oscailte ar éirigh thar barr leis an 27 Aibreán 2006, lá a bhí leagtha amach chun eolas ar an eagraíocht a chur ar fáil do dhaoine den fhoireann ó Ranna eile a bhí ag iarraidh imlonnú go hoifigí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Sláinte & Sábháilteacht

Tá taifead thar a bheith dearfach ó thaobh sláinte agus sábháilteachta ag na Coimisinéirí Ioncaim. Tacaíonn an leibhéal fíor íseal timpistí a tharlaíonn san áit oibre leis sin. Ba é an líon iomlán timpistí a tuairiscíodh i 2006 ná 21, a raibh baint ag tuairim is 0.3% de phearsanra na gCoimisinéirí Ioncaim leo.

Tugadh clár oideachais fairsing do bhainisteoirí sinsearacha, comhairleoirí sábháilteachta agus d'ionadaithe sábháilteachta chun críche le linn 2006, chun daoine a chur ar an eolas faoi na hathruithe suntasacha atá mar thoradh ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Tugadh Polasaí Sábháilteachta foriomlán na gCoimisinéirí Ioncaim cothrom le dáta freisin tar éis comhchomhairle fhairsing le geallsealbhóirí ábhartha.

Tá clár tástála radóin i bhfoirgnimh ina mbíonn na Coimisinéirí Ioncaim beagnach tugtha chun críche. Tugadh an clár d'fhoirgnimh ardriosca chun críche i 2005, agus rinneadh tástáil ar limistéir mheánriosca agus d'ísealriosca i 2006. Déanfar tástáil ar ár gcuid foirgneamh go léir faoi lár 2007.

Straitéis 2.2

Ár nEagraíocht a Fheabhsú

Tábla 28: Costas Riaracháin mar Chéatadán d'Ollfháltais

2006	2005	2004	2003
0.77%	0.81%	0.86%	0.91%

Cairt 6: Caiteachas Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i 2006



Ba €420,142,000 a bhí sa chaiteachas iomlán, briste síos mar seo a leanas:

- 71% Tuarastail
- 12% Teicneolaíocht Eolais
- 10% Eile (lena n-áirítear Muirir Dhlíthiúla, Caiteachais Taistil, Etc.)
- 4% Postas & Teileachumarsáid
- 3% Cóiríocht Oifige

D'ainneoin arduithe móra ar an líon gnó, lean an costas riaracháin, mar chéatadán d'ollfháltais, ag laghdú. Léiríonn sin ár dtiomantas ó thaobh luach ar airgead a sheachadadh agus an leas is mó is féidir a bhaint as teicneolaíocht nua.

Samhail Nua Bhainistiú Acmhainní Daonna Ceadaithe

Leanadh i rith 2006 le hobair ar an Tionscadal AD a leagadh amach chun freagrachtaí AD a dhéabhlóidiú chuig bainisteoirí líne agus chun oibríochtaí AD lárnacha a athstruchtúrú. Tá Céim 2 den chlár sin i bhfeidhm anois feadh 95% den eagraíocht. Tá pleanáil go mór chun cinn maidir le céimeanna deiridh an tionscadail.

Comhpháirtíocht

Tá ról an-tábhachtach i gcónaí ag an gcomhpháirtíocht idir an bhainistíocht, an fhoireann agus na ceardchumainn ó thaobh réitigh nuálacha a fhorbairt ar shlí chomhoibritheach agus chomhchomhairleach agus ó thaobh chlár nuachóirithe Oifig na gCoimisnéirí Ioncaim a chur i bhfeidhm.

Tionóladh an dara Seimineár Comhpháirtíochta de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, a raibh mar théama aige "I dTreo 2008", i mí na Samhna 2006 do chomhaltaí Choiste Comhpháirtíochta agus Ghrúpaí Comhpháirtíochta na gCoimisinéirí Ioncaim. Ba phríomhghné den seimineár a aithint go bhfuil forbairt agus aibíocht mhaith tagtha ar an gComhpháirtíocht sna Coimisinéirí Ioncaim. Leanfaimid ag forbairt na Comhpháirtíochta agus ag cinntiú go mbeidh sí neadaithe inár bpríomhghnó trí í a nascadh le hathrú eagraíochta agus lenár straitéisí agus spriocanna.

Breithníodh agus comhaontaíodh Plean Gnímh na gCoimisinéirí Ioncaim faoin gcomhaontú sóisialta nua "I dTreo 2016" ag Comhpháirtíocht, ag an gCoiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) agus ag Bord na gCoimisinéirí Ioncaim. Léiríonn an Plean Gnímh comhaontaithe na gníomhartha sonracha a dhéanfaimid chun nuachóiriú laistigh den eagraíocht a bhrú chun cinn le linn shaolré an Chomhaontaithe. Tá sin ceadaithe ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse.

Nuachóiriú na Státseirbhíse

Leagann Pleananna Gníomhaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim faoi na comhaontuithe comhpháirtíochta sóisialta náisiúnta 'Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn' agus 'I dTreo 2016' amach na gníomhartha sonracha atá le déanamh chun nuachóiriú a bhrú chun cinn laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim amach. I 2006, bhreithnigh Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse tuarascálacha dul chun cinn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le feidhmiú an Phlean Gníomhaíochta. Tháinig an Grúpa ar an tátal go raibh údar maith na harduithe pá a bhí dlite i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2006 a íoc mar gheall ar an dul chun cinn a baineadh amach in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le caidreamh tionsclaíochta cobhsaí, comhoibriú le solúbthacht agus athrú agus feidhmiú an chláir oibre nuachóirithe.

Thug an Grúpa Fíoraithe ar aird gur leanadh le dul chun cinn láidir a bhaint amach ag na Coimisinéirí Ioncaim inár réimsí tosaíochta go léir, lena n-áirítear go háirithe tabhairt isteach raon seirbhísí custaiméirí ar líne tríd an tsaoráid 'ÍMAT ar líne' do cháiníocóirí ÍMAT agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua eile le, mar shampla, leathadh amach an chórais theileafónaíocht nua VoIP. Agus é ag tráchtaireacht ar dhul chun cinn ar feadh na Státseirbhíse, thug Cathaoirleach an Ghrúpa Fíoraithe ar aird gur chuir feidhmiú teicneolaíochta go mór le feabhas ar sheirbhís custaiméirí agus luaigh sé Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim ROS mar shampla de sin.

Nósanna Imeachta Baincéireachta agus Cuntasaíochta

Feidhmíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim 62 cuntas bainc, sna bainc thráchtala agus sa Bhanc Ceannais agus in Údaráis Seirbhísí Airgeadais na hÉireann chun an réimse leathan íocaíochtaí agus roghanna aisíocaíochta atá ar fáil do chustaiméirí a éascú. Baintear úsáid fhorleathan as saoráidí baincéireachta ar an idirlíon mar chuid de bhainistiú na gcuntas sin chun luach pras don Státchiste a chinntiú.

Rinneadh na Cuntais Ioncaim agus Leithreasa do 2006 de réir na gceanglas reachtúil agus de réir an chreata ama reachtúil. Leantar de phróisis chuntasaíochta agus de chórais chuntasaíochta a fhorbairt agus a uasghrádú ag teacht le ceanglais an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach agus le dea-chleachtais tríd is tríd.

An tAcht Um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach ar Idirbhearta Tráchtála), 2002

Tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim tiomanta forálacha an Achta agus na Rialachán a fheidhmiú go hiomlán. Tá ús pionóis iníoctha mura nglantar íocaíochtaí d'idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura mbíonn a mhalairt sonraithe i gconradh nó i gcomhaontú.

Rinneadh íocaíochtaí ar earraí agus seirbhísí i 2006 faoi na dátaí íocaíochta forordaithe, ach amháin i gcion an-bheag de chásanna (a bhfuil mionsonraí ina dtaobh tugtha i dTábla 29), áit ar íocadh pionóis úis de réir na reachtaíochta.

Tá an fhaisnéis atá léirithe i dTábla 29 de réir na dtreoirlínte tuairiscithe atá foilsithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tábla 29: Staitisticí Maidir le hÍoc Cuntas, 2006	
Luach iomlán na n-íocaíochtaí go léir	€102,793,018.52
Luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha go léir (lena n-áirítear iad sin faoi €317)	€918,201.31
Luach na n-íocaíochtaí go léir a bhí os cionn €317	€918,201.31
Luach na n-íocaíochtaí déanacha go léir mar chéatadán de na híocaíochtaí iomlána	0.89%
An líon íocaíochtaí déanacha a bhí os cionn €317 (Luach Sonraisc)	68
An méid úis a íocadh ar na híocaíochtaí déanacha go léir	€1,636.72
An méid úis ar na híocaíochtaí déanacha go léir mar chéatadán de na híocaíochtaí iomlána	0.0015%
Meánmhoill i laethanta (Sonraisc os cionn €317)	22

Iniúchadh Inmheánach

I gcomhlíonadh an iliomad feidhmeanna atá de chúram ar na Coimisinéirí Ioncaim, tá sé bunriachtanach go mbeadh córais, próisis agus nósanna imeachta cuí ar bun. Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht ar bhainistíocht Réigiúnach agus Rannáin as a chinntiú go mbíonn rialuithe inmheánacha éifeachtacha mar bhonn taca ag oibríochtaí laethúla, leagann an Bord tábhacht mhór ar scrúdú agus measúnú neamhspleách a dhéanamh ar na córais agus na próisis sin ag feidhm iniúchta inmheánaigh na gCoimisinéirí Ioncaim. Tuairiscíonn Stiúrthóir an Iniúchta Inmheánaigh go díreach chuig an gCathaoirleach, mar Oifigeach Cuntasaíochta. Déanann Coiste Iniúchta – a dtagann ceathrar den chúig chomhalta air, lena n-áirítear an cathaoirleach agus an leaschathaoirleach, ó lasmuigh d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim – maoirsiú ar ghníomhaíochtaí leanúnacha an Iniúchta Inmheánaigh. Feidhmíonn an tIniúchadh Inmheánach faoi chlár iniúchta bliantúil beartaithe, a bhíonn comhaontaithe idir an Stiúrthóir Iniúchta Inmheánaigh agus an Coiste Iniúchta agus a bhíonn ceadaithe ag Bord na gCoimisinéirí Ioncaim. Rinneadh clár cuimsitheach d'obair iniúchta i 2006.

Luach ar Airgead agus an Clár Athbhreithnithe Polasaí

Tugadh Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Polasaí (VFM) Chlár Foinsithe Allamuigh Ghabháil Sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim chun críche i 2006. Is é aidhm an chláir VFM, a tugadh an "Tionscnamh Athbhreithnithe ar Chaiteachas" air roimhe seo, ná anailís chórasach ar an méid a baineadh amach go hiarbhír ag an gcaiteachas ar gach réimse athbhreithnithe a thabhairt agus chun bunús a chur ar fáil ar ar féidir cinntí eolasacha a dhéanamh ar thosaíochtaí laistigh de chláir chaiteachais agus eatarthu. Tháinig an t-athbhreithniú ar an tátal gur éirigh go maith le húsáid soláthróirí seirbhísí ó fhoinse allamuigh chun tacú le próiseáil foirmeacha agus tuairisceán maidir le héifeachtúlachtaí riaracháin a bhaint amach agus maidir le seachadadh seirbhíse na gCoimisinéirí Ioncaim a fheabhsú. D'aithin an t-Athbhreithniú réimsí ar féidir feabhas a chur orthu d'fhonn an leas is mó is féidir a bhaint as tionscnaimh foinsithe allamuigh amach anseo chomh maith.

Lóisteáladh cóipeanna den Athbhreithniú i Leabharlann an Oireachtais agus cuireadh ar aghaidh chuig an gComhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí iad.

Bainistíocht Riosca

Treisíodh clár Bainistíochta Riosca na gCoimisinéirí Ioncaim i 2006. Rinneadh na tréimhsí a úsáidtear sa chlár bainistíochta riosca a ailíniú níos dlúth leis an timthriall pleanála gnó. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcóras IT a úsáidtear chun taifeadadh, rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí ag leibhéal gnó chun cur le feidhmiúlacht tuairiscithe. Bhuail an Coiste Bainistíochta Riosca le chéile ar cheithre ócáid i 2006 chun monatóireacht a dhéanamh ar an gclár agus chuir siad tuairiscí tréimhsiúla faoi bhráid ár gCoiste Comhairleach Bainistíochta. Lean Coiste Iniúchta na gCoimisinéirí Ioncaim de spéis mhór a léiriú i ndul chun cinn an chláir.

Straitéis 2.3

Ár gCumas trí Theicneolaíocht a Fheabhsú

An Straitéis Teicneolaíochta an Eolais agus Cumarsáide 2006-2008

Féachtar go ginearálta ar na Coimisinéirí Ioncaim mar cheann de na heagraíochtaí earnála poiblí is rathúla maidir le leas a bhaint as teicneolaíocht. Bainimid úsáid as teicneolaíocht chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, chun cláir chomhlíonta éifeachtacha a chinntiú agus chun bailiú ioncaim a uasmhéadú. I 2006 sheolamar ár Straitéis ICT do 2006-2008. Beidh sin ina threoirphlean do sheirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim amach anseo a sheachadadh de réir mar a chinnfidh ár Ráiteas Straitéise gnó. Leagann an doiciméad amach an tslí a chabhróidh ár straitéisí ICT agus ríomhGhnó leis na Coimisinéirí Ioncaim chun teagmhálacha custaiméirí a íoslaghdú, chun roghanna féin-seirbhíse agus leictreonacha éifeachtacha a chur ar fáil dóibh siúd a chaithfidh caidreamh a bheith acu linn, agus chun tacaíocht a thabhairt dár Rannáin ghnó le sraith d'fheidhmchláir riaracháin chánach agus uirlisí táirgiúlachta a bheidh iomchuí agus a bheidh ag athrú chun feabhais.

Féin-Seirbhís ÍMAT

Seoladh raon cuimsitheach saoráidí féin-seirbhíse ar líne dár 2.2 milliún custaiméir ÍMAT i mí an Mheithimh 2006. Tugann an tseirbhís sin deis do chustaiméirí a gcuid cánach a sheiceáil ar líne agus éileamh a dhéanamh ar chreidmheasa agus ar fhaoisimh chánacha áirithe ar bhealach rúnda agus slán.

Féadfaidh custaiméirí ÍMAT roghnú comhfhreagras a fháil go leictreonach lena n-áirítear Deimhnithe Chreidmheasa Cánach agus Ráitis Chomhardaithe ÍMAT.

Tá roinnt seirbhísí ar fáil dár gcustaiméirí trí theachtaireachtaí téacs SMS freisin agus trí sheirbhís Aitheanta Gutha Idirghníomhach. Féadfaidh Custaiméirí raon leathan foirmeacha agus bileoga a ordú trí na bealaí sin freisin.

An Clár Custaim Leictreonach

Tá an Clár ríomhChustaim mar chuid de chlár AE a dhéanann iarracht éifeachtacht sheirbhísí Custaim agus Máil ar fud an AE a fheabhsú trí nósanna imeachta ríomhairithe coiteann a úsáid agus trí rialacháin na gComhphobal a fheidhmiú ar bhealach níos aonfhoirmí. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2006 ar roinnt tionscadal faoin scáth leathan sin, lenar áiríodh córas Próiseála Iontrálacha Uathoibrithe athchóirithe, atá le seoladh i lár 2007. Tabharfaidh sin rochtain díreach ar an gcóras AEP do thrádálaithe trí gheata Seirbhíse Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim. Táthar ag leanúint le hobair ar roinnt tionscadal gaolmhar lena n-áirítear Córas Rialaithe Onnmhairithe agus bunachar sonraí Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe uile-AE.

Córas do Shonraí Máil a Mhalartú

Ní mór go mbeadh ceadúnú ag na trádálaithe ar fad a mbíonn baint acu le gluaiseacht táirgí in-mháil, ar a mbíonn dleacht ar fionraí, laistigh den AE. Caithfidh gach Ballstát den AE a chlár ríomhairithe féin d'Oibreoirí Eacnamaíoch Údaraithe agus de thrádstórais sa Bhallstát sin a choimeád. Cuireadh córas ríomhaire-bhunaithe chun tacú leis an gclár sin, an Córas do Shonraí Máil a Mhalartú (SEED) i bhfeidhm le linn 2006. Tá rochtain ag gach Ballstát ar an eolas ar chláir na mBallstát eile ar fad. Is ionann SEED agus an chéad chéim den Chóras Rialaithe Gluaiseachta Máil níos mó a éascóidh rianú ar earraí in-mháil ar a mbíonn dleacht ar fionraí a ghluaiseann tríd an AE. Táthar ag súil go mbeidh an leagan feabhsaithe sin i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí an Mheithimh 2009.

Teastais Chreidmheasa Cánach Fostaithe

Go dtí le déanaí, bhí cóipeanna de Dheimhnithe Creidmheasa Cánach fostaithe á seachadadh ar Sheirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim chuig an fostóir amháin. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2006 ar aghaidh, áfach, tá teacht díreach ag gníomhairí ar a gcóipeanna fostóra/cliaint de dheimhnithe creidmheasa cánach.

SPRIOC 3

Ár bPáirt a ghlacadh go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

Tá na Coimisinéirí Ioncaim mar chuid lárnach de chóras rialtais agus riaracháin na hÉireann. Is comhpháirt lárnach é riarachán cánach cóir agus éifeachtúil, a bhíonn ag faire ar thionchar cánachais ar a chustaiméirí, ó thaobh mar a éireoidh leis an ngeilleagar agus le hiomaíochas idirnáisiúnta.

Tá rólanna tábhachtacha againn i gcláir agus i dtionscnaimh tras-rannacha, táimid ag cur feabhais ar cháilíocht fhoriomlán na seirbhíse poiblí agus táimid ag oibriú chun tionchar a bheith againn ar chruth príomhréimsí polasaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le go mbeidh éifeacht againn orthu.

Is iad na saincheisteanna maidir le soghluaisteacht gníomhaíocht rachmais agus eacnamaíochta, ardú ar an timpeallacht slándála, mangaireacht drugaí agus coiriúlacht eagraithe a stiúraíonn an gá atá le comhoibriú idir riaracháin Cánach agus Custaim. Tá ról gníomhach ag na Coimisinéirí Ioncaim sa réimse seo mar chomhalta den ghréasán domhanda riaracháin cánach agus Custaim.

Straitéis 3.1

Ár bPáirt a ghlacadh i gCláir Rialtais

Reachtaíocht

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim comhairle agus tacaíocht ar fáil don Roinn Airgeadais ar an raon beart cánachais díreach seo a leanas atá san Acht Airgeadais 2006, lena n-áirítear:

- Rinneadh leasuithe suntasacha ar an reachtaíocht ar fhaoiseamh cánach do sholáthair phinsin. Leagann siad sin uaschiste pinsin incheadaithe amach chun críocha cánach mar aon le teorainn ar an gcrapshuim uasta saor ó cháin ar féidir a bhaint ó tháirge pinsin.
- Tugadh isteach córas cánachais nua do Chistí Scoir Ceadaithe (ARFanna) le héifeacht ó 2007.
- Cuireadh deireadh leis an mbonn íocaíochta measúnachta i ndáil le hioncam fostaíochta sa chás go mbaineann an t-ioncam le feidhmíocht dualgas na fostaíochta sa Stát.
- Áiríodh soláthair freisin chun bailiúchán ÍMAT a chinntiú sa chás nach ndéanann an duine ar a bhfuil an phríomhfhreagracht an cháin a asbhaint agus cuntas a thabhairt uirthi amhlaidh.
- Trasuíodh Treoir ón AE 2005/19/EC, a leasaigh Treoir ón AE 1990 faoi Chumasc, isteach i ndlí na hÉireann. Baineann an Treoir faoi Chumasc le déileáil neodrach ó thaobh cánach a fheidhmiú ar chumaisc tras-teorann agus ar athstruchtúruithe eile.
- Síníodh díolúintí áirithe ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil agus ar fhaoiseamh ar Dhleacht Stampa atá ar fáil maidir le hidirbhearta idir tuismitheoirí agus a leanaí nádúrtha nó uchtaithe go dtí idirbhearta den sórt sin le leanaí altrama.
- Leasuithe ar na méideanna inchánach chun críocha CBL i ndáil le soláthar seirbhísí a bhaineann le húsáid príobháideach sócmhainní gnó, agus le soláthar seirbhísí a atreoraíonn gnólacht go dtí úsáid ghnó neamh-inasbhainte.
- Tugadh reachtaíocht na hÉireann ar CBL i ndáil le dhá ghné nó níos mó de 'phacáiste' a éilíonn CBL ag rátaí difriúla i gcomhréir leis an Séú Treoir CBL mar atá léirmhínithe ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (ECJ).
- Lean an clár leanúnach ar chomhdhlúthú reachtaíochta ar aghaidh i 2006, agus mar thoradh air sin rinneadh na Rialacháin a chomhdhlúthú isteach in Ionstraim Reachtúil chuimsitheach amháin ar tháinig éifeacht léi an 1 Samhain 2006.

Thug na Rialacháin Chánacha um Tháirgí Tobac 2006 (IR Uimh. 261 de 2006), a chuaigh i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2006, an próiseas maidir leis an dlí ar chánachas tobac a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú chun críche.

Cuireadh na torthaí ar athbhreithniú ar oibríocht na mbrabús a bhaineann le loingseoireacht de chuid cuideachtaí atá clúdaithe ag an gcóras "cánach tonnáiste" i bhfeidhm.

Athbhreithniú ar CBL ar Mhaoin

Ba é cuspóir an athbhreithnithe sin de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an tslí a dhéileáiltear le CBL ar idirbhearta maoine faoi láthair a bhreithniú agus athruithe a mholadh as a leanfadh córas níos simplí ach níos tréine. Mar thoradh ar an athbhreithniú, a tugadh chun críche i 2006, bhí páipéar comhchomhairle ón Aire Airgeadais a thug cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir leis an leasú molta ar an gcóras reatha. Táthar ag súil go mbreithneofar torthaí an athbhreithnithe agus an chleachtaidh chomhchomhairle i gcomhthéacs an Bhille Airgeadais 2008.

Measóireacht ar Fhaoisimh Dhreasachta agus Díolúintí

Tar éis an athbhreithnithe ar dhreasachtaí cánach éagsúla i 2005, chuir na Coimisinéirí Ioncaim ionchur agus comhairle ar fáil don Roinn Airgeadais maidir leis na hathruithe a bhí le déanamh ar na scéimeanna éagsúla. Áiríodh an reachtaíocht a chuir na hathruithe comhaontaithe i bhfeidhm san Acht Airgeadais 2006. Áiríodh ar na scéimeanna a bhí i gceist:

- Scéimeanna ceantar-bhunaithe mar Athnuachan Uirbeach, Ag Cónaí Os Cionn an tSiopa, Athnuachan Tuaithe agus Athnuachan Baile;
- Scéimeanna a bhaineann le hoideachas, lena n-áirítear saoráidí cóiríochta mac léinn agus foirgnimh a úsáidtear le haghaidh cuspóirí oideachais tríú leibhéal;
- Scéimeanna maoin-bhunaithe mar óstáin, carrchlóis ilstóracha, saoráidí loc agus taistil agus saoráidí cúraim leanaí;
- Scéimeanna a bhaineann le míochaine lena n-áirítear ospidéil phríobháideacha, tithe altranais agus clinicí do dhíobhálacha spóirt.

Tugadh isteach reachtaíocht san Acht Airgeadais 2006 freisin maidir le scéim nua de liúntais chaipitil do chaiteachas a thabhaítear i ndáil le hionaid mheabhairshláinte cháilithe a thógáil agus a nuachóiriú.

Srian ar Úsáid Iomarcach Faoisimh Cánach

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim comhairle agus tacaíocht ar fáil don Roinn Airgeadais maidir le forbairt an bhirt san Acht Airgeadais 2006 a bhí leagtha amach chun teorainn a chur le húsáid faoisimh agus díolúintí cánach áirithe. Baineann an beart le líon beag daoine ar theacht isteach ard a laghdaíonn a ndliteanas Cánach Ioncaim go dtí leibhéil fíor-íseal nó go dtí neamhní, go príomha trí scéimeanna dreasachta cánach éagsúla a úsáid go carnach. Tugann sé aghaidh ar an ngá le tuilleadh cothromais i gcánachas cásanna den sórt sin agus, ag an am céanna, coimeádann sé éifeacht dreasachta bheartaithe na scéimeanna cánach a bhíonn i gceist.

An Scéim Maidir le Cuntas Speisialta Dreasachta Coigiltis (SSIA) a Chomhlíonadh

Tá cuntais SSIA á mbainistiú ag 329 Foras Airgeadais, lena n-áirítear bainc, cumainn fhoirgníochta, cuideachtaí árachais agus comhair chreidmheasa. Bhí iomlán de 1.1 milliún duine páirteach sa scéim SSIA. B'ionann síntiúis le linn 2006 agus €2,255.9 milliún agus chuir an Státchiste €564.1 milliún leis sin.

Tá ag éirí go maith le próiseas aibíochta an SSIA, a thosaigh i mí Bealtaine 2006. Faoi mhí na Nollag 2006, thug 30% de shealbhóirí SSIA a gcuid SSIAnna chun aibíochta go rathúil. B'ionann an cháin aibíochta a íocadh i 2006 agsu €131 milliún. Chinntigh comhoibriú na bhForas Airgeadais próiseas aibíochta réidh agus tráthúil.

An Scéim Creidiúintí Cánach Dreasachta Pinsean (PITC)

Tugadh dreasacht nua isteach i mí an Mheithimh 2006, chun daoine ar theacht isteach íseal agus a bhfuil SSIA atá ag teacht chun aibíochta acu a spreagadh maidir le cuid d'fháltais a gcuid SSIAnna, nó na fáltais go léir, a infheistiú i dtáirge pinsin ceadaithe agus leanúint de choigiltis rialta a chur isteach i bpinsean. Is éard atá sa dreasacht nua creidmheas cánach €1 do gach €3 infheistithe, suas le huasmhéid de €2,500, mar aon le cion den cháin a asbhaintear ón SSIA ar aibíocht.

Sular tugadh an scéim isteach, chuaigh na Coimisinéirí Ioncaim i mbun próisis fhairsing comhchomhairle le riarthóirí pinsin. Eisíodh nótaí treorach chun cúnamh a thabhairt do riarthóirí a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh maidir le bainistiú na scéime PITC. Bhain líon iomlán de 5,417 sealbhóirí cuntas SSIA leas as an dreasacht sin i 2006.

Tionscnaimh Ríomhghnó

Tá ról gníomhach i gcónaí ag na Coimisinéirí Ioncaim sa chlár atá faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Clár Timpeallachta Creat Oibre Fíordheimhnithe Caighdeánach agus sna staidéir Bhainistithe Céannachta atá faoi cheannas na Roinne Airgeadais. Scrúdaíonn na cláir sin an réimse bainistithe céannachta sna seirbhísí poiblí.

Straitéis Náisiúnta Drugaí

Lean spriocanna Straitéis Náisiúnta Drugaí an Rialtais 2001-2008 de bheith mar thionchar tábhachtach ar pholasaí forfheidhmithe drugaí na gCoimisinéirí Ioncaim i 2006. Tá ionadaíocht ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an nGrúpa Idir-Rannach, faoi chathaoirleacht an Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Faoi réir spriocanna na Straitéise, tá an méid seo a leanas déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim le linn na bliana seo caite:

- leanúint ag obair go dlúth leis An nGarda Síochána, leis An tSeirbhís Chabhlaigh agus le dlínsí idirnáisiúnta eile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun dul i ngleic le hollmhairiú drugaí neamhdhleathacha,
- líon Aonad Madraí na gCoimisinéirí Ioncaim a ardú go dtí 12.
- ár scanóir X-gha soghluaiste a úsáid chun coimeádáin lastais a scagadh.

Leanann Cuitéar Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, Suirbhéir, dá ról a chomhlíonadh maidir le patrólú a dhéanamh ar uiscí teorann an Stáit agus páirt a ghlacadh in oibríochtaí mara druga náisiúnta agus idirnáisiúnta. I gcomhar lenár gcomhpháirtithe An Garda Síochána agus An tSeirbhís Chabhlaigh, chuir na Coimisinéirí Ioncaim le hIonad Anailíse agus Oibríochtúla Mara – Támhshuanaigh (MAOC-N) a bhunú i Liospóin.

ÁSPC agus Ranníocaí Sláinte

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Sláinte thar ceann na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus na Roinne Sláinte agus Leanaí. B'ionann na suimeanna a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus a d'íoc siad leis na Ranna sin i 2006 agus:

- Glan ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Sláinte ó fhostóirí/fhostaithe – €8.01 billiún
- Glan ÁSPC agus Ranníocaíochtaí Sláinte ó dhaoine féin fhostaithe – €428 milliún

Ghabh na Coimisinéirí Ioncaim sonraí ranníocaíochta ÁSPC i ndáil leis na fostaíochtaí ÍMAT go léir le linn 2006. Tá na sonraí sin riachtanach chun teideal ar shochair leasa sóisialaigh a chinneadh.

Tobhach Tobac

Íocann na coimisinéirí ioncaim tobhach tobac €168 milliún in aghaidh na bliana chuig an roinn sláinte agus leanaí.

Tobhach Comhshaoil

Is iad na Coimisinéirí Ioncaim, thar ceann na Roinne Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, an gníomhaire bailithe don Tobhach Comhshaoil, ar na málaí plaisteacha a sholáthraíonn miondíoltóirí dá gcustaiméirí ag an díolphointe. Os cionn €18.7 milliún a bailíodh le linn 2006.

Straitéis 3.2

Ár bPáirt a ghlacadh go hIdirnáisiúnta

Le linn 2006, bhí ról gníomhach ag na Coimisinéirí Ioncaim ó thaobh tionchar a bheith acu ar chruth agus ar ábhar reachtaíochta AE.

Custaim

Ghlac oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim páirt i bpléitíag Coiste Chód Custaim an AE faoi chur i bhfeidhm forálacha do Threoir Chomhairle an AE (CE) Uimh. 648/2005 de 13 Aibreán 2005, a bhfuil mar aidhm aici slándáil slabhra soláthair a threisiú. Comhaontaíodh na forálacha feidhmithe agus forálann Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 1875/2006 de 18 Nollaig 2006 do chlár Oibreora Eacnamaíoch Údaraithe ag leibhéal AE (AEO) le héifeacht ón 1 Eanáir 2008. Tabharfaidh an fhorbairt shuntasach sin do ghnólachtaí a chomhlíonann critéir cháilithe áirithe leas a bhaint as roinnt éascaíochtaí agus simplithe Custaim.

Tá na hoifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag glacadh páirte i bpléitíleanúnacha faoi thogra maidir le Rialachán de chuid Pharlaimint na hEorpa agus de chuid na Comhairle a leagfidh síos Cód Custaim an Chomhphobail (Cód Custaim Nuachóirithe) agus faoi thogra maidir le cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar thimpeallacht gan páipéar do Chustam agus do thrádáil. Tá gach ceann de na forálacha sin beartaithe an timpeallacht rialála do ghnó a fheabhsú.

CBL

Chuir na Coimisinéirí Ioncaim le clár oibre leanúnach an AE faoi nuachóiriú CBL le linn 2006. I measc na saincheisteanna a tugadh chun críche le linn na bliana bhí:

- Athmhúnlú ar an Séú Treoir CBL agus glacadh le Treoir ón gComhairle Uimh. 2006/112/EC;
- Bearta frith-sheachanta agus simplithe a ghlac Treoir 2006/69/EC, trínar cuireadh maoluithe sainiúla, a deonaíodh cheana ar Bhallstáit ar leith, ar fáil do gach Ballstát.

Áiríodh ar thograí ar nithe eile a bhaineann le CBL, agus atá fós á bplé:

- Athruithe ar rialacha i ndáil le áit cánachais ar sheirbhísí, le súil agus go mbeifí ábalta cáin a ghearradh ar sheirbhísí a sholáthraítear thar theorainneacha san áit tomhaltais;
- Córas 'aon-stad' a fhorbairt do cháiníocóir d'fhonn oibleagáidí CBL a eascraíonn i níos mó ná Ballstát amháin a chomhlíonadh;
- Meicníocht aisíoca an Ochtó Treoir CBL a nuachóiriú, chun deis a thabhairt do ghnólachtaí aisíocaíochtaí CBL a tabhaíodh i mBallstáit eile a éileamh go leictreonach; agus
- Straitéis frith-chalaoise cánach a fhorbairt agus, go sonrach, pléití ar thabhairt isteach meicníocht aistrithe táille do CBL.

Mál

I measc na nithe a bhaineann le mál, ar chuir oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leo, bhí tograí maidir le leasú Threoir 92/12 ar ghluaiseacht agus rialú táirgí in-mháil, le hathbhreithnithe ar na híosrátaí dleachta máil ar dheocanna meisciúla, agus maidir le na liúntais saor ó dhleacht a bheith infheidhme le hearraí á iompar ag daoine ag teacht isteach san AE ó thríú tíortha.

An Treoir Taisce – Treoir Ón Gcomhairle AE 2003/48/EC

Is é cuspóir Threoir Taisce an AE a chinntiú go ndéantar cáin a ghearradh ar dhaoine a chónaíonn i mBallstát an AE, agus a fhaigheann ioncam taisce i bhfoirm íocaíochtaí úis, sa Bhallstát ina gcónaíonn siad chun críche cánach. Faoin Treoir sin, malartaíonn Ballstáit eolas leis na húdaráis chánach faoina gcónaíonn an t-úinéir tairbheach. Síneann an scéim um Cháin Thaisce chuig críocha áirithe spleácha nó gaolmhara de chuid Ballstát freisin. Sa bhreis air sin, tá comhaontuithe ar ioncam taisce déanta ag an AE le tríú tíortha áirithe, eadhon Andóra, Lichtinstéin, Monacó, San Mairíne agus an Eilvéis.

Roghnaigh an Ostair, an Bheilg agus Lucsamburg, roinnt de na críocha spleácha nó gaolmhara chomh maith leis na tríú tíortha cáin siarchoinneálach a fheidhmiú le híocaíochtaí úis seachas eolas a mhalartú agus 75 faoin gcéad den cháin sin a íoc leis an tír chónaitheach.

Fuair na Coimisinéirí Ioncaim na chéad tuairisceáin úis a íocadh le cónaitheoirí na hÉireann i 2006 don tréimhse 1 lúil – 31 Nollaig 2005. Bhí siad sin comhdhéanta de 143,224 taifead agus íocaíochtaí úis ar luach €2.9 billiún. B'ionann an méid cánach siarchoinneálach a fuair Éire agus €1.2 milliún don tréimhse chéanna. Sheol na Coimisinéirí Ioncaim eolas ar 75,056 taifead maidir le €1.4 billiún d'ús íoctha ar thaisce in Éirinn.

OECD

Leanann na Coimisinéirí Ioncaim a bheith rannpháirteach sa Choiste Cúrsaí Fioscach (CCF) de chuid an OECD. Fónann oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim agus de chuid na Roinne Airgeadais mar thoscairí do ghrúpaí oibre éagsúla an CFA. Is é/í an Rúnaí Cúnta atá i gceannas Rannán Idirnáisiúnta agus Léirmhíniú Cánacha Díreacha na gCoimisinéirí Ioncaim toscaire na hÉireann ar Choiste Saineolaithe maidir le Comhoibriú Idirnáisiúnta ar Nithe Cánacha na freisin.

Cruinniú Cheannairí Eagraíochtaí Cánach an AE

Bhí na Coimisinéirí Ioncaim páirteach i gcruinniú G25 de chuid Cheannairí Eagraíochtaí Cánach an AE faoi dhul i ngleic le calaois chánach, a tionóladh sa Róimh i mí lúil 2006. Dhírigh an chomhdháil ar shlite chun cur le comhoibriú idir Ballstáit, agus le Tríú Tíortha, tríd an reachtaíocht atá ann cheana féin a atreisiú, trí bhainistiú riosca níos fearr agus trí ghnéithe seachtracha de chomhoibriú riaracháin a fhorbairt.

Comhdháil Cheannairí Eagraíochtaí Cánach An OECD

Rinne Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, Frank Daly ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinniú de Cheannairí Eagraíochtaí Cánach ó chúig tír is tríocha, a tionóladh in Seoul i mí Mheán Fómhair 2006 faoi choimirce Fóram an OECD ar Eagraíocht Chánach. Dhírigh an chomhdháil ar dhá cheann de na dúshláin mhóra atá os comhair eagraíochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim sa 21ú aois, eadhon 'Forbairtí Eagraíochtúla agus Athchóirithe d'Eagraíocht Chánach Níos Éifeachtaí' agus 'Aghaidh a Thabhairt ar Neamh-Chomhlíonadh leis na Dlíthe Cánacha i gComhthéacs Idirnáisiúnta'.

Conarthaí Cánacha Dúbailte

Ag deireadh 2006, bhí comhaontaithe cánacha dúbailte cuimsitheach i bhfeidhm le 44 tír.

Is tosaíocht i gcónaí do na Coimisinéirí Ioncaim é an líonra conartha cánach a leathnú agus tá conarthaí nua á n-idirbheartú leis an Airgintín, leis an Éigipt, leis an gCuáit, le Málta, le Maracó, le Singeapór, leis an Túinéis, leis an Tuirc, leis an Úcráin agus le Vítneam. Tá conarthaí reatha leis an gCipir, leis an bhFrainc agus leis an Iodáil i mbun ath-idirbhearta. Tá pleananna ar bun idirbheartaíocht a thosú le roinnt tíortha eile.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim ag leanúint ar aghaidh le hidirbheartaíochtaí maidir le Comhaontuithe Malairte Eolais Chánach a bhrú chun cinn le hOileán Manann, le Geirsí, le Gearnsaí, leis na hOileáin Cayman agus le hOileáin Bhriotanacha na Maighdean.

An Eagraíocht Domanda Custaim (WCO)

Le linn 2006, lean Éire (comhalta bunaidh) a bheith rannpháirteach go hiomlán i ngníomhaíochtaí an WCO, a bhfuil 171 tír ar fud an domhain ina gcomhaltaí de anois. Tugann comhaltacht deiseanna do na Coimisinéirí Ioncaim dul i mbun comhoibrithe idirnáisiúnta, tionchar a bheith acu ar athrú agus gníomhartha dírithe ar ár dteorainneacha a rialú go héifeachtach a chomhordú. I mí na Nollag 2006, chuaigh Éire isteach i gcomhaltas Choimisiún Polasaí an WCO, a mhaoirsíonn stiúradh polasaí. Thug sé sin deis a cuireadh fáilte roimpi do na Coimisinéirí Ioncaim tionchar níos mó a imirt ar nithe polasaí domhanda a chruthú le linn ár dtionacht dhá bhliana ar an gCoimisiún Polasaí.

Tábla 30: Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach

Líon na nIarratas ar Chúnamh Frithpháirteach	A Fuarthas 2006	A Fuarthas 2005	A Rinneadh 2006	A Rinneadh 2005
Ó/ chuig Ballstáit AE eile	1,797	1,274	369	484
Ó/ chuig tíortha eile	45	32	5	9
Iomlán	**1,842**	**1,306**	**374**	**493**

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Oibríonn Coimisinéirí Ioncaim i ndlúth-chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí thar lear maidir le dul i ngleic le smuigléireacht drugaí agus coiriúlacht trasnáisiúnta. Tá sin riachtanach i dtimpeallacht ina bhfuil coirpigh a bhíonn ag iarraidh brabús a dhéanamh as saorghluaiseacht earraí laistigh den AE, ag éirí níos sofaisticiúla ina gcuid oibríochtaí an t-am ar fad. Leanann seirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim páirt a ghlacadh i gcleachtaí faireachais agus i gcomh-oibríochtaí go hidirnáisiúnta agus ar fud na hEorpa maidir le dul i ngleic le gáinneáil drugaí idirnáisiúnta. Sanntar oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar Oifig Náisiúnta Europol.

Seimineár Fiscalis ar Threoir Chumaisc

I mí an Mhárta 2006, d'óstaigh na Coimisinéirí Ioncaim seimineár ar éirigh go han-mhaith leis i gCaisleán Bhaile Átha Cliath faoi chlár Fiscalis an AE. Is é cuspóir foriomlán Fiscalis feidhmiúlacht chuí na gcóras cánachais sa mhargadh inmheánach a fheabhsú trí cur le comhoibriú idir tíortha rannpháirteacha, a gcuid riarachán agus a gcuid oifigeach. Cé go bhfuil an clár i bhfeidhm le breis agus 15 bliain anuas, bhí suntas ag baint le hócáid 2006 mar an gcéad seimineár ar cháin chorparáideach a tionóladh faoi choimirce Fiscalis.

Ba é ábhar an tseimineáir an Treoir Chumaisc 90/434/EEC de 23 Iúil 1990, mar a leasaíodh an 17 Feabhra 2005 (Treoir 2005/19/EC). Soláthraíonn an Treoir sin neodracht chánach d'athstruchtúruithe cuideachta tras-teorann a dhéantar i bhfoirm cumasc, deighilt, aistruithe sócmhainní nó malartú scaireanna. Thar chruinniú dhá lá, thug 80 toscaire ó Bhallstáit an AE, ó Choimisiún an AE agus ón bpobal gnó sain-chuir i láthair, rinne siad taithí a mhalartú agus shoiléirigh siad saincheisteanna a bhaineann leis an ábhar casta seo.

Cúnamh Frithpháirteach

Tá ról ríthábhachtach ag comhoibriú idirnáisiúnta in imscrúduithe fioscacha a bhaineann le calaois trasteorann. Taispeántar thíos sonraí na n-iarratas a fuarthas agus a rinneadh faoi na Coinbhinsiúin, na Treoracha, na Prótacail agus na Rialacháin éagsúla maidir le Cúnamh Frithpháirteach:

Le linn 2006, fuarthas 26 cumarsáid in iomlán ó Oifig Frith-Chalaoise na hEorpa, OLAF, faoi Rialachán 515/97 ón gComhairle, maidir le braith i mBallstáit eile ar chalaois a bhain le hAcmhainní an Comhphobail Féin.

Chomh maith leis sin, tá sé de dhualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi Threoir 76/308 ón gComhairle AE, leanúint le cáin a bhailiú ó cháiníocóirí atá ina gcónaí in Éirinn agus cáin atá dlite d'údaráis chánach i mBallstáit eile. I 2006, fuarthas 365 iarratas aisghabhála agus aisghabháladh iomlán de €818,964 mar thoradh ar obair a rinneadh faoin gclár.

Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach

Déileálann na Coimisinéirí Ioncaim le hiarratais ar Chúnamh Dlíthúil Fhrithpháirteach faoin gCoinbhinsiún ar Chúnamh Frithpháirteach I gCúrsaí Coirpeacha 1959 a fhaightear ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Le linn 2006, fuarthas 13 iarratas ar nithe fioscacha; ba iad calaois cearúsail CBL, sciúradh airgid, calaois ola mhianraí, smuigleáil toitíní agus imghabháil cánach na nithe faoi imscrúdú. Ba iad an Ghearmáin, an Iodáil, an Pholainn, an Fhrainc, an Bheilg, an Ísiltir agus an Ríocht Aontaithe, na tíortha a bhí i gceist.

Chomh maith leis sin, cuireadh dhá iarratas ar Chúnamh Dlíthúil Fhrithpháirteach ar aghaidh chuig an Ríocht Aontaithe i ndáil le cás faoi chalaois CBL.

Calaois Cearúsail CBL

Aithníodh le fada gur bhagairt thromchúiseach í calaois AE intíre CBL trí ghnó cearúsáil ar fud an Aontais Eorpaigh agus déantar athbhreithniú leanúnach ar mhodhanna chun dul i ngleic le calaois den sórt sin. Tá ról tábhachtach ag Foireann Calaois Cearúsáil (FCC) CBL na gCoimisinéirí Ioncaim an Státchiste a chosaint agus troid in aghaidh calaoise ag leibhéal an AE. Is é cuspóir na foirne aon iarracht atá ann calaois a dhéanamh ar Státchiste na hÉireann a bhrath go luath agus rannpháirteachas leanúnach sa troid ar fud an AE in aghaidh chalaois cearúsaile. Tá malartú fhaisnéis thráthúil ar cheann de na uirlisí is tábhachtaí sa troid in aghaidh an sórt seo calaoise agus is Roinn Idirchaidrimh cheaptha é don chuspóir seo faoi Rialachán Comhairle (CE) 1798/2003.

I 2006, reachtáil an FCC cruinniú den ghrúpa EUROCANET i mBaile Átha Cliath. Is maitrís mhalartaithe é an tionscadal EUROCANET, a éascaíonn malartuithe breisithe faisnéise chun críche cásanna ardriosca a aithint go luath. D'fhreastail ionadaithe ó 12 Ballstát agus OLAF ar chruinniú Bhaile Átha Cliath. Freisin, d'fhreastail oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar chruinniú faoi Chalaois Cearúsail CBL de chuid Europol, san Háig Mí na Nollag 2006, a bhí dírithe ar chomhoibriú idirnáisiúnta a fheabhsú

Toscaireachtaí ar Cuairt

Ar leith ó mhalartuithe oifigeach a bhí urraithe ag an AE faoi Chláir Fiscalis agus Custaim 2007, reachtáil na Coimisinéirí Ioncaim 15 tosaíocht coigríche ar leith ó Oifigí Ioncaim agus Rialtais agus grúpa áirithe le 12 cleachtóirí cánach ón tSeapáin. Áirítear ar na tíortha a ndearnadh ionadaíocht orthu sna toscaireachtaí a bhí ar cuairt an Liotuáin, an Eastóin, an Tuirc, Ruanda, India, Críoch Bizkaia (Tuaisceart na Spáinne), an Rúis, an Astráil, an tSeapáin, an tSín, an Fhrainc, an Chéinia, an Afraic Theas, Málta agus an Nua-Shéalainn. Ba é cuspóir na gcuairteanna scrúdú a dhéanamh ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim i réimsí polasaí, nósanna imeachta agus feidhmú bailiúchán agus cosaint ioncaim. Dhírigh roinnt cuairteanna ar sheirbhís ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) agus tionscnaimh eile in úsáid theicneolaíocht nua-aimseartha.

Clár Custaim 2007

Cuireann Clár Custaim 2007 malartuithe idir-Pobail de phearsanra chun chinn agus socraíonn sé seimineáir agus comhdhálacha d'oifigigh ó Bhallstáit an AE. Leanann Éire a bheith rannpháirteach go gníomhach sa chlár agus le linn 2006, reachtáil na Coimisinéirí Ioncaim cuairteanna do 18 oifigeach ó 8 mBallstát an AE. Thug 9 n-oifigeach de chuid Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann cuairt chuig 5 Bhallstát (an Danmhairg, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Iodáil, Poblacht na Seice) chun scrúdú a dhéanamh ar a gcórais agus chun sárchleachtas a chinneadh maidir le rialú onnmhairithe, aicmiú taraifí, leasú slándála agus go leor topaicí eile. D'fhreastail 27 oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar chúrsaí oiliúna a bhí urraithe ag an gclár le linn na bliana.

Fiscalis

Féadfar comparáid a dhéanamh idir oibríochtaí Chlár Fiscalis d'oifigigh atá gafa le gnéithe neamhchustaim de cháin agus Clár Custaim 2007 agus cuireann sé malartuithe foirne agus seimineáir ar CBL, Cánacha Díreacha agus Máil chun cinn. Le linn 2006, bhain 28 oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim leas as malartuithe le comhghleacaithe sa Phortaingéil, sa Danmhairg, sa Bhulgáir, san Fhionlainn, sa Ghearmáin, sa tSualainn, sa Fhrainc, sa Ghréig, sa Liotuáin, san Ungáir, sa Spáinn, sa tSlóivéin, san Iodáil, Málta agus san Ostair. Thug 34 oifigeach ó na tíortha sin – agus ó thíortha eile – cuairt ar oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, thug 3 ghrúpa (ón Ostair, ón mBeilg agus ón Ríocht Aontaithe) cuairt ar na Coimisinéirí Ioncaim faoi choimirce an chláir. Bhí 18 cuairt staidéir ag oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim go 6 Bhallstát AE chomh maith.

Comhlachas Idirnáisiúnta Músaem Custaim/cánachais

Tionóladh an Cruinniú Chinn Bhliana agus Comhthionól Ginearálta an Chomhlachas Idirnáisiúnta Músaem Custaim/Cánachais, a raibh Éire mar chathaoirleach air, in Osló i Meán Fómhair. Is comhlacht domhanda, a bhfuil 16 Balltír ann, é an Comhlachas a bhfuil an cúram air doiciméid agus déantáin ó oidhreacht fhada bailiúcháin agus cosanta ioncaim a chaomhnú agus a thaispeáint.

Cuntasaíocht ar ár bhFeidhmíocht

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá na Coimisinéirí Ioncaim faoi réir iniúchta bliantúla ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Foilsítear toradh an iniúchta seo i dtuarascáil bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tuairiscíonn an t-iniúchadh ar cháin a bailíodh, ar chaiteachas, ar chórais, ar nósanna imeachta agus ar chleachtais. Tá mionscrúdú ar ghníomhaíochtaí áirithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim san áireamh freisin. Áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil is déanaí a foilsíodh (2005) gnéithe idirnáisiúnta d'oibríochtaí na gCoimisinéirí Ioncaim, CBL, ríomhthráchtáil, measúnú agus bailiú Cháin ar Ghnóthachain Chaipitiúla agus bainistiú Achomharc Cánach.

Coiste na gCuntas Poiblí

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, tagann an Cathaoirleach go rialta os comhair Choiste na gCuntas Poiblí (PAC) chun déileáil leis na saincheisteanna a thagann chun cinn ó Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus aon nithe eile a bhaineann le gníomhaíochtaí na hOifige ar mian leis an gCoiste iad a phlé.

Coistí Eile Thithe an Oireachtais

Freastalaíonn an Cathaoirleach agus oifigigh de chuid gCoimisinéirí Ioncaim ar Choistí Oireachtais eile, mar an Coiste Airgeadais agus na Seirbhíse Poiblí, mar is gá.

Nós Imeachta Athbhreithnithe Comhpháirtíochta agus Inmheánacha

Is féidir le cáiníocóirí atá míshásta leis an tslí a ndéileálann na Coimisinéirí Ioncaim lena ngnóthaí cánach a gcás a athbhreithniú, is féidir é sin a dhéanamh go hinmheánach agus bheadh oifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim á dhéanamh nó bheadh Athbhreithneoir Seachtrach á dhéanamh agus é ag feidhmiú i gcomhar le hoifigeach sinsearach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá líon na gcáiníocóirí a lorg athbhreithnithe comhpháirtíochta agus inmheánacha i 2005 leagtha amach i dTábla 31

An tOmbudsman

Fuair an tOmbudsman 156 gearán i 2006 a bhain leis na Coimisinéirí Ioncaim. Thug an tOmbudsman 165 gearán chun críche i rith na bliana. Tugann táblaí 32 agus 33 faisnéis achomair bhreise.

Cosaint Sonraí

As na 10 n-iarratas ar rochtain a fuarthas i 2006, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ceadaíodh 7 gcinn go hiomlán, tarraingíodh siar ceann amháin agus diúltaíodh péire.

Saoráil Faisnéise (FOI)

Tá foilseacháin na gCoimisinéirí Ioncaim um Shaoráil Faisnéise faoi Alt 15 d'Achtanna FoI (struchtúr, eagraíocht, feidhmeanna, seirbhísí agus taifid na gCoimisinéirí Ioncaim) agus Alt 16 (rialacha, cleachtais, treoirlínte agus léiriúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim) tugtha cothrom le dáta mar is cuí agus foilsithe ar Láithreán Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim (www.revenue.ie)

Tábla 31: Athbhreithnithe Inmheánacha i 2006

	2006			2005		
	Inmh-eánach	Comh-pháirteach	Iomlán	Inmh-eánach	Comh-pháirteach	Iomlán
An Líon a Fuarthas	13	40	53	8	24	32
An Líon a Tugadh Chun Críche	13	37	50	6	22	28
Seasadh leis an gCinneadh	12	35	47	4	20	24
Cinneadh Athbhreithnithe go hiomlán/i bPáirt	1	1	2	2	1	3
Tarraingte Siar nó comhaontaithe sula seoladh chuig na hAthbhreithneoirí	0	1	1	0	1	1

Tábla 32: Gearáin a Bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a Cuireadh Chuig an Ombudsman i 2006

Líon Iomlán a Fuarthas agus Ábhar	Líon na nGearán
Cáin Ioncaim	116
CBL/ Cáin Oidhreachta/ CGT	14
Custam & Mál	2
Dleacht Stampa	0
Moill/ gan aon fhreagra ar Chomhfhreagras	4
Nithe Eile	20
Iomlán	**156**

Tábla 33: Gearáin a Bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim a Thug an tOmbudsman Chun Críche i 2007

Iomlán tugtha chun Críche agus Toradh	Líon na nGearán
Nár Seasadh leo	47
Tarraingthe siar	3
Stoptha	57
Cúnamh tugtha	20
Socraithe i bpáirt	1
Socraithe	37
Iomlán	**165**

Tabhair ar Aird: Is staitisticí sealadacha iad na staitisticí go léir atá curtha ar fáil ag Oifig an Ombudsman atá tá siad faoi réir athraithe nó go dtabharfaidh an tOmbudsman chun críche iad i dTuarascáil Bhliantúil an Ombudsman.

Tábla 34: Iarratais Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI)

Iarratais FoI	2006	2005	2004
Faighte	130	114	111
Curtha ar fáil go hiomlán	26	31	33
Cuid den fhaisnéis curtha ar fáil	36	44	40
Diúltaithe	21	17	10
Lasmuigh den Acht FoI/Tarraingthe Siar/Aistrithe	41	33	28
Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	10	7	12
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	9	1	6

Riar Corparáideach

Tá riaradh agus bainistiú Cánacha agus Custaim dílsithe do na Coimisinéirí Ioncaim, atá faoi réir threorú ginearálta an Aire Airgeadais ach tá siad neamhspleách maidir le bainistiú laethúil na hOifige agus i ndáil le gnóthaí an cháiníocóra. Tá triúr Coimisinéirí ar Bhord na gCoimisinéirí Ioncaim, agus is duine acu sin an Cathaoirleach. Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta do na Coimisinéirí Ioncaim agus Ceann na hOifige faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Tagann an Bord le chéile go rialta chun déileáil le réimse leathan feidhmeanna a bhaineann leis na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear treo straitéiseach, príomhthosaíochtaí corparáideacha a leagan amach, bainistiú airgeadais agus riosca, ceapacháin bhainistíochta shinsearacha agus inscaradh acmhainne. Athbhreithníonn an Bord comhlíonadh maidir le reachtaíocht thábhachtach mar an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, an tAcht um Shaoráil Faisnéise agus an tAcht um Íoc Pras.

Tuairiscíonn an Bord go bliantúil chuig an Aire Airgeadais maidir le feidhmiú Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim, mar a éilítear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

An Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC)

Tagann Coiste Comhairleach Bainistíochta ar a bhfuil an Bord agus gach Ceann Rannáin (ag leibhéal Leas-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta), le chéile ar a laghad uair amháin gach mí chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ar fud na heagraíochta. Athbhreithníonn MAC cláir agus tosaíochtaí atá ann cheana féin chun a chinntiú go bhfuil siad ag freagairt d'fhorbairtí atá ag teacht chun cinn, déileálann MAC le ceisteanna gnó ag a bhfuil tionchar tras-rannach agus bíonn ról tábhachtach ag MAC maidir le riosca corparáideach a bhainistiú. Tá córas foirmiúil i bhfeidhm maidir le tarmligean do gach Leas-Rúnaí/Rúnaí Cúnta de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, agus tá tábhacht faoi leith ag baint le freagracht agus cuntasacht don Bhord. Áirítear leis na freagrachtaí, riosca a bhainistiú agus acmhainní rannáin a bhainistiú. Ina theannta sin, tá freagracht maidir le nithe áirithe a bhaineann le Bainistiú Acmhainní Daonna tarmligthe go foirmiúil ag an mBord chuig na Leas-Rúnaithe agus na Rúnaithe Cúnta mar ghrúpa.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Ceanglaítear ar na hoifigigh uile de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag leibhéal Phríomhoifigeach Cúnta agus níos airde, chomh maith le hoifigigh áirithe eile, a bhfuil baint acu le cinntí soláthair, Ráiteas Leasanna bliantúil a chur ar aghaidh faoi na hAchtanna seo. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an Leas-Rúnaí agus comhaltaí an Bhoird Deimhniú Imréitigh Cánach a chur ar aghaidh tráth nach déanaí ná naoi mí sula dtosaíonn siad ag obair nó tar éis dóibh tosú i mbun oibre.

Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse

Tá an Cód mar chuid de théarmaí agus coinníollacha seirbhíse gach uile Státseirbhíseach. Cuireann sé bonn taca faoi na rialacha reatha i go leor réimsí, lena n-áirítear Cód Eitice na gCoimisinéirí Ioncaim, agus leagann an Cód amach na príomhphrionsabail, na príomhchaighdeáin agus na príomhluachanna a theastaíonn ón Státseirbhís a bheith ann.

Úsáidtear deiseanna cuí le luachanna macántachta agus ionrachais a threisiú m.sh. an imlitir bhliantúil chun a mheabhrú don fhoireann faoina n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic, faisnéis a fhoilsiú ar chóras inmheánach Idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim, foilsiú le linn 2006 de Pholasaí athbhreithnithe Idirlín agus Ríomhphoist na gCoimisinéirí Ioncaim agus Polasaí Slándála agus Rúndachta na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú)

Tugann Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 freagracht do gach Ard-Rúnaí/Ceann Oifig Sceidealta, de réir mar is cuí ó thaobh údaráis, as bainistiú a dhéanamh ar gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht, le hiompar agus le haraíonacht na státseirbhíseach faoi leibhéal an Phríomhoifigigh. (Is iad Airí agus Rialtas fós atá mar údarás cuí maidir le státseirbhísigh ag an bPríomhleibhéal nó níos airde). Tháinig an tAcht (a thugann cumhachtaí dífhostaithe chomh maith d'Ard-Rúnaithe/Cinn Oifigí Sceidealta d'fhoireann faoin bPríomhleibhéal) agus Cód Araíonachta na Státseirbhíseach athbhreithnithe in éifeacht an 4 Iúil 2006. Tá feidhm ag na Rialacháin sin agus ag an gCód ar fud na Státseirbhíse. Sna Coimisinéirí Ioncaim, tá nósanna imeachta lárnaithe ar bun chun dul i ngleic le haon cheist a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Tá treoirlínte bainistíochta iompair chun bonn taca a chur faoin gCód á n-ullmhú chun an bhainistíocht agus an fhoireann áitiúil a éascú agus meastar go leathfar amach na treoirlínte le linn 2007. Tabharfaidh na treoirlínte sin tacaíocht do chineachadh gnéithe fheidhmeanna acmhainní daonna go bainistiú líne áitiúil agus cabhróidh siad le cleachtas acmhainní daonna a nuachóirú sna Coimisinéirí Ioncaim.

An Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC)

1 **Frank Daly**
Cathaoirleach

2 **Josephine Feehily**
Coimisinéir

3 **Michael O'Grady**
Coimisinéir



4 **Niamh O'Donoghue**
Rúnaí Cúnta
Acmhainní Daonna

5 **Niall Cody**
Rúnaí Cúnta
Cánacha Indíreacha

6 **Denis Graham**
Rúnaí Cúnta
Réigiún an Oirthir
agus an Oirdheiscirt

7 **Eamonn O'Dea**
Rúnaí Cúnta
Beartas Dírchánacha agus
Reachtaíochta

8 **Bobby Harrington**
Rúnaí Cúnta
An Réigiún Teorann,
Lár-Tíre agus Iarthair

9 **Liam Ryan**
Rúnaí Cúnta
Theicneolaíocht
Chumarsáid an Eolais agus
Gnólachta Leictreonaigh

10 **Norman Gillanders**
Rúnaí Cúnta
Luacháil agus Polasaí
Oibríochtaí

11 **Gerard Harrahill**
Rúnaí Cúnta
An tArd-Bhailitheoir

12 **Tony Buckley**
Rúnaí Cúnta
Réigiún an Iardheiscirt

13 **John Leamy**
Rúnaí Cúnta
Réigiún Bhaile
Átha Cliath

14 **Paddy Donnelly**
Rúnaí Cúnta
Imscrúduithe agus
Ionchúisimh

15 **Sean Moriarty**
Rúnaí Cúnta
Cásanna Móra

16 **Frank Mullen**
Rúnaí Cúnta
Idirnáisiúnta agus
Léiriúchán Cánacha
Díreacha

17 **Liam Irwin**
Leas Rúnaí
Pleanáil Straitéiseach

18 **Frances Cooke**
Aturnae Ioncaim

19 **Liam Hennessy**
Rúnaí Cúnta
Toinscadal Reachtaíocht

20 **Eamonn Fitzpatrick**
Rúnaí Cúnta
Custam

Athruithe sa Bhainistíocht Shinsearach

Tar éis comórtas arna reáchtáil ag an gCoimisiún um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), cheap an tAire Airgeadais Niall Mac Oda Rúnaí Cúnta an 1 Bealtine 2007.Shann Bord na gCoimisinéirí Ioncaim an tUasal Mac Oda chuig an Cánacha Indíreacha.

Aguisín

Táblaí Staitistiúla

Tábla TR1: Ollfháltais agus Diúscairt, Bliain 2006

Ollfháltais	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2006		*- 243,884,992*
Ollfháltais Dleachtanna:		
Custaim (lena n-áirítear €770,280.47 de Thobhaigh Talmhaíochta)	260,739,312	
Mál	5,833,978,412	
Cáin Fháltas Caipitiúil	354,817,898	
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	3,134,122,710	
Dleachtanna Stampa	3,674,511,310	
Cáin Mhaoine Cónaithe	228,278	
Cáin Ioncaim	15,449,609,156	
Cáin Chorparáide	7,270,703,534	
Cáin Bhreisluacha	17,808,990,522	53,787,701,133
Ollfháltais Airgid a fuarthas agus a bailíodh thar ceann Ranna eile (lena n-áirítear Stampaí Táille, €622,339)		8,542,236,958
		62,086,053,099

Tábla TR1: Ollfháltais agus Diúscairt, Bliain 2006 (ar lean)

Ollfháltais	€	€
Aisíocaíochtaí		
Custaim	5,979,822	
Mál	137,570,797	
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	11,607,185	
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	34,891,005	
Dleachtanna Stampa	42,446,601	
Cáin Mhaoine Cónaithe	264,372	
Cáin Ioncaim	3,074,848,970	
Cáin Chorparáide	586,091,751	
Cáin Bhreisluacha	4,357,582,632	8,251,283,135
Íocaíochtaí leis an Státchiste		
Custaim	256,829,000	
Mál	5,588,897,000	
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	352,696,000	
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	3,099,933,000	
Dleachtanna Stampa	3,716,501,000	
Cáin Mhaoine Cónaithe	-36,000	
Cáin Ioncaim	12,389,939,000	
Cáin Chorparáide	6,683,247,000	
Cáin Bhreisluacha	13,447,991,000	45,535,997,000
Íocaíochtaí le Ranna eile agus thar ceann Ranna eile i ndáil le hAirgead a bailíodh thar a gceann (lena n-áirítear €646,830 leis an Státchiste i ndáil le Stampaí Táille agus €167,605,000 de Thobhach Tobac) lúide slánú €1		8,702,690,342
Iarmhéid 31 Nollaig, 2006		-403,917,377
		62,086,053,099

Tábla TR2: Glanfháltais 2006

Bliain	2006 €	2005 €	2004 €	2003 €
Custaim	253,989,209	225,518,291	173,458,071	136,078,046
Mál	5,696,407,616	5,390,982,592	5,066,364,601	4,735,958,026
Cáin ar Fháltais Chaipitiúla	343,210,713	249,137,659	190,058,657	213,335,365
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla	3,099,231,705	1,981,975,984	1,527,784,587	1,435,682,894
Stampaí	3,632,064,709	2,673,184,913	2,069,673,116	1,664,394,332
Cáin Mhaoine Cónaithe	-36,094	360,520	381,641	403,871
Cáin Ioncaim	12,374,760,186	11,339,493,828	10,695,063,533	9,156,189,902
Cáin Chorparáide	6,684,611,784	5,503,243,749	5,335,003,555	5,155,445,935
Cáin Bhreisluacha	13,451,407,890	12,125,442,904	10,716,801,471	9,715,565,146
Tobhaigh Talmhaíochta	770,280	721,613	886,093	773,697
Iomlán	**45,536,417,999**	**39,490,062,053**	**35,775,475,325**	**32,213,827,214**

Glanfháltais 2006



- 1% Custaim (lena n-áirítear Tobhaigh Talmhaíochta)
- 12% Mál
- 1% Cáin ar Fháltais Chaipitiúla
- 7% Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla
- 8% Stampaí
- 27% Cáin Ioncaim
- 15% Cáin Chorparáide
- 29% Cáin Bhreisluacha

Tábla TR3: Glanfháltais mar chéatadán den OTI

Bliain	OTI* €	Glanfháltais €	Glanfháltais mar % den OTI
1998	75,723,369,783	20,185,678,455	26.7%
1999	87,677,953,792	23,448,785,633	26.7%
2000	102,911,001,519	27,215,040,642	26.4%
2001	115,437,000,000	28,002,880,400	24.3%
2002	129,692,000,000	29,265,288,289	22.6%
2003	131,922,000,000	32,213,827,214	24.4%
2004	146,279,000,000	35,775,475,325	24.5%
2005	160,322,000,000	39,490,062,053	24.6%
2006	175,795,000,000	45,535,649,000	25.9%

* *Foinse: CSO, An Roinn Airgeadais. Méid na hOlltáirgeachta Intíre, mar a tuairiscíodh é sa bhliain ábhartha.*

Tábla TR4: Ollfháltais Ioncaim agus Costas Riaracháin

Bliain	Ollfháltais €m	Costas Riaracháin €m	Costas mar Chéatadán d'Ollfháltais
1998	22,813.1	223.1	0.98%
1999	26,532.5	233.0	0.88%
2000	30,740.7	250.1	0.81%
2001	32,422.8	290.4	0.90%
2002	34,207.6	325.6	0.95%
2003	37,579.7	341.8	0.91%
2004	41,629.2	358.6	0.86%
2005	45,523.4	378.9	0.81%
2006	53,787.9	416.5	0.77%

Costas Riaracháin mar % d'Ollfháltais 0.77%



Tábla TR5: Costas Riaracháin (príomh-mhíreanna) 2006

Seirbhís	€'000
Tuarastail, Pá & Liúntais	261,363
Ríomhaire & Trealamh Oifige	25,751
Post & Teileachumarsáid	12,740
Costais Aoisliúntais	39,265
Seirbhís tugtha ag Oifig na nOibreacha Poiblí	26,566
Ilghnéitheach	50,803
Iomlán	**416,488**

Tábla IT2: Cáin Ioncaim[1] – Fáltas Státchiste agus Ollfháltas 2001-2006

Bliain	Fáltais Státchiste	Glanfháltais
	€	€
2001	9,346,872,127	9,318,771,248
2002	9,074,601,000	8,978,899,850
2003	9,161,767,000	9,156,189,902
2004	10,650,541,000	10,695,063,533
2005	11,266,298,000	11,339,493,828
2006	12,389,939,000	12,374,760,186

[1] Tobhach Ioncaim san áireamh

Cairt IT2: Fáltais Státchiste agus Glanfháltais



Tábla IT3: Íoc Mar A Thuillir[1] – Ollfháltais agus Glanfháltais: 2001-2006

Bliain	Ollfháltais (ÍMAT) €	Glanfháltais (ÍMAT) €
2001	7,666,663,392	7,280,139,238
2002	7,647,987,300	6,725,344,708
2003	8,302,875,508	7,209,281,704
2004	9,297,933,457	8,111,015,654
2005	9,967,146,923	8,637,443,677
2006	10,777,020,204	9,388,546,767

[1] Íoctar beagán de Cháin Sceidil É (tuairim is €153 milliún sa bhliain 2004) ar shlí eile seachas trí Íoc Mar A Thuillir. Níl na mionsonraí beachta a bhaineann leis an méid sin ar fáil.

Cairt IT3: Íoc Mar A Thuillir



Tábla CT1: Cáin Chorparáide – Fáltais Státchiste agus Glanfháltais: 2001-2006

Bliain	Fáltais Státchiste €	Glanfháltais €
2001	4,156,049,540	4,143,902,915
2002	4,803,465,000	4,803,749,448
2003	5,161,370,000	5,155,445,935
2004	5,331,596,000	5,335,003,555
2005	5,491,687,000	5,503,243,749
2006	6,683,247,000	6,684,611,784

Cairt CT1: Cáin Chorparáide – Glanfháltais



Tábla CGT1: Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla – Fáltais Státchiste agus Glanfháltais

Bliain	Fáltais Státchiste €	Glanfháltais €
2001	880,338,614	875,579,814
2002	627,340,000	618,986,101
2003	1,442,820,000	1,435,682,894
2004	1,515,555,000	1,527,784,587
2005	1,959,659,000	1,981,975,984
2006	3,099,933,000	3,099,231,705

Cairt CGT1: Cáin ar Ghnóthachain Chaipitiúla: Fáltais Státchiste agus Glanfháltais



Tábla CAT1: Cáin Fháltas Caipitiúil – Fáltais Státchiste agus Glanfháltais: 2001-2006

Bliain	Fáltais Státchiste €	Glanfháltais €
2001	168,767,237	167,758,371
2002	150,206,000	150,889,067
2003	214,167,000	213,335,365
2004	190,064,000	190,058,657
2005	248,912,000	249,137,659
2006	352,696,000	343,210,713

Cairt CAT1: Glanfháltais – Cáin Fháltas Caipitiúil



Tábla SD1: Aicmiú Glanfháltas i 2006

	2006 €
Talamh & Maoin	2,989,442,013
Stoic, Scaireanna etc	406,188,902
Dleacht Caipitil Cuideachtaí	5,927,854
Seiceanna, Billí Malairte etc	120,749,893
Árachas & Ilghnéitheach	109,756,047
Tobhach Bainc	-
Iomlán	**3,632,064,709**

Table SD2: Staitisticí eile maidir le Dleachtanna Stampála sa sé bliana dar críoch 2006

	2001	2002	2003	2004	2005	2006
Líon na stampaí Féinmheachta múnlaithe múnlaithe Díolachán agus Léasanna tailte	30,650	29,306	31,342	30,660	32,890	34,165
Líon stampaí na Sonraí Seachadta múnlaithe	125,428	128,419	151,185	169,060	183,879	202,632

Tábla SD3: Glanfháltais táillí a bailíodh trí Stampaí

	2006 €
Clárú Cuideachtaí	20,731
Eadráin Oifigiúil	46,435
Clárú Gníomhas	555,024
Iomlán	**622,191**